



Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais 2025

Clár na nÁbhar

Maidir le ÚNI	8
Daoine agus Eagraíocht	10
Pleanáil Iompair	18
Seirbhísí Iompair	22
Aeráid agus Inbhuanaitheacht	32
Custaiméir ar dTús	39
Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara	47
Bonneagar Iompair	53
Rialachán Iompair	63
Gluais Téarmaí agus Acrainmneacha	69
Financial Statements	73



Ón gCathaoirleach

In 2025, bhí bliain shuntasach, áit a ndearnadh dul chun cinn arís ag ÚNI, agus é ag tacú le líonra iompair phoiblí inar freastalaíodh ar an líon paisinéirí ba mhó riamh agus na pleananna agus na hinfheistíochtaí a bhfuil gá leo le haghaidh chóras iompair na hÉireann amach anseo. á gcur chun cinn aige. Rinneadh breis agus 363 milliún turas paisinéara ar sheirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí le linn na bliana, rud a léiríonn an tábhacht leanúnach a bhaineann le hiompar poiblí chun pobail a cheangal, tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus roghanna taistil níos inbhuanaithe a chur ar fáil.

Dul chun cinn agus comhpháirtíocht straitéiseach

Lean an Bord de mhaoirseacht a dhéanamh ar chlár suntasach oibre ar fud iompar poiblí, taisteal gníomhach, bonneagar mór agus rialaithe. Le linn na bliana, baineadh garspriocanna tábhachtacha amach ar MetroLink, DART+ an Chósta Thuaidh, Luas Fhionnghlaise agus BusConnects Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear faomhadh na 12 scéim Croíchonaire Bus go léir. Céimeanna móra i dtreo líonra iompair atá níos comhtháite, níos inrochtana agus níos inbhuanaithe don Stát is ea na forbairtí sin.

Bhíothas in ann an scála seachadta a bhaint amach in 2025 de bharr comhoibriú láidir leis an Roinn Iompair, oibritheoirí iompair phoiblí, Bonneagar Iompair Éireann, údaráis áitiúla, an Coimisiún Pleanála, grúpaí comhairleacha agus go leor páirtithe leasmhara eile. Ba léir an cur chuige comhpháirtíochta sin ó cheann ceann na bliana, ó thionscadail mhóra agus infheistíocht bhus réigiúnach a chur chun cinn, go freagairt ar dhúshláin oibríochtúla, lena n-áirítear athsholáthar Dhroichead Dhuga Sheirse tar éis tine i mí Lúnasa a chuaigh i bhfeidhm ar Líne Dhearg Luas.

Chuir an Bord fáilte freisin roimh dhul chun cinn leanúnach ar shábháilteacht agus slándáil paisinéirí, lena n-áirítear réamhanailís ÚNI ar an bhFórsa Slándála Iompair atá beartaithe ag an Rialtas agus teagmháil leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara amhail an Garda Síochána. Cuid lárnach d'obair ÚNI is ea fós a chinntiú go mothaíonn paisinéirí sábháilte agus muiníneach agus iad ag úsáid an líonra.

Chomh maith le pleanáil bonneagair agus seirbhíse, lean an Bord de thacú le bearta lena bhfeabhsaítear inacmhainneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht. Áiríodh leo siúd tionscnaimh táille, infheistíocht leanúnach i dtaisteal gníomhach, tacaíocht do shoghluaisteacht tuaithe trí Éire a Nascadh agus trí Nasc Áitiúil agus bearta breise chun earnáil na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí a neartú.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, na hAirí Stáit agus na hoifigigh sa Roinn Iompair as a dtacaíocht leanúnach i rith na bliana. Aithním freisin ról tábhachtach an mhaoinithe ón Státchiste chun seirbhísí OSP a choinneáil agus a leathnú, tacú le bearta táille agus freagairt ar chostais oibriúcháin atá ag ardú.

Gabhaim buíochas le mo chomhchomhaltaí Boird as a dtiomantas agus as an méid a rinne siad ó cheann ceann na bliana 2025, lena n-áirítear iad siúd atá ar Fhochoistí an Bhoird. Gabhaim buíochas ar leith le Ann Fitzgerald, Frank O'Connor agus Pat Mangan, ar tháinig a dtéarmaí chun deiridh i mí Mheán Fómhair 2025, agus guím gach rath orthu amach anseo.

Gabhaim buíochas freisin leis an gCoiste Comhairleach um FBSPanna, Grúpa Comhairleach na nÚsáideoirí Iompair, údaráis áitiúla, oibritheoirí agus gach comhpháirtí a rinne teagmháil leis an mBord agus leis an eagraíocht níos leithne le linn na bliana. Tacaíonn a léargas agus a saineolas fós le cinnteoireacht níos fearr agus torthaí níos láidre d'úsáideoirí iompair.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhúthracht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin eatramhaigh, fhoireann ÚNI agus na gcomhpháirtithe seachadta níos leithne a d'oibrigh le gairmiúlacht agus le tiomantas ó cheann ceann na bliana, bliain a bhí deacair agus táirgiúil. Bhí áthas ar an mBord fáilte a chur roimh Anne Shaw mar Phríomhoifigeach i mí na Samhna 2025 agus tá sé ag súil le hoibriú léi de réir mar a leanann ÚNI de bhaint amach ar son paisinéirí, pobal agus an Stáit.



Peter Strachan, Cathaoirleach



Forbheathnú an Phríomhfheidhmeannaigh

Bhí an-áthas orm a bheith mar chuid de ÚNI mar Phríomhoifigeach ag deireadh 2025, tráth a raibh móiminteam láidir ann le haghaidh na heagraíochta agus iompar inbhuanaithe in Éirinn. Le linn na bliana, léiríodh scála an éilimh phoiblí ar roghanna iompair níos fearr agus cumas ÚNI, agus é ag obair lena chomhpháirtithe, feabhsuithe fiúntacha a bhaint amach do phaisinéirí agus do phobail.

Fócas lárnach ab ea seachadadh oibríochtúil in 2025. D'oibrigh ÚNI go dlúth le hoibritheoirí chun feidhmíocht agus iontaofacht na seirbhíse a choinneáil agus a fheabhsú ar fud Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus áiteanna eile, agus acmhainn á leathnú freisin trí sheirbhísí nua agus feabhsaithe ag an am céanna. Leis an gclár, Éire a Nascadh, seachadadh 36 bealach tuaithe nua nó feabhsaithe, agus tugadh beagnach 7 milliún paisinéir ar Nasc Áitiúil TFI faoi dheireadh na bliana, rud a d'fheabhsaigh rochtain ar obair, oideachas, cúram sláinte, seirbhísí agus deiseanna sóisialta.

I mBaile Átha Cliath, rinneadh dul chun cinn suntasach trí Athdhearadh Líonra BusConnects, agus seoladh Droim E agus Droim F i mí Eanáir agus i mí Dheireadh Fómhair faoi seach. Leanadh le planáil bhreise le haghaidh athdhearaí líonra BusConnects i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, mar aon le hullmhú do sheirbhísí baile nua agus d'fheabhsuithe ar fud an líonra bus i gcoitinne.

Tá aistriú flít mór ag tacú leis an bhfás sin. Faoi dheireadh 2025, áiríodh le líonra TFI 364 bus uirbeach ceallra-leictreach, agus rinneadh dul chun cinn ar leictriúchán iosta breise i mBaile Átha Cliath, Luimneach agus Gaillimh. Seachadadh carráistí nua DART freisin agus cuireadh tús le tástáil, agus táthar ag súil go rachaidh na chéad 65 carráiste traenach ceallra-leictreach i mbun seirbhíse ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Droichead Átha in 2027. Tacóidh na hinfheistíochtaí sin le gníomhú ar son na haeráide, aer níos glaine agus córas iompair níos inbhuanaithe.

Bhí ról tábhachtach ag bearta táille fós maidir le tacú le húsáid agus le hinacmhainneacht iompair phoiblí. Coimeádadh an laghdú 20% ar tháillí ar sheirbhísí OSP, tugadh isteach criosanna comaitéara nua Chathair Bhaile Átha Cliatha agus Bhaile Átha Cliath agus leathnaíodh taisteal saor ar sheirbhísí TFI do leanaí atá cúig bliana go hocht mbliana d'aois le Cárta Linbh Leap TFI. Rinneadh dul chun cinn freisin ar an obair ar bheartas táillí Chorcaí, lena n-áirítear tabhairt isteach na táille 90 nóiméad atá beartaithe i gCathair Chorcaí in 2026.

Bhain ÚNI amach go láidir freisin ar fud taisteal gníomhach agus inrochtaineachta. In 2025, leithdháileadh €296 milliún ar údaráis áitiúla le haghaidh tionscadail Taistil Ghníomhaigh, agus faoi dheireadh na bliana, seachadadh 1,075 ciliméadar de bhonneagar nua nó uasghrádaithe, rud a sháraigh an sprioc 1,000 ciliméadar a leagadh síos faoi Phlean Forbartha Náisiúnta 2021. Leis na tionscadail sin, soláthraítear roghanna níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos inrochtana do phobail ar fud an Stáit.

Leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh freisin in earnáil na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Phoiblí. Le linn 2025, eisíodh 1,893 ceadúnas tiomána FBSP, tháinig méadú 25% ar líon na FBSPanna atá leictreach go hiomlán go 3,306 agus faomhadh 519 deontas um Fheithiclí atá Oiriúnach do Chathaoirí Rothaí. Tá na bearta sin ag tacú le hearnáil tacsáí agus hacnaí atá níos sábháilte, níos inrochtana agus níos inbhuanaithe.

Ag breathnú chun cinn, is bunús láidir é an dul chun cinn a rinneadh in 2025 le haghaidh seachadta sna blianta amach romhainn. Tá tionscadail chaipitil mhóra ag dul ar aghaidh i dtreo na chéad chéimeanna eile de sholáthar agus de chur chun feidhme, tá Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile ag dul ar aghaidh i dtreo bailíochtóirí nua ó 2027 ar aghaidh agus íocaíochtaí gan tadhall i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ó 2028 ar aghaidh agus tacóidh leathnú leanúnach na seirbhísí le níos mó daoine a roghnóidh iompar inbhuanaithe.

Ba mhaith liom fíorbhuíochas a ghabhail le foireann ÚNI as a ndúthracht, a ngairmiúlacht agus a dtiomantas ó thús deireadh 2025. Gabhaim buíochas freisin lenár n-oibritheoirí iompair phoiblí, údaráis áitiúla, Bonneagar Iompair Éireann, oibritheoirí ar conradh, grúpaí comhairleacha agus na comhpháirtithe go léir a oibríonn linn chun torthaí iompair níos fearr a bhaint amach. Tá a gcomhiarrachtaí ina gcuid lárnach de ghaiscí ÚNI agus d'fheabhsú leanúnach iompair inbhuanaithe ar fud na hÉireann.

Mar Phríomhoifigeach nuacheaptha, chuaigh an saineolas, an uailmhian agus tiomantas do sheirbhís phoiblí ar fud na heagraíochta agus i measc ár gcomhpháirtithe i bhfeidhm orm. Táim ag súil le cur leis an obair mhaith a rinneadh in 2025 de réir mar a leanfaimid de sheirbhísí a fheabhsú, acmhainn a leathnú agus tacú le pobail atá níos ceangailte, níos inrochtana agus níos inbhuanaithe.



Anne Shaw, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Príomhfhorbairtí agus Príomhéachtaí 2025

Osclaíodh stáisiún
DART Shruthán
na Coille i mí
Lúnasa 2025



Seoladh Dromlach
E agus Dromlach
F BusConnects
Bhaile Átha Cliath



Iarratas ar
Ordú Iarnróid
ceadaithe le
haghaidh Luas
Fhionnghlaise

LUAS



Iarratas ar Ordú
Iarnróid ceadaithe
le haghaidh DART+
an Chósta Thuaidh



Iarratas ar Ordú
Iarnróid ceadaithe
le haghaidh
Metrolink

An t-iarratas pleanála
do Chonair Iompair
Bhóthar Bhaile Átha
Cliath ceadaithe ag
ACP i mí Dheireadh
Fómhair 2025 do
BusConnects na
Gaillimhe



Seoladh Seirbhís
Bus Bhaile Phort
Laoise



124

bus leictreach lánfheidhmiúil
curtha i mbun seirbhíse faoi
BusConnects Bhaile Átha
Cliath



Tugadh na **3**
fhaomhadh
dheireanacha
do Scéimeanna
Croíchonairí Bus
in 2025



Tugadh Córas
airgeadais nua isteach




Méadú **25%**
ar líon na bhfeithiclí
lánleictreacha i bhflít
FBSP



Eisíodh **1,368**
ceadúnas nua
FBSP

Soláthraíodh **36**
bealach bus nua
nó feabhsaithe
faoin bPlean
Soghluaisteachta
Tuaithe Éire



Maidir le ÚNI



Cuspóir agus Feidhm

Is comhlacht Stáit reachtúil neamhthráchtála é ÚNI, a bhíonn ag feidhmiú faoi stiúir na Roinne Iompair.

Baineann sainchúram ÚNI go príomha le pleanáil, forbairt agus maoiniú modhanna iompair inbhuanaithe, is é sin iompar poiblí, rothaíocht agus siúl, ar bhonn náisiúnta. Cuimsíonn sainchúram ÚNI freisin rialáil seirbhísí bus poiblí tráchtála chomh maith le hearnáil na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí agus clampáil feithiclí.

Bainistíonn ÚNI an clár infheistíochta caipitiúla go náisiúnta maidir le hiompar poiblí agus taisteal gníomhach, maoiniú oibritheoirí iompair, údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile do thionscadail cheadaithe thar ceann na Roinne Iompair.

Is é ÚNI an t-údarás freisin do na trí mhórhionscadal iompair phoiblí a fhaigheann tacaíocht ón bPlean Forbartha Náisiúnta reatha 2021 – 2030. Is iad sin;

- › **BusConnects Bhaile Átha Cliath**
- › **MetroLink**
- › **Clár DART+**

Áirítear ar shainchúram ÚNI freastal ar an éileamh ar sheirbhísí iompair inbhuanaithe ar fud na hÉireann chomh maith le bheith ag obair le páirtithe leasmhara chun astaíochtaí carbóin ó thaobh an iompair de a laghdú.

Reachtaíocht Chumasúcháin

Bunaíodh ÚNI i mí na Nollag 2009 de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

Ceapadh ar dtús é mar údarás iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Mar sin féin, athainmníodh é ina dhiaidh sin mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, lenar leathnaíodh feidhmeanna ÚNI chun ceadúnú busanna agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí go náisiúnta a chlúdach.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, inar tugadh bunreachtaíocht nuashonraithe le chéile maidir le ceadúnú na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí agus tiománaithe agus a nuashonrú, agus leathnaíodh raon feidhme geografach roinnt feidhmeanna na heagraíochta go náisiúnta freisin.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, leathnaíodh tuilleadh cumhachtaí ÚNI lena chur ar a chumas fodhlíthe a dhéanamh lena rialaítear úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheonaithe áirithe ag paisinéirí.

Tháinig an tAcht um Theanntáil Feithiclí, 2015, lena dtugtar an fhreagracht do ÚNI as rialú na ngníomhaíochtaí clampála ar bhonn náisiúnta, i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2017.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag ÚNI freisin maidir le bonneagar agus comhtháthú na pleanála iompair agus úsáide talún i Mórchéantar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn riachtanais áirithe iompair phoiblí agus bainistíochta tráchta an réigiúin atá comhdhéanta de 40% de dhaonra an Stáit agus 43% d'fhostaíocht iomlán an Stáit de réir áit chónaithe.

Daoine agus Eagraíocht



Daoine agus Eagraíocht



+1%
ar líon na
bhfostaithe
baineann
(iomlán de 41%)

Foilsíodh an chéad
Phlean Straitéise
agus Gníomhaíochta
um Chomhionannas,
Éagsúlacht agus
Ionchuimsiú
2025-2027



Níos mó ná **30**
cúrsaí oiliúna
uile-eagraíochta
imheánacha



362
fostaí san iomlán,
agus an chuid
is mó acu ag
obair ar bhonn
hibrideach



Bunaíodh an Grúpa
Gaeilge – Grúpa
Comhairleach na
Gaeilge

Ról agus Rialachais

Bord ÚNI

Tá ÚNI faoi rialú ag Bord ar a bhfuil suas le dáréag comhaltaí arna gceapadh ag an Aire Iompair. Is poist ex officio iad trí cinn de na poist ar an mBord atá forchoimeáda don Phríomhfheidhmeannach agus do bhainisteoir sinsearach eile de chuid ÚNI, agus an Phríomhfheidhmeannas, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Féadfar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana agus féadfar iad a athcheapadh le haghaidh téarma eile, ar choinníoll nach rachaidh tréimhse iomlán a seirbhíse thar ocht mbliana. Ní bhaineann an srian seo leis na comhaltaí ex officio a bheidh ceaptha fad a bheidh an post ábhartha acu. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird a bhí i seilbh oifige ag deireadh na bliana:

Ár gComhaltaí Boird

Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2025;



Anne Shaw, POF
(comhalta ex officio)



Brian McCormick



Hugh Creegan, Leas POF
(comhalta ex officio)



Eleanor O'Neill



Iain Docherty



Richard Shakespeare, POF
Chomhairle Cathrach Bhaile
Átha Cliath (comhalta ex
officio)



Joyce Loughnan



Peter Strachan,
Cathaoirleach

Cathaoirleach an Bhoird


Cheap an tAire Iompair an tUasal Peter Strachan mar Chathaoirleach ÚNI ar an 11 Aibreán 2023.

Cothromaíocht Inscne ar an mBord

Sonraítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) sprioc íosta d'ionadaíocht de 40% a bheith ag gach inscne i mballraíocht na mbord stáit.

Ag deireadh 2025, bhí triúr comhaltaí baineann (37.5%) agus cúigear comhaltaí fireann (62.5%) ar an mBord.

Chuir ÚNI an Roinn Iompair ar an eolas faoin éagothroime inscne atá ar an mBord faoi láthair agus meastar go gcuirfidh an Roinn é sin san áireamh agus folúntais á líonadh amach anseo ar leibhéal chomhaltaí an Bhoird.



Ár nEagraíocht/Ár bhFoireann

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí 362 fostaí san iomlán ag ÚNI agus bhí formhór acu ag obair ar bhonn cumaiscthe/hibrideach. Reáchtáladh 46 comórtas earcaíochta ar an iomlán thar sheacht mbabhta earcaíochta in 2025 lenar clúdaíodh ról nua agus ról reatha. Bhí roinnt ball foirne conartha ag ÚNI freisin nach bhfuil fostaíthe go díreach ag obair chun cabhrú leis an eagraíocht a clár mór oibre a chomhlíonadh i ról ghnó/tacaíochta laethúla agus ar thionscadail mhóra araon.



Tábla 1 – Próifíl inscne na bhfostaithe amhail an 31/12/2025

2025 Fostaithe	Uimhreacha	Céatadán
Fireann	212	59%
Baineann	150	41%
Iomlán	362	100%

D'athraigh próifíl inscne na heagraíochta go dearfach le méadú 1% ar líon na bhfostaithe baineann in 2025. Is sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) atá na ról in ÚNI den chuid is mó fós. Is iad na príomhrudaí atá taobh thiar de phróifíl éagothrom inscne na heagraíochta ná leibhéil níos ísle rannpháirtíocht mná i ról teicneolaíochta agus innealtóireachta agus céatadán níos ísle de mhná atá ag gabháil do cháilíochtaí ETIM i gcoitinne. I measc na n-idirghabhálacha chun dul i ngleic leis an gceist sin, bhí deiseanna cóitseála a sholáthar do bhaill foirne chomh maith le hathbhreithniú ar phróisis earcaíochta agus ar bheartais AD. In 2025, ghlac ÚNI páirt don dara bliain i gClár Intéirneachta Múinteoirí ETIM de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) agus lean sé de thacaíocht a thabhairt do chlár Gnóthachtáil Shóisearach Éireann (GSÉ).

Tuairisciú ar an mBearna Pá Inscne

Ba é 12.79% meánbhearna phá idir na hinscní in ÚNI, agus ba é 6.01% an bhearna airmheánach. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi seo inár dTuarascáil ar an mBearna Phá idir na hinscní.

Foghlaim agus Forbairt

Le linn 2025, cuireadh clár cuimsitheach tionscnamh Foghlama agus Forbartha ar fáil chun tacú le cumas eagraíochtúil agus le fás fostaithe. Soláthraíodh breis is 30 cúrsa oiliúna inmheánach ar fud na heagraíochta i raon leathan ábhar, lena n-áirítear Excel, bainistíocht daoine, gníomhú ar son na haeraíde, Béarla simplí, Saoráil Faisnéise (SF), feachtas ar mhíchumas agus oiliúint i scileanna agallaimh. Le tabhairt isteach agus leathnú an Chórais Bainistíochta Foghlama (CBF), bhíodhas in ann roinnt cúrsaí inmheánacha sainiúla do ÚNI a chur ar fáil. Soláthraíodh agus dearadh Clár Forbartha Ceannaireachta saincheaptha ÚNI in 2024 agus cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2025. Bainfidh an chéad rang céim amach i samhradh 2026. Seoladh oiliúint Ghaeilge ar fud na heagraíochta i rith na bliana, agus ghlac breis is 80 rannpháirtí páirt i ranganna ag leibhéal tosaitheoirí, meánleibhéal agus ardleibhéal. Leanadh leis an gClár Oiliúna do Chéimithe i gcomhpháirt le soláthraí oiliúna seachtrach, agus ghlac triúr céimithe páirt ann le linn 2025. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht d'fhostaithe rochtain a fháil ar oiliúint sheachtrach agus ar dheiseanna breisoideachais, chomh maith le páirt a ghlacadh in imeachtaí agus i gcomhdhálacha a bhaineann go sonrach leis an tionscal, chun forbairt ghairmiúil leanúnach agus rannpháirtíocht earnála a chinntiú.



Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC)

D'fhoilsigh ÚNI a chéad Straitéis agus Plean Gníomhaíochta CÉC don tréimhse 2025-2027 agus lean sé dá ghníomhaíochtaí CÉC a chur chun cinn le linn 2025, agus réimse leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí á gcur ar fáil faoin straitéis lenar ceiliúradh ár bhfoireann agus ár bhféiniúlacht, lenar cuireadh feachtas chun cinn, agus lenar neartaíodh ár gcomhthuiscint ar an gcuimsiú.

Ár bhFreagrachtaí Corparáideacha

Nochtaí Cosanta

Fuair ÚNI sé nochtadh chosanta in 2025 trí shé chumarsáid ar leith.

An Ghaeilge

Tá ÚNI fós tiomanta do sheirbhísí agus faisnéis a chur ar fáil i nGaeilge do dhaoine den phobal Gaeilge i rith 2025.

I mí an Mhárta 2025, bunaíodh Grúpa Comhairleach Gaeilge – Grúpa Gaeilge – chun cabhrú le comhghleacaithe maidir le cúrsaí Gaeilge. Is nasc é an Grúpa idir foireann Gaeilge ÚNI agus stiúrthóireachtaí agus aonaid ghnó éagsúla na heagraíochta. Cuirtear faisnéis, comhairle agus treoir ar fáil ón bhfoireann Gaeilge, agus cuirtear aiseolas agus taithí ón líne thosaigh ar aghaidh ó na stiúrthóireachtaí chuig an bhfoireann Gaeilge.

Tar éis iarratais ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, tá ÚNI páirteach i ngrúpa oibre a bhunaigh an tAire maidir le saincheisteanna teicniúla a eascraíonn as Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a thabhairt isteach.

D'oibrigh foireann Gaeilge ÚNI le comhghleacaithe go himheánach agus le hoibreacha iompair maidir le ceanglais Alt 9E d'Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021.

D'oibríomar go réamhghníomhach freisin chun feachtas ar na ceanglais Ghaeilge a mhéadú laistigh de ÚNI agus chun soláthar seirbhísí Gaeilge a chothabháil nó a fheabhsú sa chaoi sin. Mar shampla, d'oibrigh an fhoireann Gaeilge leis an bhfoireann Iompair Chliste atá Freagrach don Éileamh (ICFÉ) ar sheoladh rathúil TFI Anseo i nGaeilge agus i mBéarla araon, chomh maith le cruinniú leis an bhfoireann tionscadail TCGE maidir le ceanglais Ghaeilge. Lean monatóireacht ar fhógraíocht faoi Alt 10A den Acht agus cuireadh tuairisceán le haghaidh 2024 isteach don Choimisinéir Teanga.

D'oibríomar chun gearáin agus saincheisteanna faoin nGaeilge a chuir An Coimisinéir Teanga chugainn, chomh maith le fiosruithe agus gearáin faoin nGaeilge a ardaíodh go díreach le ÚNI / Transport for Ireland, a réiteach chomh tapa agus ab fhéidir. Táimid ag obair lena chinntiú go réitítear na saincheisteanna a ardaíodh sna gearáin agus go bhfoghlaimimid ó na gearáin a fuarthas.

Cosaint Sonraí

Le linn 2025, lean ÚNI dá chreat cosanta sonraí agus dá chultúr eagraíochtúil a neartú chun a chinntiú go gcomhlíonfaí RGCS agus reachtaíocht ghaolmhar go leanúnach. Le forbairt na dteicneolaíochtaí digiteacha, tá fócas ÚNI leathnaithe freisin chun úsáid fhreagrach, eiticíúil agus chomhlíontach teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh, faoi RGCS agus faoi reachtaíocht infheidhme eile araon.

Tá cultúr láidir comhlíonta agus rialachais i réim san eagraíocht maidir le cosaint sonraí. Tugadh tuilleadh tacaíochta dó sin i rith na bliana trí obair leanúnach líonra Curaidh Sonraí ÚNI. Agus é ag feidhmiú ar fud aonaid ghnó, bhí ról lárnach ag an líonra i bprionsabail cosanta sonraí a chur chun cinn agus i gcleachtais chomhlíonta a dhaingniú i ngníomhaíochtaí laethúla. Thacaigh an grúpa freisin le comhghleacaithe agus le bainisteoirí chun ceisteanna cosanta sonraí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu ag an gcéim is luaithe de thionscnaimh nua, chomh maith le tionscadail fós sa siúl.



Lean na Curaidh Sonraí de bheith ag comhoibriú go dlúth leis an bhFoireann Cosanta Sonraí. Chuir cruinnithe rialta den líonra deiseanna ar fáil chun eolas a roinnt, treochtaí comhlíonta a phlé, rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mheas agus cumas inmheánach maidir le cosaint sonraí a fhorbairt.

Thacaigh clár leanúnach feasachta agus oiliúna foirne ÚNI leis an obair sin freisin, agus leathnaíodh é tuilleadh in 2025.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)

In 2025, léirigh ÚNI seasamh láidir cibearshlándála, agus béim ar leith ar mhaoirseacht ar sholáthraithe tríú agus ceathrú páirtí. Chinntigh an eagraíocht go ndeachaigh gach soláthraí nua trí phróisis ionduchtaithe shlána, rud a d'éascaigh bainistiú agus oibriú éifeachtach córas criticiúil faoi rialuithe slándála cuimsitheacha.

Rinne feidhm Oibríochtaí Slándála ÚNI dul chun cinn suntasach i rith na bliana, agus tugadh tús áite do bhrath bagairtí, d'athléimneacht foirne, do bhainistiú teagmhas, do mheasúnuithe cibearshlándála ar phríomhthionscadail agus ar phríomhchórais, d'insamhlúcháin teagmhas cibearshlándála agus d'athshlánú teagmhas. Cuireadh na tionscnaimh uile i gcrích i gcomhréir leis an dea-chleachtas faoin Dara Treoir NIS.



Chuir an foireann TFC an t-aistriú ar a seirbhís bhainistithe ó Eir Evo go Presidio i gcrích, rud a d'fhág go raibh tacaíocht deisce níos fearr, feidhmíocht fheabhsaithe sa deasc sheirbhíse, faireachán slándála níos láidre agus bainistiú níos éifeachtaí ar oibríochtaí TFC ann. Neartaigh an t-aistriú saoráideach sin, faoi stiúir creat conarthach láidir, iontaofacht agus freagrúlacht thimpeallacht TFC na heagraíochta go suntasach agus tacaíonn sé lena fás digiteach amach anseo. I rith na bliana, chuir an foireann TFC roinnt uasghráduithe suntasacha i bhfeidhm ar phríomhchórais agus rinne sí measúnú agus tástáil chórasach ar athléimneacht na mórardán uile.

Rinneamar maoirseacht ar sheasamh cibearshlándála na n-oibritheoirí iompair, agus chomhoibríomar leo chun a dtionscnaimh slándála a neartú. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag na hoibritheoirí uile maidir le cumas slándála agus tá siad ag glacadh leis an Treoir NIS 2 go réamhghníomhach.

Cinntíodh go raibh rialachas láidir bainistíochta tionscadal ar fud na mórthionscadal teicneolaíochta uile, lena n-áirítear na trí phríomhthionscadal teicneolaíochta agus go leor tionscnamh níos lú. Chuimsigh an creat dian rialachais sin maoirseacht mhionsonraithe, rianú struchtúrtha garspriocanna, bainistiú rioscaí agus próisis rialta athbhreithnithe, a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach ar feadh shaolré an tionscadail. Mar thoradh air sin, ní hamháin gur éascaigh na cleachtais sin cur i bhfeidhm tráthúil agus rathúil na teicneolaíochta in ÚNI, ach chuir siad feabhas freisin ar cháilíocht agus ar iontaofacht na dtorthaí a cuireadh ar fáil dár gcustaiméirí, agus thacaigh siad le claochlú digiteach leanúnach agus le barr feabhais oibríochtúil na heagraíochta.

Cuireadh straitéis um Intleacht Shaorga (IS) i bhfeidhm, agus cuireadh creat rialachais dhá shraith i bhfeidhm léi chun maoirseacht éifeachtach a chinntiú. Cuireadh CoPilot i bhfeidhm chun táirgiúlacht a fheabhsú ar fud na heagraíochta, agus cuireadh bearta cuimsitheacha rialachais sonraí i bhfeidhm ar SharePoint chun a chinntiú go n-úsáidfí é ar bhealach slán agus freagrach. Cuireadh oiliúint ar fáil ar fud na heagraíochta chun aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na rioscaí araon a bhaineann le IS. Ina theannta sin, tugadh faoi thionscnaimh cruthúnais luacha chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht IS a chomhtháthú inár n-oibríochtaí.

Cuireadh feabhas ar ár n-ardán faisnéise gnó (FG) chun comhtháthú réidh leis an gcóras nua bainistíochta airgeadais, le córas ticéadaithe Axio, le Cárta Aosach Óg (CAÓ), agus leis an treoirhionscadal íocaíochtaí gan tadhall don iompar tuaithe a éascú. Agus leas á bhaint againn as ardchumais Microsoft Fabric, chuireamar roinnt cásanna úsáide i bhfeidhm, agus béim ar leith ar thuairisciú comhlíonta tacsaithe agus ar anailís sonraí Sonraíochta Fotha Iompair Ghinearálta (SFIG). Cuireann úsáid Microsoft Fabric inscálaitheacht láidir, próiseáil sonraí shruthlínithe agus comhoibriú slán ar fáil, rud a chuireann feabhas suntasach ar ár sreafaí oibre anailísíochta. Ina theannta sin, tá roinnt deaiseanna curtha i bhfeidhm againn a thugann léargais chuimsitheacha ar astaíochtaí flít, ar éifeachtúlacht an líonra bus agus ar threochtaí brú tráchta, rud a thacaíonn le cinnteoireacht níos eolaí agus níos straitéisí.

Tá achtú an Dara Treoir NIS curtha siar agus táthar ag súil leis anois go luath in 2026. Tá foireann an Údaráis Náisiúnta Inniúil ag forbairt a cumais tuilleadh agus bíonn sí i dteagmháil go rialta le heintitis in Earnáil na mBóithre, chomh maith le comhoibriú leanúnach a dhéanamh leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, chun ullmhacht don chur chun feidhme a chinntiú. Ina theannta sin, ainmníodh ÚNI mar an tÚdarás Faireachais Margaidh don Acht um an Intleacht Shaorga ó 2025 agus déanfaidh sé maoirseacht ar eintitis ábhartha laistigh d'Earnáil na mBóithre. Tá ÚNI ag comhordú go gníomhach leis an Oifig Náisiúnta IS chun freagrachtaí a shoiléiriú agus na feidhmeanna riachtanacha a bhunú, agus tugtar faoi deara go bhfuiltear ag súil le forluí suntasach le sainordú an Dara Treoir NIS.

Go hachomair, rinne ÚNI dul chun cinn suntasach i réimse TFC i rith 2025, agus feabhsuithe suntasacha déanta ar chibearshlándáil, ar bhainistíocht tionscadal agus ar nuálaíocht teicneolaíochta. Mar thoradh ar an dul chun cinn sin, tá an eagraíocht i riocht maith chun freagairt go héifeachtach do riachtanais rialála atá ag athrú agus chun tacú le tionscnaimh claochlaithe d'igitigh amach anseo.

Pleanáil Iompair



Pleanáil Iompair



Críochnaíodh nó rinneadh dul chun cinn ar Phleananna Iompair Áitiúla (PIAnna) thar **25** lonnaithe ar fud an Stáit

45 aighneacht déanta maidir le Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach agus Pleananna Ceantair Áitiúla



21 aighneacht déanta i leith iarratas pleanála a bhaineann le cosaint conairí BusConnects, MetroLink, DART+, agus Luas



An Chéad Tuarascáil Faireacháin ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta do Straitéis Iompair Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath



Athbhreithniú déanta ar **146** iarratas pleanála, 61 aighneacht déanta

Tá ról ríthábhachtach ag comhtháthú éifeachtach na pleanála úsáide talún agus iompair i dtacú le spriocanna sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil. In 2025, lean ÚNI de bheith ag obair le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun pleananna, straitéisí agus uirlisí sonraí tacaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun infheistíocht amach anseo in iompar poiblí agus i dtaisteal gníomhach a threorú. Lean an fócas de bheith ar shoghluaisteacht inbhuanaithe, ar phleanáil chomhtháite úsáide talún agus ar chur i bhfeidhm éifeachtach mórtionscadal iompair.

Tionscnaimh Pleanála Iompair

I measc na bpríomhthionscnamh pleanála iompair a rinne ÚNI in 2025 bhí:

Plean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, arb é is cuspóir leis ná athruithe ar na socruithe iompair reatha a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh, atá riachtanach chun an fhís don chathair mar áit inbhuanaithe, dhinimiciúil agus chuimsitheach a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath. Éascaítear leis an bplean freisin cur i bhfeidhm Straitéis Iompair ÚNI do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 trí chreat níos mionsonraithe a sholáthar chun freastal ar líon i bhfad níos airde daoine atá ag taisteal isteach i lár na cathrach, go háirithe ar an traein, ar an mbus, ag rothaíocht agus ag siúl. Tar éis a fhoilsithe agus chur i bhfeidhm na gcéad eilimintí de in 2024, bhí cur i bhfeidhm breise faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath fós ina phríomhfhócas in 2025, agus lean na bearta a cuireadh i bhfeidhm in 2024 de laghduithe suntasacha idir 24–32% a bhaint amach ar amanna turais bus i limistéar lár na cathrach.



Staidéir agus Pleananna Iompair Áitiúla (PIÁnna): leagtar amach iontu an creat mionsonraithe le haghaidh infheistíocht in iompar poiblí, siúl agus rothaíocht do lonnaíochtaí. Déantar iad bunaithe ar an modheolaíocht a d'fhorbair ÚNI i gcomhar le BIÉ. In 2025, lean ÚNI de bheith ag comhoibriú le húdaráis Áitiúla (ÚÁnna) maidir le PIÁnna a ullmhú. Cuireadh PIÁnna i gcrích do Dhún Dealgan, An Gort, Cill Airne, Trá Lí agus an Muileann gCearr, agus leanadh de dhul chun cinn ar PIÁnna i mbreis is 20 lonnaíocht eile.



Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe: is pleananna straitéiseacha iad atá ceaptha chun soghluaisteacht uirbeach a fheabhsú, astaíochtaí a laghdú agus caighdeán na beatha a fheabhsú i gcathracha agus sna ceantair máguaird. I gcomhpháirt leis an Roinn Iompair agus leis an gCoimisiún Eorpach, bhunaigh ÚNI Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT) na bPleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUI) Náisiúnta. Cuirfidh an obair a dhéanfar trí OBT bonn eolais faoi nuashonrú na Straitéisí Iompair atá ann cheana, i gcomhréir le ceanglais PSUI an Choimisiúin Eorpaigh.



Aighneachtaí Pleanála

Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach agus Pleananna Ceantair Áitiúil: rinne ÚNI 45 aighneacht maidir le Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach agus Pleananna Ceantair Áitiúil. Is toradh iad na haighneachtaí sin ar rannpháirtíocht mhionsonraithe le húdaráis Áitiúla, le hOifig an Rialálaí Pleanála agus le BIÉ le linn an phróisis déanta pleananna, chun comhtháthú na pleanála úsáide talún agus iompair a chinntiú.



Iarratais Phleanála agus Aighneachtaí: rinneadh athbhreithniú ar 146 iarratas

pleanála, agus rinneadh 61 aighneacht. Chuimsigh siad sin forbairtí beaga inlfonta ar scéim Príomhchonaire Bus de chuid BusConnects, forbairtí móra cónaithe agus mórtóggraí bonneagair amhail Máistirphlean Chuan Laistigh na Gaillimhe, chomh maith le rannpháirtíocht réamhphleanála maidir le láithreáin shuntasacha forbartha i gceantair amhail an Port Thoir, Belcamp agus Cluain Ghrífin.

Chun **infheistíocht iompair amach anseo a chosaint**, bhain 21 de na haighneachtaí a rinneadh maidir le hiarratais phleanála le conairí BusConnects, MetroLink, DART+ agus Luas a chosaint, lena n-áirítear idirghabhálacha tábhachtacha maidir le tograí móra forbartha i mBaile Átha Cliath (Fionnghlas, Sord) agus i gCorcaigh (Machain).

Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide: rinne ÚNI dul chun cinn suntasach maidir lena chéad **Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta** a fhorbairt, ina leagtar amach gníomhaíochtaí ar mhaithe le gnáthóga, nascacht, oiriúnú don aeráid agus feabhsú na bithéagsúlachta ar fud cláir iompair.

Ullmhaíodh an chéad **Tuarascáil Faireacháin ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta** do Straitéis Iompair Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath, ina ndearnadh measúnú ar dhul chun cinn trí úsáid a bhaint as táscairí comhshaoil agus inar sainaithníodh réimsí ina bhféadfaí faireachán a fheabhsú.

Sonraí, Réamhaisnéisiú agus Anailís Spásúil: mar chuid den **Athbheithniú Náisiúnta Réamhaisnéise**, rinneadh dul chun cinn mór maidir le sonraí daonra, fostaíochta agus oideachais amach anseo a bhailiú agus a iniúchadh ó na 31 údarás áitiúil go léir.

Samhaltú Iompair

In 2025, cuireadh an obair ar an gCóras Samhaltaithe Réigiúnach a nuashonrú i gcrích, agus rinneadh uasghráduithe ar shamhaltú Páirceála agus Taistil, iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta, an tsamhail fad-achair, lastais agus léiriú ar an éileamh taistil.

Baineadh úsáid as an gCóras Samhaltaithe Réigiúnach go dian do raon leathan tionscadal agus tionscnamh amhail MetroLink agus BusConnects. Le linn 2025, chuir an samhaltú a rinneadh anailís samhaltaithe dhíreach agus tacaíocht ar fáil le linn céimeanna réamh-indéantachta tionscadal agus clár, lena n-áirítear breithmheas scéimeanna agus forbairt cásanna gnó.

Áiríodh sa chlár bliantúil bailithe sonraí do 2025 na Suirbhéanna Náisiúnta Taistil Teaghlaigh, Suirbhéanna Tródaime Ilmhódacha Cathracha Réigiúnacha, agus an Daonáireamh Iarnróid Náisiúnta. Cuirtear sonraí mionsonraithe i láthair sna Suirbhéanna Náisiúnta Bliantúla Taistil Teaghlaigh, a foilsíodh ar shuíomh gréasáin ÚNI, maidir leis na turais uile a rinne an sampla ionadaíoch sa suirbhé. Seo a leanas na torthaí náisiúnta do 2025 i gcomparáid le 2024:

Cúiseanna leis an Turas (gan, Fill ar ais abhaile san áireamh)	2017*(%)	2022(%)	2023(%)	2024(%)	2025(%)
Obair/Gnó	28	20	20	21	21
Oideachas	23	19	18	19	17
Siopadóireacht	16	17	16	15	16
Sóisialta	14	18	20	18	19
Pearsanta	2	3	3	3	3
Gach ceann eile	17	24	23	23	24

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Scéim Bainistíochta Éilimh MCBÁC, lena mbainfear amach spriocanna Comhshaoil agus Aeráide Straitéis Iompair MCBÁC 2022-2042. Tá moill curtha ar thabhairt chun críche na dréacht-scéime mar gheall ar an gcomhordú riachtanach leis an Straitéis Náisiúnta um Bainistíocht Éilimh.

Lean ÚNI dá chomhoibriú maidir le samhaltú iompair, sonraí agus pleanáil iompair a fhorbairt le ranna agus gníomhaireachtaí ar phríomhthionscadail san earnáil.

Seirbhísí Iompair



Seirbhísí Iompair



Méadú beagnach
20 milliún ar líon
na bpaisinéirí ar sheirbhísí
bus agus iarnróid ar
chonradh (+6% ó 2024)

6.9 milliún
paisinéirí iompartha
ar Sheirbhísí Rialta
Tuaithe de chuid Nasc
Áitiúil TFI (+20% ó
2024)

Mhéadaigh ioncam faoi
€20 milliún
(+5.8% ó 2024)




Straitéis nua um
Tháillí Náisiúnta i
réigiún Bhaile Átha
Cliath lena ndéantar
'Crios Chathair
Bhaile Átha Cliath'
a chur ar bhonn
foirmiúil



Cuireadh
síneadh le
taisteal saor in
aisce do leanaí
faoi **9** mbliana
d'aois



36 bealach bus
nua nó feabhsaithe i
gceantair thuaithe na
hÉireann tugtha isteach
ag Éire a Nascadh



Seoladh Dromlach E
agus Dromlach F

Is é an rud is mó atá i gceist le daoine a spreagadh chun an t-aistriú chuig iompar poiblí ná a chinntiú gur féidir linn eispéireas dearfach a sholáthar do chustaiméirí.

Leanadh le cur i bhfeidhm Éire a Nascadh, i rith 2025, agus tugadh isteach 36 bealach bus nua nó feabhsaithe i gceantair thuaithe na hÉireann. Chuireamar feabhas ar sheirbhísí bus do phobail ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath trí dhá chéim nua d'athdhearadh líonra BusConnects a thabhairt isteach, agus seoladh Dromlach E i mí Eanáir agus Dromlach F i mí Dheireadh Fómhair.


I measc conarthaí ÚNI le hoibritheoirí iompair poiblí chun seirbhísí bus agus iarnróid atá riachtanach ó thaobh na sochaí de ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh tráchtála de a sholáthar, tá íocaíochtaí le hoibritheoirí chun freastal ar fhíorchostas soláthair seirbhísí. Déantar cúiteamh leis na hoibritheoirí de réir a gconarthaí as na seirbhísí a sholáthar.

Líon na bPaisinéirí agus Ioncaim

Tháinig fás leanúnach ar úsáid seirbhísí iompair poiblí ar conradh in 2025.

Méadaíodh líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí conartha bus agus iarnróid faoi bheagnach 20 milliún (+6%) agus méadaíodh an t-ioncam dá thoradh sin faoi níos mó ná €20 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, go dtí os cionn €574 milliún.

Tábla 2 – Turais bhliantúla paisinéirí ar phríomhsheirbhísí conartha (na milliún)



^{1, 2, 3, 5}Cuirtear cúinsí ardaithe oibritheora i bhfeidhm ar fhormhór na sonraí idirbheart ticéad bus chun cuntas a thabhairt ar thaifeadadh neamhleor paisinéirí ag meaisíní ticéad

⁴Féach Tábla 4


⁶Baineann sonraí Go-Ahead Ireland le 25 bealach uirbeach i mBaile Átha Cliath, 5 bhealach réigiúnacha i gCill Dara, bealach 197 idir Sord agus Cill Dhéagláin agus bealaí W4 agus W6.

Difríocht (2025v2024) (na milliúin)



Tábla 3 – Ioncam paisinéirí le haghaidh seirbhísí conartha (na milliúin)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí Eile	Go Ahead Ireland	An Clár um Iompar Tuaithe	Iomlán
2019	230.6	94.5	233.8	81.0	1.4	17.1	3.3	661.7
2020	119.7	52.4	101.6	33.5	1.3	12.5	3.0	324.0
2021	125.2	53.8	100.1	32.9	1.4	13.5	3.3	330.2
2022	158.6	71.2	166.5	48.4	2.0	15.6	4.4	466.7
2023	166.2	78.8	191.6	56.7	2.8	21.2	6.4	523.7
2024	172.2	81.1	204.8	58.2	3.2	24.2	8.3	552.1
2025	175.7	83.6	215.2	56.9	4.4	28.3	10.1	574.2
Difríocht (2025v2024)	+3.5	+2.5	+10.4	-1.3	+1.2	+4.1	+1.8	+22.2



Táillí

In 2025, cuireadh an chéad chéim den Straitéis Náisiúnta Táillí nua i bhfeidhm i réigiún Bhaile Átha Cliath. Rinne sé sin ‘Crios Chathair Bhaile Átha Cliath’ nua a chur ar bhonn foirmiúil, crios a shíneann thart ar 23 km ó lár Bhaile Átha Cliath agus a chuimsíonn an limistéar bailíochta reatha do thaisteal le Cárta Leap TFI 90 (léirithe i bhFíor 1). Tugadh isteach leis freisin ‘Crios Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath’ nua, a shíneann ó imeall seachtrach Chrios Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí thart ar 50 km ó lár Bhaile Átha Cliath).

Fíor 1:



Tugadh isteach táirgí nua laethúla, seachtainiúla, míosúla agus bliantúla Leap, lena n-éascaítear taisteal ar fud limistéar comaitéireachta Bhaile Átha Cliath agus taisteal ilmhódach laistigh de ‘Chrios Chathair Bhaile Átha Cliath’. Leathnaíodh tairbhe Tháille 90 Nóiméad TFI freisin ionas gur féidir le paisinéirí iarnróid atá ag comaitéireacht go Baile Átha Cliath ó Chriosanna Comaitéireachta aistriú go seirbhísí Bus Chathair Bhaile Átha Cliath, Luas agus iarnróid incháilithe laistigh de 90 nóiméad ó thadhaill ar.

Coinníodh laghdú 20% an Rialtais ar tháillí mar bheart costais mhaireachtála in 2025, mar aon le hincháilitheacht scéim Chárta Aosach Óg a leathnú chun iad siúd nach sine ná 25 bliain d'aois a chuimsiú. Tugadh tuilleadh dreasachtaí táillí isteach in 2025, lena n-áirítear saorthaisteal a leathnú chuig leanaí faoi 9 mbliana d'aois agus cead a thabhairt do chompánaigh taisteal saor in aisce le paisinéirí Scéim Saorthaistil na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Seirbhísí Conartha Bus agus Iarnróid

Conarthaí Tairisceana Iomaíocha

Rinneadh dul chun cinn i soláthar agus i slógadh roinnt conarthaí suntasacha le linn 2025, amhail

- › Slógadh chonradh Limistéar Uirbeach Seachtrach Bhaile Átha Cliath (Thuaidh agus Theas) (LUSBÁC): sainathnódh Go-Ahead Ireland mar an tairgeoir tosaíochta agus eisíodh litir intinne chun conradh nua a dhéanamh.
- › Cuireadh tús le hoibriú Bhealach 245x Corcaigh-Baile Átha Cliath, arna oibriú ag Bus Éireann
- › Tar éis próiseas tairisceana, bronnadh conradh ar City Direct chun seirbhísí poiblí paisinéirí bus i gCill Chainnigh a sholáthar, lena n-áirítear feabhsuithe ar leibhéal seirbhíse agus cuireadh tús leis na hoibríochtaí i mí Iúil 2025.
- › Chuir ÚNI conarthaí amach ar tairiscint chun seirbhísí poiblí paisinéirí bus a sholáthar ar bhealach 310 i Luimneach, ar dhá bhealach sa Mhuileann gCearr agus ar dhá bhealach in Inis. Bronnadh an conradh do Bhealach 310 Luimnigh ar Bhus Éireann. Bronnadh an conradh chun seirbhísí bus bhaile an Mhuilinn Chearr a oibriú ar Bernard Kavanagh and Sons. Bronnadh an conradh chun seirbhís bus bhaile na hInse a oibriú ar City Direct Bus Limited.

Cinntí OSP

I gcás ina gcuireann oibritheoir ceadúnaithe in iúl don ÚNI go bhfuil sé beartaithe acu stop a chur le hoibriú a sheirbhíse ceadúnaithe, féadfaidh ÚNI Cinneadh OSP a dhéanamh. Is é cuspóir an Chinnidh OSP ná a mheas an bhfuil gá le ÚNI idirghabháil a dhéanamh chun na seirbhísí ceadúnaithe seo a dhaingniú trí chonradh. Rinne ÚNI na Cinntí OSP seo a leanas agus ghlac siad na gníomhartha seo a leanas le linn 2025.

Cinneadh maidir le hOibleagáid Seirbhíse Poiblí tar éis leasuithe ar Chonair na Gaillimhe – an Longfoirt (Bealach 433)

Rinne ÚNI measúnú ar thionchar leasú ceadúnais Bus4U i mí Aibreáin 2025 ar Bhealach 433 (Gaillimh–Ros Comáin), agus díríodh ar na tionchair ar nascacht ar fud Chonair na Gaillimhe– an Longfoirt, i gcomhthéacs íosleibhéil seirbhíse Éire a Nascadh don chonair sin. Laghdaítear leis an leasú leibhéil seirbhíse agus nascacht ag príomh-amanna (lena n-áirítear deireadh a chur le roghanna aistrithe i Ros Comáin).

Chinn ÚNI tús a chur leis an bpleanáil chun seirbhísí breise a thabhairt isteach atá riachtanach chun caighdeán Éire a Nascadh a chomhlíonadh ar an gconair sin.

Cinneadh maidir le hOibleagáid Seirbhíse Poiblí tar éis leasuithe ar sheirbhísí idir Cill Chainnigh – an Nás (Bealach 717)

Rinne ÚNI measúnú ar thionchar leasú ceadúnais J.J. Kavanagh & Sons ar Bhealach 717 (Aerfort Bhaile Átha Cliath–Cluain Meala), lena baineadh stadanna i gCaisleán an Chomair, Crochta Ard, Cros an Bhaile Nua, Baile Uí Laigheanáin, Baile Átha Í, Cill Chuilinn agus an Nás.

Chinn ÚNI go bhfuil Oibleagáid Seirbhíse Poiblí ann chun leibhéil seirbhíse a fheabhsú ar an stráice idir Cill Chainnigh agus Baile Átha Í de chonair Aerfoirt Bhaile Átha Cliath – Chluain Meala. Agus é mar chuspóir aige aghaidh a thabhairt ar bhearnaí seirbhíse, déanfaidh ÚNI barrfheabhsú anois ar Bhealach 897.

Cinneadh maidir le hOibleagáid Seirbhíse Poiblí tar éis leasuithe ar sheirbhísí idir An Clochán – Gaillimh (Bealach 923)

Rinne ÚNI measúnú ar thionchar leasú ceadúnais CityLink ar Bhealach 923 (Gaillimh–Leitir Fraic/An Clochán), go háirithe maidir le deireadh a chur leis na seirbhísí 19:00 ó Ghaillimh go dtí an Clochán agus 21:00 ón gClochán go Gaillimh.

Chinn ÚNI go mbeadh bearna i leibhéal seirbhíse mar thoradh ar an athrú, go háirithe de bharr imeacht 21:00 ón gClochán go Gaillimh a tharraingt siar. Tá ceanglas ar ÚNI aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a eascraíonn as sin in íosleibhéil seirbhíse Éire a Nascadh. Déanfaidh ÚNI bearta anois chun leibhéal seirbhíse na conaire sin a bharrfheabhsú i gcomhréir le híosleibhéil seirbhíse Éire a Nascadh.

Tábla 4 – Príomhoibritheoirí seirbhísí bus ar tairiscint lena n-áirítear Conarthaí Dírdhámhachtana Éigeandála (CDÉ) – 2025

Oibritheoir	Bealaí atá á reáchtáil
Andrew Wharton Coach Hire	Bealach 975 idir an Cabhán agus an Longfort
Moorhill Capital Ltd (CDÉ)	Bealach 310 i Luimneach
Finnegan Bray Ltd (CDÉ)	Bealaí 143 agus 144 i mBré
Bus Éireann	Bealaí W1, W2, W3, W4 agus W5 i gCathair Phort Láirge Bealaí Comaitéireachta an Chósta Thoir 101, 101X, 131 agus 133 Bealaí CW1 agus CW2 i mBaile Cheatharlach
City Direct	Bealaí KK1 agus KK2 i gCathair Chill Chainnigh Bealaí PL1 agus PL2 i mBaile Phort Laoise
JJ Kavanagh and Sons	Bealach 139 idir an Nás agus Baile Bhlainséir
City Direct (CDÉ)	Bealaí 410, 411 agus 412 i gCathair na Gaillimhe
Go Ahead Ireland	Bealaí áirithe i Limistéar Uirbeach Seachtrach Bhaile Átha Cliath (LUSBÁC) Bealaí áirithe ar Chonair Chomaitéireachta Bhaile Átha Cliath Chill Dara Bealaí W4 agus W6 i mBaile Átha Cliath

Feidhmíocht Oibritheoirí atá ar Conradh

Áirítear caighdeáin feidhmíochta i gconarthaí ÚNI le hoibritheoirí iompair phoiblí. Foilsíonn ÚNI faisnéis ráithiúil maidir le feidhmíocht oibreoirí ar a shuíomh gréasáin, ar féidir rochtain a fháil uirthi ag <https://www.nationaltransport.ie/public-transport-services/public-transport-contracts/operator-performance/quarterly-performance-reports/>.

Bhuail ÚNI le hoibritheoirí go rialta i rith na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht i gcoinne na gcaighdeán feidhmíochta comhaontaithe agus chun gníomhartha feabhais a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar aon easpa feidhmíochta. Áiríodh leis seo acmhainn bhreise a chur leis chun freastal ar an éileamh breise nó an clár ama nó an t-am taistil a leasú do bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna iontaofachta de bharr infhaighteacht foirne nó méadú ar bhrú tráchta.

Forbairt Líonra

Rinneadh athbhreithniú rialta ar sheirbhísí conartha bus agus iarnróid in 2025 chun fás in úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus chun freagairt d'athruithe ar an éileamh agus d'éifeachtaí an bhrú tráchta ar sheirbhísí. I measc na bPríomhfhorbairtí líonra in 2025 bhí:

Conair na Gaillimhe – Iarthair an Chláir – na hInse

Rinneadh feabhas suntasach ar sheirbhís 350 ar Chonair na Gaillimhe – Iarthair an Chláir – na hInse (bealach TFI 350 / bealach 351) idir Gaillimh agus Inis, lena n-áirítear seirbhísí breise a chur ar fáil 7 lá na seachtaine, seirbhísí nua go luath ar maidin agus mall san oíche, comhoibriú bealaigh níos tapa, níos díri agus níos soiléire. Tugadh isteach seirbhís nua 351 freisin, lena gcuirtear ceithre sheirbhís i ngach treo in aghaidh an lae ar fáil idir Aillte an Mhothair agus Cathair na Gaillimhe trí Fhánóir, chomh maith le seirbhís bhreise idir Baile Uí Bheacháin agus Cathair na Gaillimhe. Cuireann an bealach naisc ar fáil freisin don chéad chuid eile den turas, lena n-áirítear naisc le báid farantóireachta Dhúlainn agus le seirbhísí iarnróid in Órán Mór.

Soláthróidh na bealaí nua agus feabhsaithe sin, arna n-oibriú ag Bus Éireann agus Nasc Áitiúil TFI, amanna turais níos giorra agus roghanna iompair phoiblí níos iontaofa agus níos minice do phobail áitiúla, tacóidh siad le taisteal chun oibre, oideachais agus fóillíochta, agus éascóidh siad naisc leis an gcéad chuid eile den turas trí sheirbhísí náisiúnta bus agus iarnróid. Leis an infheistíocht sa chonair, le tacaíocht ó ÚNI, cuirfear tuilleadh roghanna ar fáil do mhuintir na háite agus do chuairteoirí ar an gceantar chun Slí an Atlantaigh Fhiáin, Aillte an Mhothair, Iarthair an Chláir agus na hOileáin a aimsiú ar bhealach inbhuanaithe.

Feabhsuithe Seirbhíse Chill Dara – Chill Mhantáin

Mar fhreagairt ar éileamh méadaitheach ó phaisinéirí, rinneadh minicíocht sheirbhís bhealach TFI 183 idir an tInbhear Mór agus Gleann Dá Loch a dhúbailt beagnach, le suas le 8 seirbhís bhreise gach lá, 7 lá na seachtaine. Mar chuid den fheabhsú, soláthraítear seirbhís bus baile áitiúil i mBaile Chill Mhantáin, lena dtugtar deis do phaisinéirí taisteal timpeall an bhaile agus nascadh le hiompar poiblí réigiúnach as sin. Chun nascacht a choinneáil níos faide anonn ná Gleann Dá Loch, tugadh isteach seirbhís nua bhealach TFI 895 idir Gleann Dá Loch agus Na Solláin. Dearadh an dá bhealach chun naisc réidhe a éascú i nGleann Dá Loch don chéad chuid eile den turas.

Léiríonn an fás sin rath na hinfheistíochta i nascacht tuaithe agus an t-éileamh láidir ar iompar poiblí feabhsaithe.

Ar an iomlán, tugadh isteach 36 seirbhís nua agus fheabhsaithe mar chuid de thionscnamh Éire a Nascadh in 2025.

Seirbhísí Bus Baile

Tá ról tábhachtach ag seirbhísí bus baile i mbrú tráchta a laghdú agus in astaíochtaí iompair a laghdú, ós rud é go dtugann siad rogha iompair inbhuanaithe do shaoránaigh chun taisteal laistigh dá gceantar féin. Leanadh le leathnú na seirbhísí bus baile ar fud an Stáit in 2025.

Seoladh seirbhís nua bus baile do Phort Laoise i mí Feabhra 2025. Cuireann na bealaí nua PL1 agus PL2 naisc dhíreacha agus mhinice ar fáil ó cheantair imeallacha an bhaile go lár an bhaile, lena n-áirítear príomhchinn scríbe amhail ospidéal, ionaid mhiondíola agus fostaíochta agus an stáisiún iarnróid le haghaidh naisc iompair inbhuanaithe don chéad chuid eile den turas. Oibríonn an tseirbhís suas le 19 n-uair an chloig sa lá, lena n-áirítear seirbhísí go luath ar maidin agus go déanach sa tráthnóna, 7 lá na seachtaine.

I mí Iúil, tugadh isteach feabhsú suntasach ar sheirbhís Chathair Chill Chainnigh, agus cuireadh beagnach 40 imeacht laethúil nua leis an tseirbhís, lena n-áirítear seirbhísí go luath ar maidin, go déanach sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Chuir an feabhsú leis an bponcúlacht agus leis an iontaofacht freisin, agus chuir sé comhordú níos fearr ar fáil le seirbhísí náisiúnta bus agus iarnróid.

I nDún Dealgan agus i mBaile Brigín, tugadh isteach seirbhísí nua go luath ar maidin agus níos déanaí sa tráthnóna, lena n-áirítear seirbhís nua agus leathnaithe Dé Domhnaigh don dá bhaile, rud a chuir naisc níos fearr ar fáil le hobair, oideachas, fóillíocht agus an chéad chuid eile den turas, 7 lá na seachtaine. In 2025, leanadh den obair freisin maidir leis an bpleanáil chun seirbhísí bus baile a thabhairt isteach sa Mhuileann gCearr agus in Inis.

Athdhearadh Líonra BusConnects Cheantar Bhaile Átha Cliath

Seoladh Céim 6a (Dromlach E) agus Céim 7 (Dromlach F) d'Athdhearadh Líonra Bus Cheantar Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir agus i mí Dheireadh Fómhair. I measc na cumarsáide a rinneadh chun na seirbhísí seo a lainseáil bhí an preas áitiúil, raidió áitiúil, na meáin shóisialta, scáthlár bus, leabhráin a thabhairt do thithe i gcomharsanacht na mbealaí nua agus gníomhaíocht ambasadóir branda. Áiríodh leis na céimeanna sin leathnú líonra bus 24 uair an chloig i mBaile Átha Cliath, chomh maith le tuilleadh roghanna a chur ar fáil chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ar ais d'oibrithe agus do thaistealaithe araon.

I measc na dtionscnamh forbartha líonra eile a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2025 tá:

- › BusConnects Corcaigh – Leanadh leis an bpleanáil chun Athdhearadh an Líonra a chur i bhfeidhm.
- › BusConnects Luimneach agus Gaillimh – Leanadh leis an bpleanáil chun Athdhearadh an Líonra a chur i bhfeidhm.
- › BusConnects Port Láirge – Cuireadh tús leis an bpleanáil chun Athdhearadh an Líonra a chur i bhfeidhm.
- › Leasuithe ar bhealaí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna acmhainne agus plódaithe ar fud an líonra; agus
- › Pleanáil do sholáthar líonraí nua bus baile i Muileann gCearr, Inis agus Leitir Ceanainn chomh maith le hobair a dhéanamh chun seirbhísí baile atá ann cheana a fheabhsú tuilleadh i Sligeach, Cill Chainnigh, Baile Átha Luain, Dún Dealgan agus Droichead Átha.

Iarnród

Tugadh leasuithe beaga ar an amchlár isteach i mí na Nollag chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna maidir le hamanna turais ar fud an líonra.

Nasc Áitiúil TFI

Mar gheall ar an infheistíocht leanúnach i Nasc Áitiúil TFI, trí Phlean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nascadh, rinneadh tuilleadh leathnaithe ar an líonra mar aon le méadú leanúnach ar líon na bpaisinéirí. Baineadh amach an líon turas is airde riamh le linn 2025 le thart ar 130,000 turas sa tseachtain ar sheirbhísí Nasc Áitiúil.

B'ionann líon iomlán na dturas paisinéirí ar sheirbhísí uile Nasc Áitiúil TFI agus 6.9 milliún do 2025, méadú 20% ar na 5.8 milliún turas a rinneadh in 2024. Feictear an príomhfhás i dturais paisinéirí ar na Seirbhísí Rialta Tuaithe (SRT) le 5.9 milliún turas paisinéirí in 2025, i gcomparáid le 4.7 milliún in 2024.

Chomh maith le bealaí nua agus feabhsaithe SRT Éire a Nascadh a thabhairt isteach, thug Nasc Áitiúil TFI seirbhís TFI Anseo isteach. Is seirbhís iompair phoiblí í TFI Anseo, arna hoibriú ag Nasc Áitiúil TFI, ina bhfuil córas ag freagairt don éileamh agus atá deartha chun soghluaisteacht sholúbtha, chumasaithe ag teicneolaíocht, a chur ar fáil i gceantair nach bhfreastalaíonn busanna traidisiúnta bealaí seasta ar riachtanais áitiúla go hiomlán. Cuireann paisinéirí a dturais in áirithe trí aip TFI Anseo, agus déanann an córas bealaí a phleanáil go dinimiciúil bunaithe ar éileamh fíor-ama, agus bailítear daoine ag pointí in aice láimhe laistigh den chrios seirbhíse. Seoladh Anseo mar threoirscéim in Acaill, i gCill Airne agus in oirthuaisceart Luimnigh, agus tá sé mar aidhm léi nascacht áitiúil a fheabhsú, tacú le pobail tuaithe agus fho-uirbeacha, agus Plean Soghluaisteachta Tuaithe níos leithne Éire a Nascadh a chomhlánú trí rogha nua-aimseartha, inoiriúnaithe a chur ar fáil mar mhalairt ar ghnáthsheirbhísí bus.

Seirbhísí Bus Ceadúnaithe


Faoin Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009 (Acht RIP 2009), tá ÚNI freagrach as seirbhísí poiblí paisinéirí bus a cheadúnú. Is minic a thugtar ‘seirbhísí bus tráchtála’ ar sheirbhísí paisinéirí bus poiblí ceadúnaithe, toisc go n-oibrítear iad gan aon fhóirdheontas poiblí ó ÚNI. Tugtar ‘ceadúnais bhealaigh’ orthu freisin toisc go gceadúnaíonn ÚNI bealaí éagsúla ina n-aonar.

Gníomhaíocht um Cheadúnú

Léiríonn Fíor 5 thíos sonraí ar obair cheadúnaithe bus ÚNI le linn 2025.

Rinneadh 758 iarratas ar cheadúnas in 2025.

Fíor 5 – Gníomhaíocht um Cheadúnú Busanna 2025



Aeráid agus Inbhuanaitheacht



Aeráid agus Inbhuanaitheacht



Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide 2025



Over 600

Imeacht le linn Seachtain na Rothar agus breis is 78,000 duine ag glacadh



Bronnadh Comhartha um Thaisteal níos Cliste ar **136** Eagraíocht

Breis agus **300 eagraíocht** atá rannpháirteach i gClár Smarter Travel TFI



Rinneadh beagnach

317,300

223,000 turas san iomlán ar Scéimeanna Fostaíochta Rothar Poiblí in 2025 (+40% ó 2024)



364

bus uirbeach ceallra-leictreacha



Ghlac **19,087** ball foirne agus mac léinn páirt i Mártatón agus Siúlóid Dheireadh Fómhair

Ag aistriú chuig Córas Iompair níos Inbhuanaithe

Teastaíonn gníomhaíocht bhunathraithe ar fud na n-earnálacha go léir le tiomantas na hÉireann neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050. Mar an ghníomhaireacht náisiúnta chun iompar inbhuanaithe, ardchaighdeán agus inrochtana a sholáthar, tá ról suntasach ag ÚNI maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú trí líonraí taistil ghníomhaigh a fheabhsú, iompar poiblí a leathnú agus cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú i bpleanáil iompair. Tá na hiarrachtaí seo ríthábhachtach le haghaidh spriocanna aeráide na hÉireann a bhaint amach agus tugann siad comhbhunntáistí amhail laghdú ar bhrú tráchta agus laghdú ar thruailliú aeir le himeacht ama.

Taisteal níos Cliste TFI

Is clár náisiúnta um athrú iompraíochta é Taisteal níos Cliste TFI, a thacaíonn le hionaid oibre agus campais chun pleananna taistil inbhuanaithe agus gníomhacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do bhaill foirne agus do mhic léinn. In 2025, bhain an clár cloch mhíle shuntasach amach, agus breis is 300 eagraíocht páirteach anois i gClár Taisteal níos Cliste TFI, ina raibh 271 ionad oibre agus 32 campas ar fud na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí. I measc na bpríomhthionscnamh a rinneadh in 2025 bhí:

An Comhartha um Thaisteal níos Cliste

Mar cheann de Chláir Pathfinder an Rialtais, bronnar an Comhartha um Thaisteal níos Cliste ar ionaid oibre agus ar campais a thacaíonn le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe ar an turas oibre agus níos faide anonn dá lucht saothair, do mhic léinn agus do chuairoteoirí, rud a fhágann go laghdaítear úsáid gluaisteán an duine aonair. Tá tionscnaimh taistil inbhuanaithe faoi stiúir an fhostóra ríthábhachtach chun an tionchar a bhíonn ag spleáchas comhchoiteann ar an ngluaisteán mar mhodh taistil a laghdú. Tá iarratas ar an gComhartha um Thaisteal níos Cliste oscailte d'ionaid oibre agus do campais d'aon mhéid ó na hearnálacha príobháideacha nó poiblí. Ag deireadh 2025, bhí an Comhartha bronnta ar 136 eagraíocht.



Dúshlán Céimeanna

Spreag dúshlán céimeanna an earraigh, Marchathon, agus dúshlán céimeanna an fhómhair, Walktober, baill foirne agus mic léinn a modh taistil a athrú ó ghluaisteáin phríobháideacha go siúl le haghaidh a dturas chuig an obair agus níos faide i gcéin. Ghlac 19,087 ball foirne agus mac léinn ó 258 eagraíocht chomhpháirtíochta Taisteal níos Cliste páirt sa dá dhúshlán, agus chruthaigh siad 4,077 foireann. In 2025, d'fhás an rannpháirtíocht i gcomparáid le 2024, le méadú 7% ar eagraíochtaí comhpháirtíochta, méadú 11% ar líon na bhfoirne, agus méadú 13% ar líon iomlán na rannpháirtithe. Léirigh an t-aiseolas gur shiúil 31% de na freagróirí níos mó le linn a dturas chuig an obair ar feadh Marchathon agus Walktober, agus go raibh sé ar intinn ag 36% ar an meán leanúint ar aghaidh ag siúl níos mó fiú tar éis do na dúshláin a bheith thart.

Seachtain Náisiúnta na Rothar

Bhí Seachtain Náisiúnta na Rothar ar siúl ón Satharn an 10 go dtí an Domhnach an 18 Bealtaine 2025 agus rinneadh comhordú ar imeachtaí trí údaráis áitiúla agus comhpháirtíochtaí spóirt áitiúla. Chuidigh na Scoileanna Glasa le go leor de na húdaráis

áitiúla le himeachtaí scoile chomh maith lena n-imeachtaí scoile féin a reáchtáil le linn Sheachtain na Rothar. Bhí ionadaíocht ag gach ceann de na 31 limistéar údaráis áitiúil le linn Sheachtain na Rothar. Uaslódáladh breis is 600 imeacht chuig suíomh gréasáin Sheachtain na Rothar, lena n-áirítear rothaíocht spráíúil do theaghlaigh, rothaíocht i ngrúpaí, féilte rothar, paráidí rothair, oiliúint sábháilteachta rothaíochta, imeachtaí rothaíochta cothromaíochta, clinicí rothar, féilte rothar, rothaíocht i gcathracha ag am lóin, rothaíocht oidhreacht, imeachtaí rothaíochta scoile, ióga rothaíochta agus i bhfad níos mó. Ghlac breis is 78,000 duine páirt sna himeachtaí a eagraíodh ar fud an chontae.

Bealaí Sábháilte chun na Scoile

I mí an Mhárta 2021, sheol an Roinn Iompair agus ÚNI an clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile. Tá sé mar aidhm ag an gclár bealaí siúil agus rothaíochta níos sábháilte a chruthú laistigh de phobail, brú tráchta ag geataí na scoile a mhaolú, agus líon na mac léinn a shiúlann nó a rothaíonn ar scoil a mhéadú trí áiseanna siúil agus rothaíochta a sholáthar. Ó 2021 i leith, tá 526 scoil ar fud na hÉireann páirteach sa chlár trí cheithre thráinse. Faoi dheireadh 2025, cuireadh 156 cóireáil tosaigh na scoile i gcrích, agus 79 eile ag an gcéim deartha mhionsonraithe nó ag céim na tógála. Faoi dheireadh 2025, bhí páirceáil do rothair agus do scútair curtha ar fáil do 881 scoil mar chuid den chlár Bealaí Sábháilte chun na Scoile.

Scéimeanna rothar poiblí

Tá an scéim rothair réigiúnach á hoibriú ag ÚNI ó 2014 i leith, le scéimeanna i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh. Sa bhliain 2022, cuireadh scéim rothair i bhfeidhm i bPort Láirge. Ar an iomlán, rinneadh beagnach 317,301 turas ar rothair poiblí in 2025, méadú 40% i gcomparáid le 2024. Ba í 2025 an chéad bhliain i ndiaidh Covid inar sáraíodh líon na dturas bliantúil a taifeadadh roimh 2020.

Cabhlach Bus Uirbeach: Aistriú go Nialas

Le linn 2025, ghlac ÚNI le busanna uirbeacha dhá urlár leictreacha cadhnra breise, rud a thug líon iomlán na mbusanna dhá urlár go 309 agus líon iomlán na mbusanna uirbeacha leictreacha cadhnra go 364, lena n-áirítear 55 bus uirbeach aon urlár leictreach cadhnra.

Le linn 2025, críochnaíodh oibreacha ar an dara céim de 40 gunna luchtaithe agus bonneagar gaolmhar a shuiteáil ag iosta Bus Éireann i mBaile an Róistigh i Luimneach, rud a chuir ar chumas 27 bus leictreach cadhnra dhá urlár breise a chur le flít bus Bus Éireann i gcathair Luimnigh, rud a thug an líon iomlán go 61; ba leor é sin chun go mbeadh gach seirbhís bus i gcathair Luimneach atá á hoibriú ag Bus Éireann saor ó astaíochtaí. Bronnadh conradh freisin chun 70 gunna luchtaithe a sholáthar ag iosta bus Bus Éireann i nGaillimh, agus cuireadh iarratas planála isteach i mí na Bealtaine 2025.

Soláthraíodh an dara céim de ghunnaí luchtaithe ag iosta bus Bhus Átha Cliath i bhFionnradharc i mBaile Átha Cliath, atá anois in ann tacú le hoibriú os cionn 100 bus leictreach cadhnra ar sheirbhísí bus chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí oibreacha ag druidim chun críche freisin ag deireadh 2025 ar an gcéad chéim de 40 gunna luchtaithe agus bonneagar gaolmhar ag iosta bus Bhus Átha Cliath i mBaile Anraí, agus bhí tús curtha freisin le hoibreacha ar an dara céim chun 40 gunna luchtaithe eile a chur ar fáil. Nuair a bheidh na tionscadail leictriúcháin iosta sin críochnaithe, beidh 150 gunna luchtaithe breise ar fáil, rud a thabharfaidh an líon iomlán go 394, atá in ann tacú le hoibriú 441 bus leictreach cadhnra ar a laghad.

Gníomhú Náisiúnta ar son na hAeráide agus Ról ÚNI

Tá fíís náisiúnta leagtha amach ag Éirinn maidir le haistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050, agus sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 2018. Leagtar amach sa Phlean bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide na gníomhartha atá riachtanach ar fud na n-earnálacha go léir chun an uailmhian sin a bhaint amach, agus aithnítear nach mór do chomhlachtaí poiblí ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla maidir le cur i bhfeidhm agus cuntasacht araon.

Tá earnáil an iompair ar cheann de na dúshláin aeráide is suntasaí in Éirinn. Le blianta beaga anuas, b'ionann an t-iompar agus beagán os cionn an cúigiú cuid d'astaíochtaí náisiúnta gás ceaptha teasa, agus faoi 2030 tá sé de cheangal ar an earnáil a hastaíochtaí a laghdú faoi leath, ó thart ar 12 mhilliún tonna de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (MtCO_2eq) go dtí 6 MtCO_2eq . Chun laghdú den mhéid sin a bhaint amach, beidh gá le gníomh leanúnach chun taisteal neamhriachtanach a sheachaint, turais a aistriú chuig modhanna inbhuanaithe, agus éifeachtúlacht agus feidhmíocht charbóin an iompair mhótaraithe a fheabhsú.

Mar chomhlacht Stáit atá freagrach as iompar poiblí agus taisteal gníomhach a phleanáil, a mhaoiniú agus a rialáil, tá ról lárnach ag ÚNI chun an t-aistriú sin a chumasú. Tacaíonn obair ÚNI le cuspóirí náisiúnta chun sciar na dturas a dhéantar trí shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí a mhéadú, agus chun rochtain ar sheirbhísí iontaofa iompair phoiblí a fheabhsú, lena n-áirítear an sprioc go mbeidh rochtain ag 70% de mhuintir cheantair thuaithe na hÉireann ar thrí sheirbhís bus laethúla ar a laghad chuig a mbailte mórthimpeall faoi 2030.

Trí líonraí iompair phoiblí leathnaithe a chur ar fáil, infheistíocht a dhéanamh i dtaisteal gníomhach, aistriú chuig cabhlaigh astaíochtaí ísle agus nialasacha, agus bearta bainistíochta éilimh a chur i bhfeidhm, tá sé mar aidhm ag ÚNI astaíochtaí a laghdú agus buntáistí níos leithne a bhaint amach don tsochaí freisin. Áirítear leo aer níos glaine, sráideanna níos sábháilte, brú tráchta laghdaithe, sláinte phoiblí fheabhsaithe agus pobail atá nasctha níos fearr. Mar a leagtar amach i Straitéis Inbhuanaitheachta ÚNI, tá an tÚdarás tiomanta d'astaíochtaí a laghdú ar fud a oibríochtaí féin, aistriú i dtreo soghluaisteacht inbhuanaithe a chumasú, agus éifeachtúlacht agus athléimneacht fhadtéarmach chóras iompair na hÉireann a fheabhsú.

Sainordú Gníomhaíochta Aeráide

Táimid ag obair go dlúth le hoibritheoirí iompair chun ár n-astaíochtaí GCT a thomhas agus a thuairisciú gach bliain, i gcomhréir le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide. Leanaimid de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le gníomhartha an tSainordaithe agus tá an tuairisc chun dáta is déanaí atá againn ar dhul chun cinn curtha isteach againn trí chóras Faireacháin agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), rud a léiríonn ár n-iarrachtaí leanúnacha chun astaíochtaí ónár n-áiseanna agus ó oibríochtaí iompair araon a laghdú. Mar a cheanglaítear leis an Sainordú, tá tuairisc chun dáta breise déanta againn ar ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide le linn 2025, agus leanfar den doiciméad a nuashonrú go bliantúil.

Bhain ÚNI Deimhniú Óir amach sa Mharc Taisteal níos Cliste agus chomhlíon sé Ciorclán 1/2020 le linn 2025 freisin, lena chinntiú go ndéantar astaíochtaí ó aerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh de réir mar is gá.

Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025

Trína Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025 a fhoilsiú, an chéad leagan den treochlár a foilsíodh, tá ÚNI ag neartú trédhearcachta agus cuntasachta maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann sé a fhreagrachtaí aeráide mar chomhlacht poiblí, agus ag treisiú a ról ceannaireachta san aistriú chuig córas iompair níos inbhuanaithe, ísealcharbóin agus athléimneach. Forbraíodh an treochlár i gcomhréir le treoir náisiúnta do chomhlachtaí san earnáil phoiblí agus leagtar amach ann na gníomhartha atá beartaithe ag ÚNI chun a oibleagáidí faoin Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh, chomh maith lena ról níos leithne i dtacú le dícharbónú chóras iompair na hÉireann.

Cuireann an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide creat struchtúrtha trédhearcach ar fáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ÚNI a bhaineann le fuinneamh a laghdú 51% faoi 2030 agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030, i gcomparáid le blianta bonnlíne náisiúnta. Díríonn sé go príomha ar astaíochtaí agus úsáid fuinnimh atá faoi rialú díreach an Údaráis, lena n-áirítear cóiríocht oifige agus líon beag feithiclí oibriúcháin, agus aithnítear leis freisin tionchar suntasach ÚNI ar astaíochtaí a eascraíonn as seirbhísí iompair Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) a sholáthar.

Chomh maith le spriocanna a leagan síos, leagtar amach sa treochlár an chaoi a bhfuil gníomhú ar son na haeráide á leabú ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear socruithe rialachais, rannpháirtíocht foirne, Soláthar Poiblí Glas, cleachtais tógála, úsáid acmhainní agus bainistíocht sonraí. Tugann sé soiléireacht níos fearr freisin maidir leis an gcaoi a gcuirtear ceisteanna aeráide san áireamh i bpleanáil iompair agus i gcinntí infheistíochta, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm an Chreata Breithmheasa Iompair agus ailíniú le beartas náisiúnta aeráide.

Tagann an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025 le Straitéis Inbhuanaitheachta ÚNI 2024–2030, agus tugann sé léargas níos mionsonraithe, atá dírithe ar chúrsaí oibríochta, ar an gcaoi a ndéanfar gníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh air ar bhonn bliantúil. Is tábhachtach a lua go bhfuil sé i gceist gur doiciméad beo a bheidh sa treochlár, a dhéanfar a athbhreithniú agus a nuashonrú gach bliain de réir mar a fheabhsaíonn cáilíocht sonraí, a chuirtear gníomhartha i bhfeidhm agus a fhorbraíonn beartas náisiúnta.

Oiriúnú don Aeráid agus Athléimneacht an Líonra

Tá tionchair inbhraite ag an athrú aeráide cheana féin ar chóras iompair na hÉireann, agus tá imeachtaí aimsire níos minice agus níos déine, amhail stoirmeacha, tuilte agus tréimhsí fíorthéasa, ag cur brú méadaitheach ar bhonneagar agus ar sheirbhísí iompair. Dá bhrí sin, is tosaíocht atá ag dul i méid don ÚNI é a chinntiú go bhfanfaidh an líonra iompair phoiblí agus an bonneagar gaolmhar taistil ghníomhaigh sábháilte, iontaofa agus athléimneach.

I mí na Samhna 2025, d'fhoilsigh an Rialtas Plean Oiriúnaithe Earnála Iompair II (POE-II), ina leagtar amach creat náisiúnta chun athléimneacht chóras iompair na hÉireann a neartú i gcoinne rioscaí aeráide reatha agus réamh-mheasta sa tréimhse go 2030 agus ina dhiaidh sin. Sainaithnítear sa Phlean guaiseacha aeráide tosaíochta, déantar measúnú ar rioscaí do bhonneagar agus do sheirbhísí iompair, agus leagtar amach sraith gníomhartha chun oiriúnú don aeráid a dhaingniú i bpleanáil, infheistíocht agus oibríochtaí iompair.

Tacaíonn ÚNI le cuspóirí POE-I II agus tá sé ag leanúint de thuiscintí maidir le hoiriúnú don aeráid a chomhtháthú ina phríomhfheidhmeanna, lena n-áirítear pleanáil iompair, breithmheas infheistíochta, soláthar bonneagair agus maoirseacht seirbhísí. Áirítear leis sin oibriú i ndlúthchomhar le hoibreoirí iompair, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí seachadta eile chun a chinntiú go sainaithnítear rioscaí aeráide go luath agus go dtugtar aghaidh orthu trí bhearta cuí deartha, cothabhála agus oibríochtúla.

Le linn 2025, dhírigh obair ÚNI sa réimse sin ar fheasacht ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid a neartú ar fud na heagraíochta agus ar thuiscintí athléimneachta a ionchorprú i mórchláir amhail BusConnects, tionscnaimh leathnaithe iarnróid agus bonneagar taistil ghníomhaigh. Áirítear leis sin riosca tuilte, bainistíocht uisce dromchla, athléimneacht i leith teasa ag saoráidí paisinéirí agus iostaí, agus an gá le hiomarcaíocht líonra chun leanúnachas seirbhíse a choinneáil le linn imeachtaí adhaimsire a chur san áireamh.

Tá ÚNI ag cur leis an gcur chuige trasearnála a chuirtear chun cinn faoi POE-I II freisin trí thacú le comhoibriú le comhpháirtithe atá freagrach as bóithre náisiúnta, iarnród, calafoirt agus eitlíocht, agus é á aithint go mbraitheann athléimneacht iompair ar fhreagairt chomhordaithe ar fud an chórais. I gcás inarb iomchuí, tá bearta oiriúnaithe á gcur i gcomhréir le cuspóirí inbhuanaitheachta níos leithne, lena n-áirítear réitigh dhúlra bhunaithe a úsáid, cleachtais fheabhsaithe bainistíochta sócmhainní agus faireachán sonraí bhunaithe ar fheidhmíocht an líonra.

As seo amach, leanfaidh ÚNI de thógáil ar na bunsraitheanna a leagtar amach in POE-I II, lena chinntiú go mbeidh oiriúnú don aeráid agus athléimneacht daingnithe mar ghnáththuiscintí sa chinnteoireacht. Trí phleanáil a dhéanamh do thionchair an athraithe aeráide agus athléimneacht líonraí iompair a neartú, tá sé mar aidhm ag an Údarás seirbhísí iompair phoiblí agus bonneagar taistil ghníomhaigh a chosaint do phaisinéirí, do phobail agus don gheilleagar níos leithne sna blianta amach romhainn.

Ag Féachaint Amach Romhainn

Agus muid ag dul isteach in 2026, leanfaidh ÚNI de bheith dírithe ar athrú ó bhonn a bhaint amach i dtaisteal inbhuanaithe, tacú le spriocanna náisiúnta aeráide agus freagairt don éileamh méadaitheach ar sheirbhísí iompair atá iontaofa, inrochtana agus athléimneach. Ag tógáil ar na bunsraitheanna a leagtar amach sa Straitéis Inbhuanaitheachta 2024–2030 agus ar fhoilsiú an Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025, tabharfaidh ÚNI tosaíocht do ghníomhartha a bhainfidh laghduithe intomhaiste astaíochtaí agus buntáistí fadtéarmacha don chóras amach.

Ní hamháin go mbeidh infheistíocht leanúnach riachtanach chun spriocanna astaíochtaí iompair na hÉireann a bhaint amach, ach beidh gá freisin le hathrú iompraíochta agus le gníomh chomhordaithe ar fud an Rialtais, na n-údarás áitiúil, na n-oibreoirí iompair agus na bpobal. Dá bhrí sin, cuirfidh ÚNI béim mhéadaitheach ar bhainistíocht éilimh, ar smaointeoireacht chórasach agus ar chomhoibriú, agus é á aithint nach leor soláthar bonneagair ann féin.

Tá sé mar aidhm ag ÚNI, trí fhócas a choinneáil ar chur chun feidhme, ar chinnteoireacht fhianaise bhunaithe agus ar chomhpháirtíocht, tacú le córas iompair a laghdaíonn astaíochtaí, a fheabhsaíonn caighdeán na beatha agus a fhanann oiriúnach dá fheidhm i bhfianaise aeráid atá ag athrú.

Custaiméir ar dTús



Custaiméir ar dTús

1,243,034

Cárta Leap díolta
(+5% ó 2024)



4

ardaitheoir agus droichead atá inrochtana do chathaoirí rothaí oscailte ag ceithre stáisiún iarnróid



31.2m

amharc leathanaigh thar ceithre shuíomh gréasáin



615,778

teagmhálacha ó chustaiméirí láimhseáilte ag Ionad Teagmhála Custaiméirí TFI



4

Stad bus atá inrochtana do chathaoirí rothaí tógtha



248m

turas déanta leis an gCárta Leap



Tháinig méadú **93%** ar líon na dticéad d'Aip TFI Go a díoladh, go **€2.4m**



Breisiú Leap TFI, Breisiú ar Aip méadaithe

11% go dtí €209.8m



In 2025, chuir ÚNI clár suntasach gníomhaíochta i gcrích a bhí ceaptha chun tacú le faisnéis do chustaiméirí, tuiscint an phobail ar líonra Transport for Ireland (TFI) a fheabhsú agus eispéireas foriomlán an chustaiméara a fheabhsú. Tacaíodh leis na tionscnaimh trí fheachtais spriocdhírithe chumarsáide a cuireadh i bhfeidhm ar chainéil dhigiteacha, shóisialta, sráide agus thraidisiúnta meán.

I suirbhé bliantúil sástachta custaiméirí ÚNI, léiríodh go raibh dearcadh dearfach ag 81% de na freagróirí ar líonra TFI, agus thuairiscigh 95% gur mhothaigh siad sábháilte ar bord seirbhísí iompair phoiblí.

Cárta Leap TFI

In 2025, lean Cárta Leap de bheith ag feidhmiú go láidir, lena n-áirítear méadú 5% ar líon iomlán na gCártaí Leap a díoladh le linn na bliana. Léiríodh an fás leanúnach ar úsáid Leap freisin sa mhéadú ar luach iomlán na mbreisithe, méadú 8% go dtí beagán faoi bhun €295m. Tháinig méadú 9% ar luach iomlán na dticéad a díoladh ar Chártaí Leap go €37.4m. Tháinig méadú ar úsáid Aip Bhreisithe Leap freisin, agus mhéadaigh luach na mbreisithe 11% i gcomparáid le 2024. Ba é €209.8 milliún luach iomlán na mbreisithe do 2025.

Tábla 6 – Staitisticí an Chárta Leap

Tomhas	2025	2024	2023
Cártaí Leap díolta	1,243,034	1,187,204	1,170,505
Pasanna Saorthaistil eisithe ⁷	185,610	35,775	16,023
Luach breisithe	€294.4m	€273.8m	€249.5m
Luach úsáidte	€244.5m	€228.7m	€210.1m
Díolacháin táirgí ticéid	€37.4m	€34.3m	€33.7m
Turais (gan RCS san áireamh)	248.0m	233.2m	207.8m
Luach breisithe trí Aip Bhreisithe Leap	€209.8m	€188.7m	€161.2m
Cártaí Saorthaistil Leap do Leanaí 5-8	28,395	0	0

TFI Go

Ba bhliain fáis eile í 2025 do TFI Go, agus ba iad díolacháin ticéad faoin Scéim Cúitimh Táillí d'Aosaigh Óga d'oibritheoirí bus tráchtála rannpháirteacha ba mhó a spreag an fás sin, chomh maith le húsáid bhreise ar sheirbhísí Nasc Áitiúil TFI. Tháinig méadú 58% ar luach iomlán na dticéad a díoladh tríd an aip go €5.8m, agus tháinig méadú 84% ar líon iomlán na dturas a rinneadh go dtí beagán faoi bhun 3 mhilliún.

Tomhas	2025	2024	2023
Ticéid mhóibíleacha díolta (líon)	2,366,649	1,226,041	661,842
Ticéid mhóibíleacha díolta (luach)	€5,798,258	€3,667,883	€2,602,686
Turais déanta (líon)	2,977,262 ⁸	1,616,254	922,443

⁷Léiríonn an figiúr seo an glanathrú tar éis Cártaí Saorthaistil a chuaigh in éag le linn na bliana a chur san áireamh. Léiríonn uimhir dhearfach méadú foriomlán ar líon na gCártaí Saorthaistil gníomhacha.

⁸Tagraíonn sé seo do líon iomlán na dturas a rinneadh ar bhus in 2025 agus ticéid mhóibíleacha á n-úsáid.

Líonra TFI a mhargú

Le linn na bliana, chuir ÚNI clár comhordaithe feachtas i bhfeidhm chun a chinntiú go raibh custaiméirí ar an eolas go maith faoi athruithe seirbhíse, nuashonruithe táillí, seirbhísí nua agus tionscnaimh eispéireas custaiméirí. Cuireadh na feachtais in oiriúint do réigiúin, formáidí agus riachtanais éagsúla custaiméirí, lena n-áirítear ábhair Ghaeilge agus formáidí inrochtana i gcomhréir le caighdeáin rialála.

Sábháilteacht agus Meas

Bhí feachtas tiomnaithe Meas ar Fhoireann TFI ar siúl ar ardáin dhigiteacha agus shóisialta i rith na bliana. Leis an gcumarsáid, treisíodh an tábhacht a bhaineann le cúirtéis a léiriú d'fhoireann TFI agus leagadh béim ar an ról riachtanach atá acu maidir leis an líonra a choinneáil ag feidhmiú go sábháilte agus go héifeachtúil do chách.

Bhí feachtas feasachta TFI ar fud líonra TFI ar siúl ar ardáin raidió, dhigiteacha agus shóisialta chun custaiméirí a chur ar an eolas faoi chórais TFI ar bord. Leag an teachtaireacht béim ar shábháilteacht, ar chustaiméirí agus an fhoireann a chur ar a suaimhneas, agus ar iompar frithshóisialta (IFS) a dhíspreagadh.



Check transportforireland.ie for service options and updates.



Cuimsitheacht agus Bród

Chuir TFI a thiomantas don chuimsitheacht chun cinn trí fheachtais a bhí dírithe ar Chuimsitheacht agus Bród. Léirithe i nGaeilge agus i mBéarla araon, chuir na feachtais sin comhionannas agus ionadaíocht chun cinn ar fud an líonra agus spreag siad iompar measúil. Bhain siad úsáid as cainéil dhigiteacha agus shóisialta chun béim a leagan ar thiomantas TFI do thimpeallacht fháilteach a choinneáil do gach custaiméir. Bhí feachtas na Cuimsitheachta, i mí an Mhárta, ar siúl i gcomhthráth leis an Lá Idirnáisiúnta um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú an 21 Márta.

Feasacht ar an Líonra

Chuir TFI a raon seirbhísí tráthnóna agus oíche atá ag leathnú chun cinn go náisiúnta trí fhormaidí digiteacha, sráide agus ar fheithiclí. Cruthaíodh an teachtaireacht i gcomhar le comhairleoirí réigiúnacha geilleagair oíche agus díríodh inti ar infhaighteacht agus áisiúlacht, ag tacú le gníomhaíocht shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch le linn tréimhsí taistil níos déanaí.

I mí na Nollag, chuir feachtas socruithe seirbhíse shéasúr na Nollag i gcuimhne do chustaiméirí trí chainéil ar bord, ag stáisiúin, raidió, dhigiteacha, shóisialta agus sráide.



Feachtais Inrochtaineachta

Chuir ÚNI Cárta Just A Minute (JAM), arna fhorbairt ag NOW Group, chun cinn. Go dtí seo, tá 26,500 cárta tugtha amach ag TFI do dhaoine a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu.

In 2025, cuireadh 'Tabhair Suíochán Dom, Le Do Thoil', arna fhorbairt le Invisible Disabilities Ireland, chun cinn. Go dtí seo, tá 25,800 cárta agus suaitheantas tugtha amach ag TFI do dhaoine atá faoi mhíchumas dofheicthe agus a bhainfeadh tairbhe mhór as suíochán a bheith acu dá dturas.

Reáchtáladh feachtas i mí Iúil 2025 le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus Madraí Treorach do na Daill in Éirinn chun a chur i gcuimhne do phaisinéirí gur gá an spás sainithe do chathaoireacha rothaí a choinneáil saor dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu.

Leanann ÚNI de thacú le seirbhís Tacaíochta maidir le Taisteal Neamhspleách TFI (TTN) (ar a dtugtaí an Scéim Cúnaimh Taistil roimhe seo), a thugann cúnamh do dhaoine scileanna a fhorbairt chun taisteal go neamhspleách ar iompar poiblí.

- › Bainistíonn Bus Átha Cliath an tseirbhís TTN i mBaile Átha Cliath agus chuir sé cúnamh ar fáil 1,785 uair in 2025.
- › Bainistíonn Bus Éireann an scéim TTN i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge, agus leathnaíodh í freisin go Droichead Átha agus Dún Dealgan, agus cuireadh cúnamh ar fáil 1,684 uair in 2025

Ina theannta sin, cuireadh tús le treoirthionscadail ag Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall/Shligigh/Liatroma agus ag Nasc Áitiúil Fhine Gall/na Mí/Lú.



Nasc Áitiúil TFI

Lean Nasc Áitiúil TFI de bheith ag fás, agus breis is 132,000 custaiméir in aghaidh na seachtaine á bhaint amach aige. Thacaigh roinnt feachtas leis sin, lena n-áirítear Above and Beyond, comhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP), feachtas Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus feachtas seirbhísí Doras go Doras.

TFI Anseo

Seoladh treoirhionscadal nua Iompair Chliste atá Freagrach don Éileamh (ICFÉ) i gCill Airne, in oirthuaisceart Luimnigh agus in Acaill. Tacaíodh le gach lainseáil trí fheachtais spriocdhírthe a cuireadh i bhfeidhm trí chainéil dhigiteacha, raidió, fuaime dhigiteacha, formáidí lasmuigh den bhaile, an preas agus bileoga a scaipeadh.

Ticéadú agus Táillí

Cuireadh chun cinn ar fud Bhaile Átha Cliath agus na gcontaetha máguaird gur tugadh isteach criosanna táillí nua Chárta TFI Leap trí fheachtas comhordaithe iloibritheora. Áiríodh i bplean na meán formáidí digiteacha, sóisialta, formáidí lasmuigh den bhaile agus an preas áitiúil. Thacaigh scáileáin Faisnéise Fíor-ama do Phaisinéirí (FFP) leis an bhfeachtas ar fud an réigiúin.

BusConnects – Céim 6a agus 7

Chuir feachtais Athdhearadh Líonra BusConnects, do Chéim 6a i mí Eanáir agus do Chéim 7 i mí Dheireadh Fómhair, custaiméirí ar an eolas faoi athruithe ar a gcuid seirbhísí i gceantar Bhaile Átha Cliath. Thacaigh fógraíocht lasmuigh den bhaile, ón bpreas áitiúil, póstaer ar bord agus ag stáisiúin, cainéil dhigiteacha, raidió agus fuaime digiteacha leis na feachtais sin. Chun ábharthacht agus rannpháirtíocht áitiúil a chur chun cinn, bíonn daoine áitiúla aitheanta sa phobal, a úsáideann seirbhísí bus TFI, le feiceáil san fhógraíocht. Dáileadh breis is 200,000 leabhrán dátheangach ar theaghlach feadh na mbealaí, agus reáchtáladh gníomhaíocht ambasadóir branda freisin ag príomhshuímh custaiméirí. Treoraíodh custaiméirí i ngach cumarsáid chuig TransportforIreland.ie chun an t-eolas iomlán a fháil.



TFI TRANSPORT FOR IRELAND

The next phase of the BusConnects roll out continues

New routes launching on the 26th of January

E1	Northwood - DCU - City Centre - Bray - Ballywaltrim
E2	Harristown - DCU - City Centre - Dún Laoghaire
19	Dublin Airport - DCU - City Centre (Parnell Square/Merrion Square)
L1	Newtownmountkennedy - Greystones Station - Bray Station
L2	Newcastle - Greystones Station - Bray Station
L3	North Delgany - Greystones Station - Glenbrook Park
L12	Ballywaltrim - Herbert Road - Bray Station
L14	Southern Cross Road - Bray Station - Palermó
L15	Enniskerry Golf Club - Bray Station
L26	Kilternan - Cornelscourt - Blackrock Station
L27	Leopardstown Valley - Cornelscourt - Dún Laoghaire
X1	Kilcoole - Greystones - City Centre (Hawkins Street)
X2	Newcastle - Kilcoole - Greystones - Brides Glen - City Centre (Hawkins Street)

Correct at time of print: January 2025

GoAhead  



Béasaíocht Líonra TFI

Thug an feachtas seo aghaidh ar aiseolas ó chustaiméirí maidir le hinrochtaineacht agus iompar suaiteach ar bord. Léirigh trí chás scannánaithe, a taifeadadh san Ionad Treochomharthaíochta, samplaí réalaíocha a bhain le cur isteach ar fhuaim agus leis an tionchar ar chustaiméirí, lena n-áirítear daoine a bhfuil lagú éisteachta orthu. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas timpeallacht taistil níos measúla agus níos inrochtana a chur chun cinn.

Cárta TFI Leap agus Aip Bhreisthe Leap TFI


Chuir feachtas náisiúnta gnéithe nuashonraithe in Aip Bhreisthe Leap TFI chun cinn, lena n-áirítear feidhmiúlacht fheabhsaithe ticéadaithe agus scáileán teorannaithe athdheartha. Áiríodh ar ábhair an fheachtais carachtar beoite nua, ar tugadh Phi'Leap air trí vóta poiblí, agus cuireadh i bhfeidhm iad trí fhormaidí digiteacha agus lasmuigh den bhaile.

I mí Mheán Fómhair 2025, chuir feachtas an Cárta TFI Leap nua do Leanaí (5-8) chun cinn. Mhínigh an teachtaireacht incháilitheacht, an próiseas iarratais agus an tábhacht a bhaineann leis an gcárta ceart a úsáid chun saorthaisteal a chinntiú. Baineadh úsáid san fheachtas dátheangach as formaidí digiteacha, sóisialta, sráide, faoi úinéireacht, preasa agus raidió..



Suímh ghréasáin ÚNI

Ar fud cheithre shuíomh gréasáin ÚNI, sháraigh an trácht 31.2 milliún amharc leathanaigh in 2025, méadú de bhreis is 1.15 milliún amharc i gcomparáid le 2024.



Ionad um Theagmháil le Custaiméirí TFI (ITC)

Tugann an t-ionad um Theagmháil le Custaiméirí (ITC) na cainéil teagmhála custaiméirí uile do líonra TFI le chéile anois in aon seirbhís tiomnaithe cúraim custaiméirí amháin, rud a fhágann gur fusa don phobal eolas a lorg, fadhbanna a thuairisciú agus gearáin a chur isteach. Le linn 2024, seoladh ITC go rathúil i gcéimeanna—ag tosú le seirbhísí OSP Bus Éireann ar an 17 Meán Fómhair, agus Iarnród Éireann ina dhiaidh sin ar an 15 Deireadh Fómhair, agus Bus Átha Cliath ar an 3 Nollaig. Faoi 2025, bhí Go-Ahead Ireland, Luas agus ÚNI Corparáideach comhtháite go hiomlán freisin. Ón seoladh i leith, tá níos mó ná **615,778 teagmháil ó chustaiméirí**, láimhseáilte ag ITC, rud a léiríonn an luach a bhaineann le pointe tacaíochta aonair, sruthlínithe a bheith ann agus rannpháirtíocht láidir ón bpobal. Leis an gcur chuige comhdhlúite sin, is féidir linn fiosruithe a réiteach ar bhealach níos éifeachtúla, faisnéis níos soiléire a chur ar fáil agus eispéireas custaiméirí níos comhsheasmhaí a sholáthar ar fud líonra TFI. Oibríonn ÚNI i ndlúthpháirtíocht le ITC chun a chinntiú go ndéantar aon chásanna atá le hardú a bhainistiú go héifeachtúil.

Stadanna / Bána Bus atá inrochtana do Chathaoireacha Rothaí

Le linn 2025, tugadh obair thógála ar 4 stad bus breise atá inrochtana do chathaoireacha rothaí chun críche, lena n-áirítear láithreacha i Luimneach agus in Uíbh Fhailí.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar bhánna bus atá inrochtana do chathaoireacha rothaí agus ar uasghrádú thimpeallacht sheachtrach na stáisiún bus ag na ceithre shuíomh eile i Maigh Chromtha, Cluain Meala, An Longfort agus Busáras, agus toiliú pleanála tugtha do Chluain Meala agus do Bhusáras, iarratas pleanála curtha isteach do Mhaigh Chromtha, agus an Longfort ag dul tríd an bpróiseas deartha.

Ó 2018 i leith, tá 107 stad agus bá bus atá inrochtana do chathaoireacha rothaí tógtha faoin gclár iarfheistithe inrochtaineachta.

Inrochtaineacht Inmheánach Stáisiúin Bus a Uasghrádú

Tar éis cás gnó um chlár na stáisiún bus a fhaomhadh go luath in 2024, lean Bus Éireann de bheith ag forbairt dearaí agus ag cur tograí chun cinn don chéad tráinse stáisiún bus atá le huasghrádú chun na caighdeáin inrochtaineachta inmheánacha riachtanacha a bhaint amach.

In 2025, deonaíodh toiliú pleanála Chuid V d'uasghrádú inrochtaineachta stáisiún bus i gCorcaigh (Plás Parnell), agus cuireadh iarratais phleanála isteach maidir le stáisiún bus i Muineachán agus i bPort Láirge. Tá obair réamhdheartha go maith chun cinn freisin ar stáisiún bus i Sligeach, i mBaile Átha Luain agus i gCabhán.

Stáisiún Iarnróid

Tá roinnt tionscadal curtha i gcrích go dtí seo mar chuid den chlár sin, a bhfuil sé mar aidhm leis réimse stáisiún iarnróid atá ann cheana, agus nach bhfuil na socruithe inrochtaineachta iontu do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chomh maith agus ba cheart, a thabhairt cothrom leis na caighdeáin inrochtaineachta reatha.

Cuireadh ardaitheoirí agus droichid atá inrochtana do chathaoireacha rothaí ar fáil don phobal ag ceithre stáisiún iarnróid in 2025. Áirítear orthu sin stáisiún an Rátha Mhoir (Ciarraí), Mhaigh Nuad (Cill Dara), Bhaile Átha Í (Cill Dara) agus Ráth Droma (Cill Mhantáin). Ina theannta sin, cuireadh tús le hobair thógála in 2025 ar oibreacha inrochtaineachta ag stáisiún Mhainistir na Búille (Ros Comáin) agus Chlár Chlainne Mhuiris (Maigh Eo), agus táthar ag súil go gcuirfear an dá cheann i gcrích in 2026.

Leanann Iarnród Éireann de dhearaí a fhorbairt chun gur féidir tuilleadh stáisiún ar an líonra iarnróid throim a uasghrádú de réir na gcaighdeán inrochtaineachta reatha.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara



Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara



250

Iarratas faighte faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (+34% ó 2024)



10

Comhairliúchán poiblí arna gcuidiú ag an ÚNI



272

mír nuachta agus preasráiteas foilsithe



86

Doiciméad foilsithe



5,299

aighneacht faighte ón bpobal



7

Oireachtas Committee meetings



5,857

Fiosrúchán faighte ag Aonad Idirchaidrimh an Oireachtais



1,557

Ceist Parlaiminte faighte ag Aonad Idirchaidrimh an Oireachtais



22

Imeachtaí meán

Bíonn ÚNI i mbun oibre le go leor páirtithe leasmhara agus bliain eile thar a bheith gnóthach ar an taobh sin de a bhí i gceist le 2025. Sa chuid seo, leagtar amach mionsonraí maidir le fairsinge rannpháirtíocht ÚNI le páirtithe leasmhara. Bíonn ÚNI i dteagmháil le réimse páirtithe leasmhara ar bhonn rialta chun caidrimh a chothú, chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil a fheabhsú, chun tacú le cinnteoireacht agus chun trédhearcacht a fheabhsú.

Grúpa Comhairleach um Úsáideoirí Iompair (GCÚI)

Bunaíodh Grúpa Comhairleach um Úsáideoirí Iompair ÚNI (GCÚI) i mí Feabhra 2022. Tháinig GCÚI le chéile ceithre huaire in 2025 agus rinne siad cur i láthair do Bhord ÚNI. Leanann an grúpa de bheith ag tabhairt aiseolais ar thionscadail, cláir, ceannacháin agus dearáí atá beartaithe ag ÚNI. Áirítear in GCÚI ionadaithe ó réimse úsáideoirí an chórais iompair phoiblí, úsáideoirí an bhonneagair taistil ghníomhaigh ar fud na tíre agus tá ionadaithe air ó dhaoine atá faoi mhíchumas agus daoine atá níos sine. Leis an rannpháirtíocht seo cuirtear réimse leathan de thuairimí ar fáil do ÚNI ó úsáideoirí seirbhíse agus ó pháirtithe leasmhara eile araon.

Saoráil Faisnéise (SF), Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC), agus Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid (FEPA)

Fuarthas 244 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 [SF] agus sé iarratas faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) [RFC]. San iomlán, bhí 250 iarratas ar SF agus ar RFC ann in 2025, méadú 34% i gcomparáid le 2024.

Ar shuíomh gréasáin ÚNI, foilsímid sonraí agus taifid nochta um SF/RFC lena dtugtar sonraí faoi iarratais neamhphearsanta RFC agus SF in 2025.

Oifig an Ombudsman

Le linn 2025, chuir an tOmbudsman 29 cás ar aghaidh chuig ÚNI ag lorg freagra ar ghearáin agus ar cheisteanna a d'ardaigh daoine den phobal leis an Oifig sin. Faoi dheireadh 2025, seasadh le gearán amháin.

Comhairliúcháin

Bhí 10 gcomhairliúchán phoiblí ann in 2025 agus fuarthas 5,299 aighneacht san iomlán ón bpobal:

Tábla 7 – Liosta Comhairliúchán Poiblí

Comhairliúchán	Dáta Oscailte	Dáta Deiridh	Líon na n aighneachtaí
Comhairliúchán ar Ghleann Dá Loch – Bré	06.01.2025	21.02.2025	249
Leasú ar Bhealaí 350 agus 333	09.01.2025	13.02.2025	331
Comhairliúcháin Phoiblí um Thacsaithe – Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Uasaois Incheadaithe Tacsáí 2025)	18.02.2025	12.03.2025	1,832
Comhairliúchán ar leasuithe beartaithe ar na Rialacháin FBSP chun glacadh le ceadúnais Hacnaí Ceantair Áitiúil a mhéadú.	16.10.2025	28.11.2025	237
Comhairliúchán ar leasuithe beartaithe ar na Rialacháin FBSP chun an fhoirm Fógra Íocaíochta Seasta a leasú	17.10.2025	18.11.2025	48
Ráiteas Straitéise nua 2026-2030 don Údarás Náisiúnta Iompair: Comhairliúchán Poiblí	22.10.2025	14.11.2025	28
Suirbhé ar Thiománaithe Tacsáí	28.10.2025	11.11.2025	2,182
Comhairliúchán ar Bhealach Bus an Longfoirt – an Chabháin	10.11.2025	07.12.2025	19
Athbhreithnithe ar Sheirbhís Bhus Comaitéireachta Chill Dara	08.12.2025	10.01.2026	213
Comhairliúchán maidir le Bealaí Bus Bhaile Átha an Rí	24.11.2025	09.01.2026	160

Cruinnithe le Pobail Áitiúla agus le hÚdaráis Áitiúla

D'fhreastail ÚNI ar roinnt imeachtaí Pobail Áitiúil agus ar chruinnithe le hÚdaráis Áitiúla maidir lena ról agus a phleananna i leith iompar poiblí. I measc cuid de na himeachtaí agus na cruinnithe ar freastalaíodh orthu áirítear;

- › Comhairle Contae an Chláir
- › Comhairle Cathrach Chorcaí
- › Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- › Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- › Comhairle Contae Fhine Gall
- › Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- › Scéim Chroíchonair Bhus Ghleann na Life go Lár na Cathrach – Seisiúin eolais pobail
- › Comhairle Contae Chill Mhantáin

An Phreasoifig/ Na Meáin

D'fhoilsigh ÚNI 272 mír nuachta agus preaseisiúint san iomlán do 2025, agus foilsíodh 57 díobh sin i nGaeilge. Bhí baint ag ÚNI le 22 imeacht meán i rith na bliana.

Foilseacháin


D'fhoilsigh ÚNI 86 doiciméad san iomlán in 2025 ar a shuíomh gréasáin agus a thairseach le haghaidh comhairliúcháin phoiblí araon.

Aonad um Idirchaidreamh an Oireachtais

Le feidhm Idirchaidrimh an Oireachtais tá freagracht inti as gach fiosrúchán a fhaightear ó ionadaithe tofa, ón Roinn Iompair agus ó údaráis áitiúla a bhainistiú, a chomhordú agus a fhreagairt. Tháinig fás suntasach de 49% in 2025 i gcomparáid le 2024 i dtéarmaí líon na gcásanna a próiseáladh. Fuair Aonad um Idirchaidreamh an Oireachtais 5,857 fiosrúchán in 2025, lena n-áirítear 1,557 Ceist Pharlaiminteach. Ar shuíomh gréasáin ÚNI, foilsímid ár bhfreagraí ar [Cheisteanna Parlaiminte](#).

Fíor 2 - Cásanna Idirchaidrimh an Oireachtais 2017 - 2025

Líon Iomlán Cásanna Idirchaidrimh an Oireachtais 2017 - 2025



Coistí an Oireachtais

D'fhreastail ÚNI ar 7 gcruinniú de chuid Choiste an Oireachtais in 2025, agus tá sonraí fúthu thíos.

Tábla 8 - Cruinnithe Choiste an Oireachtais

Ionadaí/Ionadaithe ÚNI	Dáta	Ócáid
POF Eatramhach; Stiúrthóir Cúnta um Infheistíocht Iompair Ceannaire Pleanála Seirbhíse.	28/05/2025	Comhchoiste um Iompar
POF Eatramhach; Stiúrthóir Cúnta um Infheistíocht Iompair.	11/06/2025	Comhchoiste um Bonneagar agus um Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta
POF Eatramhach; Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Poiblí.	01/10/2025	Comhchoiste um Iompar
POF Eatramhach; Stiúrthóir Cúnta um Infheistíocht Iompair.	08/10/2025	Comhchoiste um Aeráid, Comhshaol agus Fuinneamh
POF Eatramhach; Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Poiblí; Pleanálaí Sinsearach Iompair.	15/10/2025	Comhchoiste um Iompar
POF Eatramhach; Stiúrthóir Cúnta um Infheistíocht Iompair.	19/11/2025	Comhchoiste um Iompar
POF; Leas-POF.	17/12/2025	Comhchoiste um Bonneagar agus um Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta

Bonneagar Iompair



Bonneagar Iompair


BusConnects i nGaillimh, Luimneach agus Port Láirge

BUS CONNECTS

Tástálacha fairsinge á ndéanamh ar charráistí nua DART



Breis is **1,400** Cuaille de bhranda TFI suiteáilte



61 bus leictreach dhá urlár i bhfeidhm i Luimneach



Dul chun cinn suntasach ar Chlár Iarnróid Chomaitéireachta Cheantar Chorcaí

55 Scáthlán bus nua ar fud na tíre



1,075 km de bhonneagar Taistil Gníomhach nua nó feabhsaithe seachadta



48,362 cuairt ar stadanna chun glanadh a dhéanamh

124 Bus leictreach curtha i bhfeidhm ag BusConnects Bhaile Átha Cliath



€296 Million of funding to local authorities in 2025 for Active Travel



Cead pleanála bronnta do **12 scéim** do BusConnects Bhaile Átha Cliath

Lean ÚNI de bheith ag infheistiú i dtionscadail bhonneagair iompair ar fud an stáit. Sa chuid seo, leagtar amach cuid de na príomhchláir agus na tionscadail a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2025.

Clár DART+

Clár claochlaitheach de thionscadail atá i gceist le Clár DART+ a bhfuil sé mar aidhm leis seirbhísí iarnróid reatha i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MCBÁC) a nuachóiriú agus a fheabhsú. Cuirfear seirbhís iarnróid inbhuanaithe, iontaofa agus níos minice ar fáil leis, rud lena ndéanfar an acmhainneacht a fheabhsú agus na conairí iarnróid a fhreastalaíonn ar Bhaile Átha Cliath a leictriú. Rinneadh dul chun cinn breise ar phleanáil agus ar dhearadh gach gné den Chlár DART+ in 2025. Áirítear leis an gClár DART+ na nithe seo a leanas:

- › **Tionscadal DART+ an Iarthair** – Taisceadh dhá athbhreithniú bhreithiúnacha chun na hArd-Chúirte in 2024 i gcoinne an Ordaithe Iarnróid cheadaithe agus tarraingíodh siar iad i mí an Mheithimh 2025, rud a réitigh an bealach don tionscadal dul ar aghaidh.

In 2025, chuir Iarnród Éireann gníomhaíochtaí soláthair chun cinn, lena n-áirítear ceistneoirí réamhcháiliúcháin (CRanna) a eisiúint le haghaidh córais iarnróid agus oibreacha sibhialta chun tacú le soláthar scéim DART+ an Iarthair.

Níor ceadaíodh an tsaoráid nua stórais a bhí beartaithe siar ó Mhaigh Nuad laistigh den OI, agus d'iarr ACP iarratas ar leith ar OI. Rinneadh dul chun cinn in 2025 ar obair ullmhúcháin don iarratas nua sin. Beidh an suíomh is dealraithí a roghnófar ina ábhar comhairliúcháin phoiblí neamhrechtúil in 2026.

- › **Tionscadal DART+ an Iardheiscirt** – In 2025, chuir Iarnród Éireann gníomhaíochtaí soláthair chun cinn, lena n-áirítear Ceistneoir Réamhcháiliúcháin (CRanna) a eisiúint le haghaidh córais iarnróid agus oibreacha sibhialta chun tacú le soláthar scéim DART+ Iardheisceart.
- › **Tionscadal DART+ an Chósta Thuaidh** – Cheadaigh ACP i mí Lúnasa 2025 iarratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh DART+ an Chósta Thuaidh, a taisceadh i mí Iúil 2024. Tar éis athbhreithniú breithiúnach amháin a réiteach, tháinig an tOrdú Iarnróid i bhfeidhm, rud a chuir ar chumas an tionscadail dul chun cinn breise a dhéanamh.
- › **Tionscadal DART+ an Chósta Theas** – Tá obair dhearaidh ar bun faoi láthair ar thionscadal DART+ an Chósta Theas, chun leibhéal feabhsaithe seirbhíse DART idir Bré agus na Clocha Liatha a phleanáil. Rinneadh comhairliúchán poiblí neamhrechtúil ar an rogha is dealraithí a roghnófar ag deireadh 2025, agus táthar ag súil le tuilleadh forbairt dheartha i rith 2026.
- › **Tionscadal Flít DART** – Seachadadh na chéad charráistí DART nua i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus seachadadh dhá thacar breise ina dhiaidh sin in 2025. Tá tástáil agus coimisiúnú cuimsitheach á ndéanamh ar na trí thacar go léir faoi láthair sula bhféadfar iad a chur i mbun oibríochta. Táthar ag súil go rachaidh an chéad bhaisc de 65 carráiste traenach leictreach cadhnra i mbun seirbhíse ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Droichead Átha in 2027.
- › **Tionscadal um Bonneagar Luchtaithe DART** – Chun go mbeifear in ann traenacha DART leictreacha cadhnra a oibriú go Droichead Átha, forbraíodh bonneagar luchtaithe nua ag stáisiún Dhroichead Átha. Cuireadh na hoibreacha suiteála i gcrích in 2025, déanfar tástáil i rith 2026, agus táthar ag súil go mbeidh coimisiúnú iomlán déanta faoi dheireadh na bliana.

Feabhsú Acmhainne Chill Mhantáin

Rinneadh obair dhearaidh thosaigh in 2025 chun an bonneagar a theastaíonn chun tacú le seirbhís DART gach uair an chloig go Baile Chill Mhantáin a shainaithint, agus úsáid á baint as tacair traenach leictrí cadhnra atá in ann oibriú ar an stráice neamhleictrithe idir na Clocha Liatha agus Baile Chill Mhantáin. Rachaidh an chéad chéim eile den tionscadal, an réamhdhearadh, chun cinn in 2026.

Clár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí

Le hIarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí (ICCC) cuirfear méadú ar acmhainneacht agus minicíocht na dtraenacha ar fáil, lena n-eascrófar pobail atá níos nasctha agus lena gcuirfear líonra iompair níos inbhuanaithe ar fáil. Is ionann an clár agus an infheistíocht is mó dá ndearnadh riamh i líonra iarnróid Chorcaí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar roinnt gnéithe den chlár in 2025. Ag Stáisiún Cheannt, Corcaigh, cuireadh Pacáiste Oibre 1 i gcrích agus tá an t-ardán nua agus na hoibreacha riain gaolmhara i mbun oibríochta anois. Rinneadh dul chun cinn maith in 2025 ar an bpríomhchonradh oibreacha sibhialta le haghaidh rian dúbailte ó Ghleanntán go Mainistir na Corann, lena n-áirítear glanadh láithreáin, an rian atá ann cheana a bhogadh, créfoirt agus struchtúir choinneála, oibreacha foirmithe, oibreacha riain agus claítheoireacht. Rinneadh dul chun cinn freisin ar na hoibreacha chun an bonneagar comharthaíochta agus cumarsáide i gceantar Chorcaí a uasghrádú, le claiseanna nua taoibh riain agus boinn chomharthaíochta a shuiteáil, agus an bonneagar nua a shamhaltú.

Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn ar dhearadh na ngnéithe eile den chlár, agus cuireadh réamhdhearadh an leictrithe, na stáisiún nua agus an iosta nua i gcrích. Reáchtáladh an chéad chomhairliúchán poiblí ar na roghanna is dealraithí a roghnófar in 2025, agus táthar ag súil leis an dara comhairliúchán in 2026. Rinneadh cinneadh dhá cheann de na stáisiúin nua a chur chun cinn roimh an clár iomlán a chur i bhfeidhm (An Linn Dubh agus Dún Citil), agus rachaidh dearadh agus iarratas pleanála an dá stáisiún sin chun cinn in 2026.

Stáisiún Iarnróid

Athfhorbairt ar Stáisiún Cheannt, Gaillimh

Infheistíocht shuntasach atá i gceist le Tionscadal um Stáisiún Cheannt a athfhorbairt, tairseach iompair chuig cathair na Gaillimhe agus an réigiún níos leithne in iarthar na hÉireann. Áirítear leis an tionscadal díon halla na traenach reatha a ionadú, ardáin nua a thógáil, chomh maith le bealach isteach nua ó dheas agus áiseanna nua-aimseartha do chustaiméirí a thógáil. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2025, lena n-áirítear an díon nua a thógáil, seanseid na n-inneall a athrú ina lóistín foirne, agus na trí ardán nua agus na hoibreacha riain gaolmhara a chur i gcrích. Táthar ag súil go mbeidh an stáisiún críochnaithe agus oscailte go hiomlán do sheirbhísí paisinéirí in 2026.

Stáisiún Shruthán na Coille

Oslaíodh an stáisiún DART nua, atá suite idir Bré agus Seanchill i gceantar Sheangánaigh i mBaile Átha Cliath, do sheirbhísí paisinéirí i mí Lúnasa 2025. Freastalaíonn suas le 191 seirbhís DART ar Stáisiún Shruthán na Coille gach lá i rith na seachtaine, agus cuirtear amanna turais de thart ar 40 nóiméad go Baile Átha Cliath ar fáil. Áirítear leis an stáisiún

dhá ardán 174 méadar ar fhad le scáthláin, córais faisnéise do chustaiméirí, TCI, páirceáil rothar, áiseanna ticéadaithe, agus droichead coisithe nua lena gcuirtear rochtain ar fáil trí chéimeanna agus trí rampaí araon. Cuireadh tús leis an tógáil i mí na Samhna 2023 agus cuireadh i gcrích í de réir an sceidil, rud a chuir saoráid nua-aimseartha, lán-inrochtana ar fáil a mbeidh ról lárnach aici maidir le tacú le taisteal inbhuanaithe do chónaitheoirí reatha agus do chónaitheoirí amach anseo araon.

Stáisiún Órán Mór

Baineann Tionscadal Feabhsúcháin Stáisiún Órán Mór le lúb thrasnaithe agus an dara hardán a thógáil ag an stáisiún, mar aon le híosbhealach nua. Tugadh cead pleanála do na hoibreacha in 2025 agus thóg larnród Éireann an t-íosbhealach nua mar chuid de chonradh réamhoibreacha. Eisíodh an tairiscint do na príomhoibreacha chuig an margadh freisin.

MetroLink

Tá sé mar aidhm leis an gclár MetroLink conair iarnróid uathoibrithe, ardmhinicíochta, le hacmhainneacht mhór, a fhorbairt ó Charlemont go Sord, agus seirbhísí Aerfort Bhaile Átha Cliath, larnród Éireann, DART, bus agus Luas á gcomhtháthú i gcóras iompair phoiblí aontaithe do MCBÁC.



Fuarthas cinneadh ó ACP maidir leis an iarratas ar Ordú larnróid MetroLink ar an 2 Deireadh Fómhair 2025. Taisceadh athbhreithniú breithiúnach i ndáil le ceadú an ordaithe ag ACP ag deireadh mhí na Samhna 2025, agus thángthas ar réiteach tar éis idirghabhála faoi dheireadh na bliana.

Tá Stiúrthóir Cláir agus foireann feidhmiúcháin a bhfuil an-taithí acu fostaithe ar an tionscadal, agus bhí siad i gceannas in 2025 ar fhorbairt an Cháis Ghnó Mhionsonraithe, an Phlean Forghníomhaithe Tionscadail agus na Straitéise Soláthair, mar a éilítear leis na Treoirínte Bonneagair ag Geata Formheasa 2 (GF2), is é sin cead dul ar aghaidh chuig tairiscint. Táthar ag súil go gcuirfear na doiciméid riachtanacha faoi bhráid ÚNI agus an Rialtais lena mbreithniú in 2026.

Luas Fhionnghlaise

Síneadh de 3.9 ciliméadar ar Líne Uaine Luas ó Dhroichead Broome go Baile Shéarlais atá i gceist le Luas Fhionnghlaise, lena n-áirítear áis Pháirceála agus Taistil le 350 spás páirceála in aice leis an M50 ag Bóthar San Maighréad. Is easbhóthar den chuid is mó atá an t-aillíniú, lena gcinnteofar seirbhís iompair phoiblí ar ardchaighdeán le tramanna ag dul gach 7.5 nóiméad le linn na mbuaicthréimhsí agus am taistil de thart ar 30 nóiméad ó Bhaile Shéarlais go Coláiste na Tríonóide.



Cheadaigh ACP, faoi réir coinníollacha, an aighneacht ar Ordú larnróid, lena n-áirítear an Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta iomlán agus réamhdhearadh na scéime, ar an 28 Deireadh Fómhair 2025. Cuireadh trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach isteach maidir leis an tionscadal, agus tá na cásanna ar fad faoi réir idirghabhála anois.

Le linn 2025, lean foireann an tionscadail de bheith ag ullmhú do chéimeanna den tionscadal amach anseo, lena n-áirítear an Straitéis Soláthair a thabhairt chun críche, doiciméid tairisceana a dhréachtú do chomhairleoirí amach anseo, doiciméid conarthaí tógála amach anseo agus conarthaí oibreacha cumasúcháin.

Luas Chorcaí

Is líne iarnróid éadrom bheartaithe é Luas Chorcaí a rithfidh ó Bhaile an Chollaigh go Rinn Mhachan, lena nascfar príomhchinn scríbe amhail Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Ospidéal Ollscoile Chorcaí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Lár Chathair Chorcaí, Stáisiún Cheannt, Ceantar Dugaí Chorcaí, An Dúcharraig agus Machain.

Lainseáladh comhairliúchán poiblí neamhreachtuil i mí Aibreáin 2025 ar an mbealach is dealraithí a roghnófar. Fuarthas beagán os cionn míle aighneacht i leith an chomhairliúcháin sin, agus rinne BIÉ agus a fhoireann deartha athbhreithniú agus measúnú orthu. Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin, táthar ag súil go ndéanfar roinnt leasuithe ar thograí na scéime. Tar éis na ndearaí athbhreithnithe sin a fhorbairt, tabharfaidh BIÉ faoin dara babhta comhairliúcháin phoiblí in 2026, ina leagfar amach an bealach beartaithe is dealraithí a roghnófar.

Scáthláin Bus agus Stadanna Bus

Lean ÚNI de bheith ag obair go dlúth le húdaráis áitiúla chun toiliú a fháil agus chun scáthláin bus nua agus stadanna bus nua agus feabhsaithe a chur i bhfeidhm le linn 2025.



Scáthláin Bus

Le linn 2025, ceapadh conraitheoir nua chun scáthláin bus a sholáthar, agus suiteáladh 55 scáthlán bus nua ar fud na tíre. Forbraíodh dearadh nua scáthláin lena dtugtar isteach cuma níos comhaimseartha agus níos cuimsithí, lena gcuimsítear pailéad dathanna níos dorchá mar aon le heilimintí codarsnacha atá deartha go cúramach chun infheictheacht a fheabhsú do choisithe a bhfuil lagú amhairc orthu. Rinneadh leagan amach na suíochán a athdhearadh freisin chun compord, inrochtaineacht agus inúsáidteacht a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas, le chinntiú go dtacaíonn na scáthláin níos fearr le rochtain uilíoch agus le timpeallacht iompair phoiblí níos cuimsithí. Cuirfear tús lena gcur i bhfeidhm in 2026.

Stadanna Bus

Tá breis is 13,350 stad bus ar fud na tíre agus tá clár ar bun chun áiseanna feabhsaithe agus faisnéis taistil a sholáthar ag gach ceann acu. Leanadh leis an bhfeabhsú ar áiseanna stadanna bus agus ar fhaisnéis taistil ar fud na tíre le linn 2025 lena n-áirítear na príomhbhuaicphointí seo a leanas:

- › Suiteáladh thart ar 1,400 cuaille nua de bhranda TFI, rud a chuir feabhas ar áiteanna feithimh do phaisinéirí agus ar cholbhaí.
- › Suiteáladh bonneagar nua ar fud Bhaile Átha Cliath agus thuaisceart Chill Mhantáin chun seirbhísí Dromlaigh E agus Dromlaigh F a sheoladh.
- › Suiteáladh bonneagar nua i bPort Laoise chun an tseirbhís baile nua a sheoladh.
- › Rinneadh tuilleadh oibreacha uasghrádaithe i gCiarraí, i dTiobraid Árann agus sa Mhí. Cuireadh tús le hobair thógála i gCathair agus i gContae Chorcaí roimh chlár Athdhearadh Líonra BusConnects Chorcaí.
- › Faisnéis taistil fheabhsaithe foilsithe ag breis is 4,820 stad ar fud na tíre.

- › Rinneadh deisiúcháin éigeandála ag 647 stad bus, agus rinneadh 48,362 cuairt ar stadanna bus chun glanadh agus cothabháil a dhéanamh le linn na bliana trí Chomhaontuithe Seirbhíse le Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.
- › Leanadh le hobair phleanála agus dhearaidh i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach, i bPort Láirge, i nGaillimh, sa Chlár agus i nDún na nGall do chéimeanna athdheartha líonra atá le teacht agus do sheirbhísí baile nua.

Páirceáil agus Taisteal

Tá sé mar aidhm leis an gclár Páirceála agus Taistil tacú le comaitéireacht inbhuanaithe agus brú tráchta a laghdú trí áiseanna nua Páirceála agus Taistil den scoth a sholáthar ag láithreacha straitéiseacha ar na bealaí isteach chuig ceirtleáin uirbeacha, agus an bhéim thosaigh leagtha ar chonair an N11/M11 agus ar chonair an M1, i dteannta feabhsuithe ar áiseanna Páirceála agus Taistil atá ann cheana ag stáisiúin iarnróid throm.



Is iad seo a leanas na príomhéachtaí a baineadh amach le linn 2025:

- › Cuireadh an próiseas tairisceana i gcrích chun áis nua Páirceála agus Taistil atá bunaithe ar bhus a thógáil ag Acomhal 6, M11/N11 (an Fásach Rua) ar imeall thiar Bhré i gContae Chill Mhantáin, agus cuireadh tús le hoibreacha ar an láithreán; táthar ag súil go gcuirfear i gcrích iad in 2026.
- › Tugadh toiliú pleanála faoi Chuid VIII d'áis nua Páirceála agus Taistil atá bunaithe ar bhus ag Acomhal 16, (Áth na bhFuinseog/Ráth Naoi) níos faide ó dheas feadh chonair an N11/M11 i gContae Chill Mhantáin.
- › Cuireadh iarratas pleanála faoi bhráid Chomhairle Contae Fhine Gall chun áis mhór Pháirceála agus Taistil atá bunaithe ar bhus a fhorbairt ag Halla an Leasáin, díreach ó thuaidh d'Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an M1, agus táthar ag súil le cinneadh in 2026.
- › Leanadh le hobair phleanála agus dhearaidh ar láithreáin nua agus uasghrádaithe Pháirceála agus Taistil ar an N11/M11 ag Cill Pheadair i gContae Chill Mhantáin, ar an M20 ag an Ráithín, ar Bhóthar na hInse ag Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne i gCathair Luimnigh, ar an M6 ag Acomhal 19 soir ó Chathair na Gaillimhe, ar an N22 ag na hUamhanna gar do Chathair Chorcaí, agus i roinnt láithreacha eile i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach agus i nGaillimh.

Le linn 2025, lean Iarnród Éireann, i gcomhar le ÚNI, d'idirghabhálacha tosaíochta a chur chun cinn ag áiseanna Páirceála agus Taistil atá ann cheana, mar a sainaithníodh sa Straitéis Náisiúnta Carrchlós. Áiríodh orthu sin uasghrádú ag Stáisiún Chill Dara a chur i gcrích, tús a chur le huasghrádú ag Stáisiún Mheathas Troim, agus cead pleanála a fháil do phointe aistrithe bus nua agus d'áiseanna páirceála ag Stáisiún Shráid an Mhuilinn.

Clár BusConnects

Is é BusConnects clár ÚNI chun seirbhísí bus i gcathracha na hÉireann a fheabhsú go mór. Is cuid lárnach de bheartas an Rialtais é chun feabhas a chur ar iompar poiblí agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide i mBaile Átha Cliath agus cathracha eile ar fud na hÉireann. Tugtar achoimre thíos ar na gnéithe éagsúla de chlár BusConnects a cuireadh chun cinn in 2025.



BusConnects Bhaile Átha Cliath

BusConnects Bhaile Átha Cliath – Athdhearadh Líonra

Mar a leagtar amach i rannán Seirbhísí Iompair na tuarascála seo, seoladh dhá chéim in 2025, is iad sin Dromlach E, Dromlach F agus na bealaí gaolmhara.

Conairí Bus Lárnacha – BusConnects Bhaile Átha Cliath

Faoi dheireadh 2025, bhí toiliú pleanála tugtha do na 12 scéim ar fad, rud a bhí ina chloch mhíle mhór do Chlár BusConnects Bhaile Átha Cliath. In 2025, bhunaigh ÚNI creat tógála ilsoláthraithe nua chun tacú le soláthar tráthúil. Leis an gcreat, is féidir slógadh comhsheasmhach, cuir chuige chaighdeánaithe cur chun feidhme agus éifeachtúlacht soláthair fheabhsaithe a bhaint amach. Cuimsíonn an creat sé chuideachta tógála a bhfuil an-chuid taithí acu.

Tógfar na conairí ar bhonn céimnithe chun tionchair ar thrácht a íoslaghdú. I bhfianaise na gceanglas bainistíochta tráchta le linn na tógála, ní thógfár níos mó ná ceithre chonair ag an am céanna. Is é seo a leanas dul chun cinn na hoibre tógála go dtí seo:

- › **Scéim Ghleann na Life go Lár na Cathrach:** Bronnadh an conradh tógála ar GMC Group Limited i mí Iúil 2025, agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha in 2026.
- › **Scéim Bhaile Munna / Fhionnghlaise go Lár na Cathrach:** Bronnadh an conradh tógála ar John Graham Construction Limited i mí na Nollag 2025, agus cuirfear tús leis an tógáil in 2026.

BusConnects Bhaile Átha Cliath – Aistriú go Nialas

Faoi dheireadh 2025, bhí 124 bus leictreach curtha i mbun seirbhíse, le tacaíocht ó acmhainneacht luchtaithe nua ag iostaí Chnoc an tSamhraidh agus Baile Phib.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i dtreo leictriú ar fud an líonra trí Chreat Bonneagair Luchtaithe Busanna Leictreacha a bhunú, lena gcumhdaítear dearadh, soláthar agus suiteáil trealamh luchtaithe iostaí, agus táthar ag súil go mbeidh an próiseas tairisceana curtha i gcrích in 2026.

Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile – BusConnects Bhaile Átha Cliath

Tar éis próiseas soláthair an-iomaíoch, bhronn ÚNI conradh foriomlán an Chreat-Chomhaontaithe i mí Aibreáin 2024 le haghaidh córas ticéadaithe iompair náisiúnta nua a dhearadh, a sholáthar, a shuiteáil agus a oibriú. Cumhdaítear sa chéad chonradh glao isteach, a síníodh i mí Lúnasa 2024, na modhanna uile i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Le linn 2025, díriodh ar chéimeanna Pleanála agus Dearaidh an tionscadail mhóir chasta seo. In 2027, beidh an chéad trealamh nua le feiceáil ar na sráideanna, agus is é 2028 an sprioc chun íocaíochtaí gan tadhall a thabhairt isteach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

BusConnects Chorcaí

Deonaíodh toiliú na Comh-aireachta do Chás Gnó Tosaigh an chláir i mí Dheireadh Fómhair 2025, rud a bhí ina chloch mhíle mhór agus a réitigh an bealach d'iarraais phleanála amach anseo chuig ACP le haghaidh bonneagar nua bus agus taistil ghníomhaigh.

BusConnects Chorcaí – Conairí Iompair Inbhuanaithe

Soláthróidh Conairí Iompair Inbhuanaithe Chorcaí saoráidí leanúnacha tosaíochta bus agus rothaíochta ar fud trí scéim bheartaithe ina mbeidh 11 chonair. In 2025, bhí dearadh na gConairí Iompair Inbhuanaithe beartaithe curtha i gcrích go substaintiúil. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Mheasúnachtaí Tionchair Timpeallachta agus ar oibreacha phleanála chun tacú le hiarratais phleanála, agus tá na hathbhreithnithe deiridh sceidealaithe do thús 2026, sula gcuirfear na hiarratais faoi bhráid ACP in 2026.

Líonra a Athdhearadh – BusConnects Chorcaí

I gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Chorcaí, tá dul chun cinn á dhéanamh ag ÚNI ar Phointe Aistrithe Páirceála agus Taistil Black Ash nua, a cheadaigh Comhairle Cathrach Chorcaí i mí an Mheithimh 2025, agus soláthrófar leis bána bus nua, rochtain fheabhsaithe, scáthlín fheabhsaithe, páirceáil rothar faoi dhídean, agus bealaí coisithe uasghrádaithe chun tacú le líonra BusConnects Chorcaí atá níos sábháilte agus níos inrochtana. Nuair a bheidh sé i mbun oibríochta, tacóidh an pointe aistrithe le soláthar BusConnects Chorcaí trí spás a chur ar fáil do shé bhealach nua bus a fhreastalóidh ar an áis Pháirceála agus Taistil, rud a neartóidh naisc le hAerfort Chorcaí, Stáisiún Cheannt, Ospidéal Ollscoile Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Lainseáladh Bealach 31, a nascann Cnoc Rátha le Plás Parnell, i mí Aibreáin 2025. Foilsíodh forléargas nuashonraithe ar an líonra i mí an Mheithimh 2025, ina leagtar amach ailínithe seirbhíse athbhreithnithe.

BusConnects Chorcaí – Flít Bus agus Iostaí – Aistriú go Nialas

Faoi dheireadh 2025, bhí 29 bus dhá urlár breise curtha le flít bus chathair Chorcaí. Tháinig méadú suntasach ar acmhainneacht seirbhísí bus chathair Chorcaí mar thoradh ar na busanna sin. Cuireadh tús le tógáil iosta sealadach Tivoli i mí an Mhárta 2025, agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é go luath in 2026. Ina theannta sin, tugadh an próiseas chun láithreán Bhóthar Chionn tSáile a cheannach chun críche, rud a dhaingnigh príomhshuíomh d'iosta amach anseo a éascóidh leictiú an fhlít bus. Cuireadh tús le hobair dhearaidh tosaigh don iosta nua sin le linn 2025. Beidh ról ríthábhachtach ag na forbairtí sin maidir le tacú le clár BusConnects Chorcaí tríd an mbonneagar a theastaíonn a sholáthar chun freastal ar líonra iompair phoiblí atá leathnaithe agus nuachóirithe, rud a chuirfidh seirbhísí níos iontaofa agus níos éifeachtúla ar fáil.

BusConnects na Gaillimhe, BusConnects Luimnigh agus BusConnects Phort Láirge

Cuimsíonn clár BusConnects níos mó ná Baile Átha Cliath agus Corcaigh amháin, agus áirítear leis réigiúin straitéiseacha amhail Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge.

Conairí Iompair Inbhuanaithe (CII) – BusConnects Réigiúnach

Tá trí scéim Conairí Iompair Inbhuanaithe (CII) ar bun nó curtha i gcrích i nGaillimh faoi láthair.

- › Fuair an Nasc Traschathrach cead coinníollach ó ACP in 2024 agus bhí sé fós faoi réir athbhreithniú breithiúnach le linn 2025.
- › Cheadaigh ACP Conair Iompair Bhóthar Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2025, lenar cumasaíodh uasghráduithe idir Móinín na gCiseach agus Bóthar Dhabhach Uisce.
- › Críochnaíodh Scéim Tosaíochta Bus Bhóthar na Páirce Móire i mí na Nollag 2024.

BusConnects Réigiúnach – Líonra a Athdhearadh

Le linn 2025, leanadh leis an bpleanáil chun na líonraí bus athdheartha i Luimneach agus i nGaillimh a chur i bhfeidhm. Reáchtáladh cruinnithe comhairliúcháin rialta le húdaráis áitiúla, rud a chinntigh comhoibriú leanúnach.

I bPort Láirge, bhain athdhearadh líonra iompair phoiblí na cathrach cloch mhíle thábhachtach amach nuair a foilsíodh an plan líonra nua i mí Eanáir 2025, tar éis clár cuimsitheach rannpháirtíochta poiblí.

BusConnects Réigiúnach – Aistriú go Nialas

Tá Iosta Bhaile an Róistigh i Luimneach leictirithe go hiomlán anois le haghaidh oibríochtaí bus, agus soláthraíodh an dara céim in 2025. Tá 61 bus leictreach cadhnra dhá urlár san iomlán comhtháite sa fhlít, rud a chumasaíonn aistriú iomlán na seirbhísí uirbeacha go hoibriú leictirithe.

Ina theannta sin, cuireadh pleananna isteach i mí na Bealtaine 2025 le haghaidh síneadh ar Iosta Chuan na Gaillimhe chun freastal ar bhonneagar luchtaithe leictreachais breise. Tacóidh an leathnú seo le clár BusConnects na Gaillimhe a chur chun feidhme agus éascóidh sé cur i bhfeidhm flít lánleictreach amach anseo.

Taisteal Gníomhach

Is é ÚNI an tÚdarás Formheasa do thionscadail taistil inbhuanaithe atá á gcur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla ar fud an Stáit, agus díritear an maoiniú den chuid is mó ar thionscadail Taistil Ghníomhaigh lena ndéantar áiseanna dóibh siúd atá ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht a fheabhsú.

Meastar gur cuid ríthábhachtach de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann é an Taisteal Gníomhach, agus tá méadú 50% ar thurais taistil ghníomhaigh laethúla de dhíth faoi 2030. Chun an méid seo a éascú, tá méadú tagtha ar mhaoiniú ÚNI d'údaráis áitiúla ó €34 milliún in aghaidh na bliana ar an meán idir 2015 agus 2019 go thart ar €290 milliún in aghaidh na bliana tar éis 2021, agus bhí caiteachas €296 milliún ann in 2025. Faoi dheireadh 2025, soláthraíodh 1,075 ciliméadar de bhonneagar Taistil Ghníomhaigh nua nó uasghrádaithe, rud a sháraigh an sprioc 1,000 ciliméadar faoi 2025 a leagadh síos mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta 2021.

Rialachán Iompair



Rialachán Iompair

21,170

tacsaí, hacnaí agus
limisín ceadúnaithe
faoi dheireadh na
bliana



Tá **22.6%**
de na feithiclí
beaga seirbhíse
poiblí uile
inrochtana do
chathaoireacha
rothaí anois

1,368

ceadúnas
nua eisithe
(+14% ó 2024)



29,251

cigireacht oiriúnachta
aonair ar fheithiclí
déanta



805

feithicil leictreach
deontas-i-gcabhair
curtha leis an bhflít



Deontas do cheadúnas
leictreonach d'fheithicil
bheag seirbhíse poiblí
2024 maoinithe ag
€17m

519

deontas
d'fheithiclí
inrochtana do
chathaoireacha
rothaí
ceadaithe



1,893

ceadúnas tiomána
d'fheithicil bheag
seirbhíse poiblí
nua eisithe

Earnáil na bhFeithiclí beaga seirbhíse poiblí (FBSP)

Ceadúnú Feithicle

Faoi dheireadh 2025, bhí 21,170 tacsáí, hacnaí agus limisín ceadúnaithe ann. Tá an flít níos glaise agus níos inrochtana araon: Tá 22.6% de na FBSPanna uile oiriúnach do chathaoireacha rothaí anois agus is ionann feithiclí iomlán leictreach agus 15.6% den fhlít iomlán anois. Tacaíonn an feabhsú bliain i ndiaidh bliana ar cháilíocht an fhlít FBSP le soláthar ÚNI d'iompar sábháilte, inrochtana agus inbhuanaithe do gach paisinéir.

Léirítear an fás san earnáil le líon na gceadúnas d'fheithiclí nua a eisíodh agus le líon na sealbhóirí ceadúnas nua: In 2025, eisíodh 1,368 ceadúnas nua, méadú 14% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

D'fhás líon na limisíní go láidir in 2025 agus cuireadh 490 ceadúnas limisín nua leis an bhflít. Is ionann limisíní agus 13.1% den fhlít FBSP.

Cigireachtaí Oiriúnachta d'Fheithiclí

Rinneadh 29,251 cigireacht oiriúnachta aonair d'fheithiclí san iomlán in 2025, méadú de 4.2% ar 2024.

Feithiclí Inrochtana

Tá iarratais ar cheadúnais nua le haghaidh tacsaithe agus hacnaithe teoranta d'fheithiclí inrochtana ó 2010 i leith, d'fhone inrochtaineacht an fhlít a fheabhsú. Chun cabhrú le sealbhóirí ceadúnais reatha agus nua feithicil inrochtana a cheannach, tá deontais Feithiclí atá inrochtana do chathaoireacha rothaí (FICR) á dtairiscint ag ÚNI d'iarratasóirí ó 2014 i leith. Idir 2014 agus 2025, rinne ÚNI breis is 5,000 deontas a fhorghnó faoin Scéim Deontas FICR, lena n-áirítear 519 deontas in 2025. As na deontais sin in 2025, bhain 450 acu le sealbhóirí nua ceadúnais FBSP.

I dteannta na bhfeithiclí deontasmhaoinithe, lean ÚNI de mhéadú suntasach a fheiceáil ar líon na bhfeithiclí inrochtana nach raibh deontaschúnta a bhí á gcur leis an bhflít tacsáí agus hacnaí in 2025. Ina theannta sin, cuireadh 430 feithicil inrochtana nach raibh deontaschúnta leis an bhflít in 2025. Is méadú 23% é sin ar 2024, nuair a cuireadh 346 feithicil inrochtana nach raibh deontaschúnta leis an bhflít.

Feithiclí Inbhuanaithe

Rinne ÚNI Deontas FBSP 2025 a riar, arna mhaoiniú ag €17m (€12.5m ar dtús agus €4.5m breise curtha leis i mí Mheán Fómhair) ag oifig FANÉ (Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha in Éirinn) na Roinne Iompair, chun cabhrú leis an bhflít FBSP a aistriú go feithiclí breoslaithe go hinbhuanaithe. Bhí deontais suas le €25,000 ar fáil do shealbhóirí ceadúnais FBSP reatha a rinne a dtacsaithe, hacnaithe nó limisíní díosail/peitрил níos sine a thraipisiú agus/nó a raibh míleáiste ard acu agus b'ionann seo agus 80% de na leithdháiltí deontais. Bhí deontais suas le €12,500 ar fáil freisin chun 'glasú' a dhéanamh ar feithicil reatha, cheadúnaithe, nach raibh faoi réir na gcritéar traipisithe.

In 2025, cuireadh 805 feithicil leictreach deontaschúnta leis an bhflít.

Tháinig méadú ar líon na bhfeithiclí lánleictreacha sa fhlít ó 2,638 ag deireadh 2024 go 3,306 ag deireadh 2025 – méadú 25.3%. Is ionann feithiclí iomlán leictreach agus 15.6% den fhlít iomlán anois.

Seirbhísí Hacnaí Ceantair Áitiúil

Déanann ÚNI ceadúnais speisialta hacnaí ceantar áitiúil a eisiúint chun forálacha iompair tuaithe a fheabhsú. Tá na ceadúnais speisialta seo teoranta do limistéar oibríochta áitiúil, de ghnáth san áit ina gcónaíonn an t-iarratasóir, agus ní gá d'iarratasóirí roinnt riachtanais chaighdeánacha iarratais ar cheadúnas a chomhlíonadh, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca dóibh dul i mbun oibre ina gceantar áitiúil. Mar aitheantas ar líon íseal na sealbhóirí ceadúnas hacnaí ceantair áitiúil, rinne ÚNI dhá scéim deontas hacnaí áitiúil a riar le blianta beaga anuas, ceann amháin in 2019 agus ceann amháin in 2023 chun an cineál ceadúnais speisialta seo a chur chun cinn. Leis na scéimeanna deontais seo tugadh tacaíocht airgeadais ar fáil d'oibreoirí hacnaí tuaithe páirteimseartha i gceantair nach raibh in ann seirbhís hacnaí lánaimseartha a reáchtáil.


In ainneoin na n-iarrachtaí sin, bhí glacadh ceadúnas hacnaí ceantair áitiúil fós íseal, gan ach 24 ceadúnas i bhfeidhm ag deireadh 2024. Mar thoradh air sin, in 2025, thug ÚNI faoi athbhreithniú cuimsitheach ar reachtaíocht Hacnaí Ceantair Áitiúil agus ar na próisis ghaolmhara, d'fhone glacadh a mhéadú. Tar éis an athbhreithnithe, rinne ÚNI comhairliúchán ag deireadh 2025 ar thograí chun an reachtaíocht agus na próisis tacaíochta a nuashonrú. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh na ceanglais nuashonraithe maidir le ceadúnais hacnaí ceantair áitiúil i bhfeidhm go luath in 2026.

Ceadúnú Tiománaithe

Is é an Garda Síochána an tÚdarás um Cheadúnú Tiomána FBSP. Tacaíonn ÚNI leis an nGarda Síochána le roinnt tascanna riaracháin gaolmhara, lena n-áirítear an Tástáil Iontrála do Thiománaithe FBSP a riar.

In 2025, ba é 158 ar an meán líon míosúil na gceadúnas tiomána nua a d'eisigh an Garda Síochána. Sin i gcomparáid le meán míosúil de 174 in 2024. San iomlán, cuireadh 1,893 Ceadúnas Tiomána FBSP nua leis an earnáil in 2025, rud a lean an treocht an-ard i gceadúnais nua a eisíodh ó 2022.

Fíor 3 – Ceadúnais Tiomána FBSP Nua Eisithe, 2014 go 2025



Mar a bhí in 2024, de réir cosúlachta bhí líon na gceadúnas tiomána fós láidir. Ní mór go n-éireoidh leat i dTástáil Iontrála Tiománaithe FBSP chun an chéad chéim a thógáil i dtreo a bheith i do thiománaí. In 2025, críochnaíodh 7,376 tástáil, rud a sháraigh na figiúirí an-ard a bhí ag ÚNI roimhe sin in 2023 (7,298) agus in 2024 (7,096).

In 2024, rinneadh 3,799 ceadúnas a athnuachan as 4,094, nó 93%. In 2025, bhí 6,610 ceadúnas le hathbhreithniú, agus cuireadh an próiseas i gcrích i gcás 6,253 acu (94.6%).

Ar an iomlán, don tríú bliain as a chéile, tá an-suim fós ann dul isteach san earnáil.

Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe

Rinneadh breis is 213,078 seiceáil um cheadúnú feithicle agus tiománaí ó chian le linn 2025 i leith 19,401 feithicil aonair. Is éard is brí leis seo ná go ndearnadh 92% de cheadúnais tacsáí, hacnaí agus limisiní a sheiceáil agus iad ag feidhmiú i rith na bliana.

Thug Oifigigh um Chomhlíonadh faoi 16,731 iniúchadh aghaidh ar aghaidh a dhéanamh ar thiománaithe agus ar fheithiclí ag taobh an bhóthair.

De thoradh ar na gníomhaíochtaí comhlíontachta seo, eisíodh 1,043 Fógra Íocaíochta Seasta (fíneálacha ar an láthair) in 2025 i leith cionta a luaitear i Sceideal 8 de Rialacháin Tacsáí (Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí) 2015 (arna leasú) i gcomhréir le cosaint agus sábháilteacht custaiméirí. Is méadú de 15% atá i gceist leis seo ar 2024.

Íocadh 79% de na Fógraí Íocaíochta Seasta a eisíodh in am in 2025, agus rinneadh an chuid eile a threorú chuig na Cúirteanna Dúiche ar fud na tíre le haghaidh ionchúiseamh cúirte.

Ionchúisimh

Chuir ÚNI tús le 133 ionchúiseamh coiriúil in 2025, agus bhain nach mór leath (47%) díobh seo le seirbhís a fheidhmiú gan cheadúnas.

Gearáin

Fuair ÚNI 1,780 gearán in 2025 i leith na hearnála FBSP, méadú 4% i gcomparáid le 2024. I 61% de na cásanna, measadh nach raibh gá le haon ghníomh eile a dhéanamh nó nach raibh sé indéanta é a dhéanamh i ndiaidh an imscrúdaithe tosaigh. Rinneadh 2% eile de na gearáin a fuarthas a chur ar aird gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Clampáil Feithiclí


Bhí líon na n-achomharc a fuarthas in 2025 níos airde ná aon bhliain eile ó tugadh rialacháin clampála ÚNI isteach in 2018 (féach Tábla 9). Sháraigh sé sin an líon ab airde roimhe sin, a taifeadadh in 2024.

Rinneadh imscrúdú ar 62 gearán faoi alt 18 den Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015 in 2025. I gcás 35 de na gearáin i gcoinne rialaitheoirí páirceála, 'seasadh leo' nó 'seasadh leo go páirteach', agus 'níor seasadh' le 27 gearán.


Achomhairc a dhéanamh chuig Oifigeach um Achomhairc Chlampála trí ÚNI

I gcás ina gceadaíonn Oifigeach um Achomhairc Chlampála achomharc a dhéanamh, ní mór don rialaitheoir páirceála an táille/na táillí ábhartha a aisíoc don tiománaí. In 2025, bhí ceithre rialaitheoir páirceála páirteach i 90% de na hachomhairc a rinneadh trí ÚNI.

Tábla 9 – Achomhairc Theanntála chuig ÚNI



Fíor 4 – Toradh na nAchomharc Clampála a Cuireadh i gCrích 2025



Ceartha Paisinéirí AE

Ós é ÚNI an Comhlacht Forfheidhmithe Náisiúnta ainmnithe in Éirinn maidir le Ceartha Paisinéirí AE, rinne ÚNI 28 fiosrúchán a fhreagairt ón bpobal maidir lena gcearta faoi na Rialacháin, agus bhain formhór díobh le hiompar muirí. Bhain na príomhcheisteanna a ardaíodh le heaspa faisnéise, cealuithe, athródú agus aisíocaíocht.

De réir Rialacháin AE maidir le Ceartha Paisinéirí AE, cuireadh na tuarascálacha riachtanacha maidir le gníomhaíochtaí le dhá bhliain anuas i gcrích agus foilsíodh iad i ngach réimse.

Gluais Téarmaí agus Acrainmneacha



Athbhreithniú Breithiúnach (AB) – Próiseas dlí trína ndéanann na cúirteanna athbhreithniú ar dhlíthiúlacht cinntí a dhéanann comhlachtaí poiblí, go coitianta i gcúrsaí pleanála.

ACP – An Coimisiún Pleanála – Comhlacht náisiúnta neamhspleách pleanála na hÉireann atá freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais straitéiseacha bonneagair, lena n-áirítear mórtionscadail iompair agus Orduithe Iarnróid.

An Dara Treoir NIS – Reachtaíocht AE lena neartaítear ceanglais chibearshlándála d'eintitis riachtanacha agus thábhachtacha.

An Roinn Iompair (RI) – An roinn Rialtais atá freagrach as beartas iompair; feidhmíonn ÚNI faoina choimirce.

Anseo (TFI Anseo) – Seirbhís iompair phoiblí atá freagrach don éileamh, arna hoibriú ag Nasc Áitiúil TFI, lena gceadaítear do phaisinéirí turais sholúbtha a chur in áirithe trí aip i gceantair nach bhfreastalaíonn bealaí seasta orthu go hiomlán.

BIÉ – Bonneagar Iompair Éireann – Comhlacht Stáit atá freagrach as bóithre náisiúnta agus bonneagar iarnróid éadroim.

BusConnects – Clár náisiúnta chun seirbhísí bus in Éirinn a fheabhsú trí athdhearadh líonraí, bonneagar tosaíochta bus, conairí nua bus, leictriú flít agus ticéadú.

Cárta Leap – Cárta cliste comhtháite iompair phoiblí na hÉireann lena úsáid ar fud oibreoirí agus modhanna éagsúla.

CBF – Córas Bainistíochta Foghlama – Ardán digiteach a úsáidtear chun oiliúint agus forbairt foirne a sholáthar, a bhainistiú agus a rianú.

Nasc Áitiúil (Nasc Áitiúil TFI) – Seirbhísí iompair tuaithe a sholáthraítear faoin gclár Éire a Nascadh.

CCB – Croíchonair Bus – Conair ainmnithe lena soláthraítear bearta suntasacha tosaíochta bus (amhail lánaí tiomnaithe agus uasghráduithe aomhal) faoi chlár BusConnects.

CDÉ – Conradh Dírdhámhachtana Éigeandála – Conradh seirbhíse poiblí a bhronntar go díreach (gan tairiscint iomaíoch) ar oibreoir, arna mhaoiniú ag an Státchiste, chun seirbhísí sonraithe iompair phoiblí a sholáthar.

CÉC – Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú – Beartais agus tionscnaimh arb é is aidhm dóibh cothroime, ionadaíocht agus cuimsiú a chothú laistigh den eagraíocht agus ina cuid gníomhaíochtaí.

Clár DART+ – Sraith tionscadal iarnróid chun líonra DART a leathnú agus a nuachóiriú, lena méadaítear acmhainneacht, leictriú agus minicíocht ar fud roinnt conairí.

CR – Ceistneoir Réamhcháiliúcháin – Céim sholáthair a úsáidtear chun oiriúnacht tairgeoirí a mheas sula dtéitear ar aghaidh chuig tairiscint.

DART – Mearlíne Átha Cliath – Seirbhísí iarnróid bruachbhailte leictirithe a oibríonn i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

FANÉ – Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha in Éirinn – Oifig Rialtais a mhaoiníonn agus a thacaíonn leis an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha.

FBSP – Feithicil Bheag Seirbhíse Poiblí – Tacsaithe, hacnaithe agus limisíní arna rialáil ag ÚNI.

FBSPi – Feithicil Bheag Seirbhíse Poiblí leictreach – Tacsáí, hacnaí nó limisín leictreach atá ceadúnaithe laistigh den earnáil FBSP.

FEPA – Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid – Creat lena rialaítear úsáid agus athúsáid sonraí na hearnála poiblí.

FFP – Faisnéis Fhíor-ama do Phaisinéirí – Córais dhigiteacha lena gcuirtear faisnéis bheo seirbhíse ar fáil do phaisinéirí.

FG – Faisnéis Ghnó – Uirlisí agus córais a úsáidtear chun sonraí a anailísiú agus chun tacú le cinnteoireacht oibríochtúil agus straitéiseach.

FICR – Feithicil atá Inrochtana do Chathaoireacha Rothaí – Feithicil atá deartha chun freastal ar phaisinéirí a úsáideann cathaoireacha rothaí, agus a dtacaítear léi trí scéimeanna deontais.

Fochoistí an Bhoird – Coistí de chuid Bhord ÚNI a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar réimsí sonracha amhail infheistíocht chaipitil, iniúchadh nó riosca.

GCÚI – Grúpa Comhairleach um Úsáideoirí Iompair – Grúpa páirtithe leasmhara a chuireann comhairle agus aiseolas ar fáil don ÚNI ó pheirspictíocht úsáideoirí iompair.

GCT – Gás Ceaptha Teasa – Gáis (amhail CO₂ agus meatán) a chuireann leis an athrú aeráide trí theas a cheapadh san atmaisféar.

GF (Geata Formheasa) – Pointí cinnteoireachta faoin gCód Caiteachais Phoiblí ar a gcaithfidh mórthionscadail chaipitil a léiriú go bhfuil siad réidh le dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile (e.g. GF2 – cead dul ar aghaidh chuig tairiscint).

ICFÉ – Iompar Cliste atá Freagrach don Éileamh – Seirbhísí iompair cumasaithe ag teicneolaíocht a chuireann bealaí agus sceidil in oiriúint mar fhreagairt ar éileamh paisinéirí.

IFS – Iompar Frithshóisialta – Iompar a mbíonn tionchar diúltach aige ar shábháilteacht nó ar chompond paisinéirí nó foirne, agus a dtugtar aghaidh air trí fheachtais, CCTV agus idirghabhálacha eile.

IS – Intleacht Shaorga – Teicneolaíochtaí a chuireann ar chumas córas tascanna amhail foghlaim, cinnteoireacht agus aithint patrún a dhéanamh; atá á rialú laistigh de ÚNI trí straitéis IS agus creat maoirseachta.

ITC – Ionad um Theagmháil le Custaiméirí Comhdhlúite – Mol aonair seirbhíse custaiméirí do líonra Transport for Ireland, a láimhseálann fiosrúcháin, gearáin agus faisnéis ar fud oibreoirí.

LUSBÁC – Limistéar Uirbeach Seachtrach Bhaile Átha Cliath – Ceantair timpeall ar chroí-réigiún uirbeach Bhaile Átha Cliath, dá dtagraítear i gconarthaí seirbhísí bus.

MCBÁC – Mórcheantar Bhaile Átha Cliath – An réigiún cathrach ina bhfuil Cathair Bhaile Átha Cliath agus na contaetha máguaird.

MetroLink – Líne iarnróid uathobrithe bheartaithe, ardmhinicíochta agus le hacmhainneacht mhór, a nascfaidh lár chathair Bhaile Átha Cliath le hAerfort Bhaile Átha Cliath agus Sord.

MtCO₂e – Milliún Tonna de Choibhéis Dé-Ocsaíde Carbóin – Aonad a úsáidtear i spriocanna agus i dtuairisciú astaíochtaí náisiúnta agus earnála.

Oireachtas – Parlaimint náisiúnta na hÉireann; áirítear leis Dáil Éireann agus Seanad Éireann.

OSP – Oibleagáid Seirbhíse Poiblí – Seirbhísí iompair poiblí fóirdheonaithe a sholáthraítear i gcás nach leor seirbhísí tráchtála amháin.

P agus T – Páirceáil agus Taisteal – Áiseanna lena gceadaítear do thiománaithe feithiclí a pháirceáil agus aistriú chuig iompar poiblí don chéad chuid eile den turas.

RCS – An Roinn Coimirce Sóisialaí – Déanann sí scéimeanna Saorthaistil a bhainistiú dá dtagraítear i sonraí paisinéirí agus táillí.

RFC – Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol – Ceart reachtúil lena gceadaítear don phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis chomhshaoil atá i seilbh comhlachtaí poiblí.

RGCS – Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí – Rialachán AE lena rialaítear cosaint agus próiseáil sonraí pearsanta.

RS – Ráiteas Straitéise – Straitéis reachtúil ilbhliantúil ina leagtar amach cuspóirí agus tosaíochtaí eagraíochtúla.

Sainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide (Earnáil Phoiblí) – Ceanglas ar chomhlachtaí poiblí astaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas, a laghdú agus a thuairisciú, agus gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an aeráid a chur i bhfeidhm.

SEAI – Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – Údarás náisiúnta a thacaíonn le héifeachtúlacht fuinnimh agus gníomhú ar son na haeráide.

SF – Saoráil Faisnéise – Ceart reachtúil lena gceadaítear rochtain ar thaifid atá i seilbh comhlachtaí poiblí, faoi réir díolúintí.

SFIG – Sonraíocht Fotha Iompair Ghinearálta – A formáid chaighdeánaithe sonraí a úsáidtear chun sceidil iompair poiblí agus faisnéis gheografach a chomhroinnt.

ST – Saorthaisteal – Scéim de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí lena gceadaítear do phaisinéirí incháilithe taisteal saor in aisce ar sheirbhísí iompair poiblí incháilithe.

Taisteal Gníomhach – Siúl, taisteal ar chathaoireacha rothaí agus rothaíocht mar mhodhanna iompair, agus tacaíocht á tabhairt dóibh trí bhonneagar amhail cosáin, rotharbhealaí agus glasphealaí.

TCGE – Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile – Clár náisiúnta chun ticéadú cuntasbhunaithe agus gan tadhall a thabhairt isteach ar fud líonra Transport for Ireland.

TFC – Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide – Córais, bonneagar agus seirbhísí a thacaíonn le hoibríochtaí digiteacha, cibearshlándáil agus bainistiú sonraí.

TFI – Transport for Ireland – An branda dírithe ar thomhaltóirí a sheasann do sheirbhísí iompair poiblí a ndéanann ÚNI maoirseacht orthu.

TTN – Tacaíocht maidir le Taisteal Neamhspleách – Seirbhís a chuidíonn le paisinéirí foghlaim conas iompar poiblí a úsáid go neamhspleách agus go muiníneach.

ÚNI – Údarás Náisiúnta Iompair – Comhlacht reachtúil Stáit neamhthráchtála atá freagrach as pleanáil, maoiniú, rialáil agus comhtháthú iompair in Éirinn.

Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025



Clár na nÁbhar

Authority Information	75
Governance Statement and Board Members' Report	76
Statement on Internal Control	83
Comptroller and Auditor General Report for presentation to the Houses of the Oireachtas	90
Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves	93
Statement of Comprehensive Income	94
Statement of Financial Position	95
Statement of Cash Flows	96
Notes to the Financial Statements	97

Eolas faoin Údarás

Baill an Bhoird	
Mr. Peter Strachan (Cathaoirleach)	
Ms. Anne Shaw (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	(I bhfeidhm ón 24 Samhain 2025)
Mr. Hugh Creegan (Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin)	(Bhí sé ina POF Eatramhach ón 16 Nollaig 2024 go dtí an 24 Samhain 2025)
Ms. Ann Fitzgerald	(Tháinig an téarma chun críche ar an 23 Meán Fómhair 2025)
Mr. Brian McCormick	
Mr. Bernard McLoughlin	(Ceapadh é an 13 Eanáir 2026)
Mr. David Holohan	(Ceapadh é an 13 Eanáir 2026)
Mr. Eddie Doyle	(Ceapadh é an 13 Eanáir 2026)
Ms. Eleanor O'Neill	
Mr. Frank O'Connor	(Tháinig an téarma chun críche ar an 23 Meán Fómhair 2025)
Ms. Joyce Loughnan	
Mr. Iain Docherty	
Mr. Pat Mangan	(Tháinig an téarma chun críche ar an 23 Meán Fómhair 2025)
Mr. Richard Shakespeare	

Aturnaetha	Baincéirí
McCann Fitzgerald 2 Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2 D02 A021	Bainc-Aontas Éireann cpt 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2 D02 X342
Na hIníúcháirí	
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Treasury Dock 70 Cé an Phoirt Thuaidh D01 A9T8

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Rialachas

Is comhlacht stáit reachtúil neamhthráchtála é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“Údarás”) a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair (“DoT”).

I dtús báire, ceapadh an tÚdarás, ar bunaíodh de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, mar údarás iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath faoin Acht 2008. Athainmníodh é, áfach, mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, lenar cuireadh síneadh le feidhmeanna an Údaráis chun Conarthaí maidir leis an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí a bhronnadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu, chomh maith le busanna agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí a cheadúnú ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, lenar comhtháthaíodh an phríomhreachtaíocht maidir le feithiclí beaga agus tiománaithe seirbhíse poiblí a cheadúnú agus lena ndearnadh í a nuashonrú, cuireadh síneadh freisin leis an raon tíreolaíocha a bhaineann le cuid d’fheidhmeanna an Údaráis ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht um Theanntáil Feithiclí 2015, tugtar an fhreagracht don Údarás as gníomhaíochtaí teanntála a rialú ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, cuireadh síneadh sa bhreis le freagrachtaí an Údaráis maidir lena chumhachtú chun fodhlíthe a dhéanamh lena rialaítear an úsáid a bhaineann paisinéirí as seirbhísí bus fóirdheonaithe áirithe.

Coimeádann an tÚdarás chuige féin roinnt feidhmeanna sonracha i dtaca le bonneagar agus comhtháthú iompair agus úsáid talún i mórchéantar Bhaile Átha Cliath, lena léirítear riachtanais iompair poiblí agus bainistíochta tráchta ar leith de chuid an réigiúin.

Leagtar feidhmeanna Bhord an Údaráis amach in Alt 14 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an Bord freagrach don Aire Iompair agus tá sé freagrach as rialachas maith a chinntiú, tasc a thugann sé faoi trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos chomh maith le cinntí straitéiseacha a ghlacadh ar gach príomhábhar gnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir an Údaráis ó lá go lá. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta treoir straitéiseach leathan ar leag an Bord síos a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag baill uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dócha go dtiocfadh aníos. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i ndoiciméid rialaithe chorparáidigh an Údaráis ar a thugtar ‘Treoirphrionsabail don ÚNI’, ‘Struchtúr Corparáideach agus Ábhair a fhorchoimeádtar chuig an mBord’ agus ‘Cód Iompair Ghnó do bhaill an Údaráis’. Cuimsítear na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach chuig cinneadh an Bhoird sa dara ceann de na doiciméid sin. Seo a leanas cuid de na saincheistean a bhíonn á bplé ag an mBord:

- › Dearbhú leasanna,
- › Tuarascálacha ón Choiste Iniúchta agus Riosca,
- › Tuarascálacha airgeadais / cuntais bhainistíochta,
- › Bainistíocht riosca,
- › Tuarascálacha Feidhmíochta; agus
- › Ábhair fhorchoimeáda.

Ceanglaítear le hAlt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 ar an mBord na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád i dtaca leis an airgead uile a fuair agus a chaith sé, i cibé leagan a cheadóidh an tAire Iompair agus le cead an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe agus ‘Ráiteas ar Staid Airgeadais’.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis:

- › Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- › Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- › Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú; agus
- › Luaigh cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeán infheidhmithe chuntasaíochta, faoi réir imeachtaí ábhartha ar bith atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil lena nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus lena gcumasaítear é a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá freagracht ar an mBord as cothabháil agus ardchaighdeán na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad a cheadú i mí na Nollag 2025. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil go tráthrialta le linn na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a shainaithint.

Is é tuairim an Bhoird go dtugtar léargas fírinneach agus cóir i ráitis airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2025.

Struchtúr an Bhoird

Is é Bord ar a bhfuil aon chomhalta dhéag, arna gceapadh ag an Aire Iompair, a rialaíonn an tÚdarás faoi láthair. Is ról ex officio iad trí ról ar an mBord, a fhorchoimeádtar don Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis agus do Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Féadfar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana, agus féadfar iad a athcheapadh. Mar sin féin, is féidir le comhaltaí Boird fónamh ar feadh uastréimhse deich mbliana. Ní bhaineann an srian sin leis na comhaltaí ex officio a bheidh ceaptha fad a bheidh an post ábhartha acu. Tháinig an Bord le chéile 11 uair agus foilsítear miontuairiscí na gcruinnithe boird ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Ar an 31 Nollaig 2025, bhí ochtar comhaltaí ar an mBord san iomlán, agus bhí triúr ban (37.5%) agus cúigear fear (62.5%) ina measc.

Léiríonn an tábla thíos sonraí maidir le tréimhse cheaptha na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Mr. Peter Strachan	Cathaoirleach	11th April 2023
Ms. Anne Shaw (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	Gnáthchomhalta (ex officio)	24th November 2025
Mr. Hugh Creegan (Leas-POF)	Gnáthchomhalta (ex officio)	29th November 2010
Mr. Iain Docherty	Gnáthchomhalta	23rd December 2021
Mr. Eddie Doyle	Gnáthchomhalta	13th January 2026
Mr. David Holohan	Gnáthchomhalta	13th January 2026
Ms. Joyce Loughnan	Gnáthchomhalta	23rd December 2021
Mr. Brian McCormick	Gnáthchomhalta	1st August 2019 Reappointed 31st July 2022 13th January 2026
Mr. Bernard McLoughlin	Gnáthchomhalta	23rd December 2021
Ms. Eleanor O'Neill	Gnáthchomhalta	31st October 2023
Mr. Richard Shakespeare (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)	Gnáthchomhalta (ex officio)	31st October 2023

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí i dtaca le héirí as / deireadh téarma do na comhaltaí a chuir tréimhsí isteach le linn 2025:

Comhalta Boird	Ról	Deireadh Téarma / Éirí As
Pat Mangan Uasal	Gnáthchomhalta	23 Meán Fómhair 2025
Ann Fitzgerald Uasal	Gnáthchomhalta	23 Meán Fómhair 2025
Frank O'Connor Uasal	Gnáthchomhalta	23 Meán Fómhair 2025

Chuir an Bord athbhreithniú éifeachtachta Boird i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ("CIR") bunaithe ag an mBord, comhdhéanta go ginearálta de thriúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí sheachtracha, ach táimid ag earcú aon chomhalta sheachtraigh amháin faoi láthair chun an cuóta sin a líonadh. Is é ról an CIR tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais, agus an chinnteacht a bhaineann leo. Tá an CIR neamhspleách ó lucht bainistíochta na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe Coiste, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.

Is iad na comhaltaí den CIR ná Brian McCormick Uasal (Cathaoirleach), a athcheapadh an 22 Aibreán 2025, Joyce Loughnan Uasal, a athcheapadh an 18 Samhain 2025, Bernard McLoughlin Uasal, a athcheapadh an 15 Iúil 2025, agus ceapadh Iain Docherty Uasal an 19 Meán Fómhair 2025. Bhí 6 chruinniú ag an CIR in 2025.

Bhunaigh an Bord Coiste an Chláir Chaipitil (“CCC”) i mí na Samhna 2022, agus é comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird chomh maith le hionadaithe ó Chlár Caipitil an ÚNI. Is féidir leis an mBord comhaltaí breise a cheapadh má chinneann sé amhlaidh, lena n-áirítear comhaltaí neamhspleácha ó lasmuigh den Bhord. Is é ról CCC tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena bhfeidhmeanna a bhaineann le Clár Caipitil an ÚNI a chur i gcrích. I bhfianaise scála na hinfheistíochta caipitil a bhfuil an ÚNI freagrach aisti, soláthraítear socrú maoirseachta níos éifeachtaí i dtaca le gníomhaíocht sa réimse seo le bunú CCC, agus le cuid d’fheidhmeanna an Bhoird a tharmligean ar CCC. Go háirithe, cuireann CCC maoirseacht níos spriocdhírithé ar fáil i dtaca leis na mórthionscadail agus na mórchláir lena gcomhdhéantar Clár Caipitil foriomlán an ÚNI.

Tuairiscíonn CCC don Bhord tar éis gach cruinnithe Coiste. Is iad na comhaltaí de CCC ná Iain Docherty (Cathaoirleach), a ceapadh ar an 18 Samhain 2022, Eleanor O’Neill, a ceapadh ar an 18 Samhain 2022 agus Peter Strachan, a ceapadh ar an 20 Aibreán 2023. An 17 Deireadh Fómhair 2025, cheadaigh Bord an ÚNI leanúint de Iain Docherty mar Chathaoirleach CCC ar feadh an dara téarma trí bliana. Athcheapadh Bean Uasal O’Neill freisin an 20 Samhain 2025 ar feadh an dara téarma trí bliana. Bhí 11 chruinniú ag CCC in 2025.

Sceideal freastail, táillí agus speansais

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus an Choiste don bhliain 2025 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

	Bord	CIR	CCC	Táillí 2025 €	Speansais 2025 €	Táillí 2024 €	Speansais 2024 €
Líon na gcruinnithe	11	6	11				
	Cruinnithe incháilithe le freastal orthu (Cruinnithe ar freastalaíodh orthu)						
Mr. Peter Strachan	11(11)	-	11(11)	20,450	258	20,450	9,300
Ms. Anne Shaw***	2 (2)	-	-	-	-	-	-
Ms. Ann Fitzgerald	8(8)	4(4)	-	8,809	-	11,929	-
Mr. Brian McCormick	11(11)	6(6)	-	11,929	-	11,929	1,500
Mr. David Gray	-	-	-	-	-	10,159	2,092
Ms. Eleanor O’Neill	11(8)	-	11(9)	11,929	64	11,929	30
Mr. Frank O’Connor	8(7)	-	-	8,809	-	11,929	-
Mr. Hugh Creegan**	11(11)	6(6)	11(11)	-	-	-	-
Mr. Iain Docherty	11(9)	2(2)	11(11)	11,929	3,944	11,929	3,161
Ms. Joyce Loughnan	11(8)	6(6)	-	11,929	-	11,929	1,500
Mr. Pat Mangan	8(8)	-	-	-	-	-	-
Mr. Richard Shakespeare	11(10)	-	-	-	-	-	30
Speansais Eile*				-	2,188	-	-
				85,784	6,454	102,183	17,613

* Baineann Speansais eile leis an gcostas cóiríochta le haghaidh aon chruinnithe Boird amháin a réachtáladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

** Ní comhalta den CIR ná de CCC é Hugh Creegan, ach d’fhreastail sé ar chruinnithe na gcoistí sin chun saineolas breise ábhartha a chur ar fáil.

*** D’fhreastail Anne Shaw ar chruinniú an Bhoird i mí na Samhna mar POF Ainmnithe.

D'fhreastail an Dr Cyril Sullivan, ar comhalta seachtrach den CIR é, ar cheithre chruinniú den CIR le linn na bliana. Ba é €1,026 a tháille don bhliain (2024: €1,045).

D'fhreastail Bernard McLoughlin Uasal, ar comhalta seachtrach den CIR é, ar shé chruinniú den CIR le linn na bliana. B'ionann €1,539 agus a tháille don bhliain (2024: €1,283).

Tá táillí Bhord an Údaráis atá iníoctha leis tarscaoilte ag Pat Mangan Uasal.

Ní bhfuair Anne Shaw Uasal, Hugh Creegan Uasal ná Richard Shakespeare Uasal táille Bhoird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin ("DATA"). Tabhaítear speansais do Anne Shaw Uasal agus do Hugh Creegan Uasal mar chuid dá gconradh fostaíochta agus ní mar thoradh ar a bhfreastal ar chruinnithe boird, mar sin de, níor cuireadh a speansais san áireamh sa nóta seo. Ní fhaigheann Richard Shakespeare táille Bhoird faoin bprionsabal DATA toisc go raibh sé mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tráth a ceapadh chuig an mBord é.

Príomhathruithe pearsanra

Tharla na hathruithe seo a leanas i rith na bliana:

	Bord	CIR	CCC	Dáta Ceaptha/ Athcheaptha	Dáta éirí as oifig/ dheireadh an téarma
Anne Shaw	✓			24 Samhain 2025*	
Ann Fitzgerald	✓	✓			Tháinig an téarma chun críche an 23 Meán Fómhair 2025 (Bord & CIR)
Frank O'Connor	✓				Tháinig an téarma chun críche an 23 Meán Fómhair 2025
Pat Mangan	✓				Tháinig an téarma chun críche an 23 Meán Fómhair 2025
Brian McCormick		✓		22 Aibreán 2025	
Dr. Cyril Sullivan		✓		15 Iúil 2025	(D'éirigh as oifig, an 10 Deireadh Fómhair 2025)
Bernard McLoughlin		✓		15 Iúil 2025	
Iain Docherty		✓	✓	19 Meán Fómhair 2025 (CIR) 17 Deireadh Fómhair 2025 (CCC)	
Joyce Loughnan		✓		18 Samhain 2025	
Eleanor O'Neill			✓	20 Samhain 2025	

* Ceapadh Anne Shaw mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin le héifeacht ón 24 Samhain 2025. Fanfaidh an POF ceaptha fad a leanfaidh sí i mbun a ról mar POF san ÚNI.

Nochtaí a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”) comhlíonta ag an Údarás, mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

Costais shainchomhairleoireachta

Áirítear le costais shainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe “gnó mar is gnách”.

	2025 (€'000)	2024 (€'000)
Seirbhísí iompair agus comhairleacha réadmhaoine	2,590	2,513
Dlí	1,880	2,196
Comhairleach cánach agus airgeadais	212	233
Cosaint sonraí agus ullmhú RGCS	7	27
Pinsin agus acmhainní daonna	6	5
	4,696	4,974
Costais shainchomhairleoireachta a cuireadh ar fáil don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus do na Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	4,298	3,916
Costais shainchomhairleoireachta caipitlithe	398	1,058
	4,696	4,974

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Déantar miondealú sa tábla thíos ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a thabhaítear maidir le comhairle ghinearálta atá faighte ag an Údarás a nochtar sna costais shainchomhairleoireachta thuas.

	2025 (€'000)	2024 (€'000)
Imeachtaí dlí	2,038	970
Íocaíochtaí comhréiteacha agus eadrána	-	-
Costais dlí chontrapháirtí íoctha ag an gcomhlacht Stáit	-	-
Socraíochtaí	-	-
	2,038	970

Taispeántar na costais uile glan ó fháltais árachais.

Caiteachas taistil agus cothabhála

Déantar caiteachas Taistil agus Cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

	2025 (€'000)	2024 (€'000)
Taisteal agus cothú baile		
› Bord	3	11
› Fostaithe	127	108
Taisteal agus cothú idirnáisiúnta		
› Bord	2	5
› Fostaithe	97	44
	229	168

Caiteachas fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2025 (€'000)	2024 (€'000)
Fáilteachas Foirne	7	6
Fáilteachas Cliaint	1	1
	8	7

Ráiteas Géilliúlachta

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Bhí an tÚdarás i gcomhlíonadh iomlán an Chóid le haghaidh 2025.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



Peter Strachan Uasal
Cathaoirleach



Anne Shaw Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

11 Meitheamh 2026

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Raon freagrachta

Thar ceann an Údaráis, aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcaomhnaítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Leis an bhfreagracht sin, cuirtear ceanglais an Chóid san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaí

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainn chun riosca a bhainistiú

Tá an CIR comhdhéanta go ginearálta de thriúr comhaltaí Boird agus beirt chomhalta seachtracha. Tá saineolas cuí ag comhaltaí aonair den CIR sna réimsí airgeadais, iniúchta agus riosca. Bhí sé chruinniú ag an CIR in 2025.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás freisin trí úsáid a bhaint as gnólacht iniúchta tríú páirtí a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a chuireann clár oibre atá comhaontaithe leis an CIR i gcrích.

Tá creat bainistíochta riosca forbartha ag an Údarás, tá polasaithe agus nósanna imeachta gaolmhara sainmhínithe aige, agus tá a inghlacthacht riosca leagtha amach aige chomh maith. Áirítear leis na nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca sonraí faoi ról agus freagrachtaí na mball foirne i dtaca le bainistíocht riosca. Eisíodh na gnéithe cuí de na polasaithe agus na nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca don phearsanra san Údarás. Is é is cúis leis seo ná go gcuirtear cách, agus an lucht bainistíochta go háirithe, ar an airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn, lena dtarraingítear aird ar an ngá go nglacann siad freagracht chucu féin ina réimsí oibre féin. Tá Príomhoifigeach Riosca ag an Údarás a bhfuil freagracht oibríochtúil air as an gcreat bainistíochta riosca a riar.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás lena sainaitheann agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir agus is cuí, iad a mhaolú.

Sainaitheann le próisis bhainistíochta riosca príomhrioscaí os comhair an Údaráis agus tá cláir riosca i bhfeidhm ina ndéantar taifead ar na rioscaí sin. Rinneadh na rioscaí a mheas agus tugadh grád dóibh i gcomhréir lena dtábhacht. Déanann an Bord agus an CIR athbhreithniú agus nuashonrú ar na cláir ag gach ceann dá gcruinnithe. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú, a mhéid is féidir, go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- › Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe;
- › Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta lena mbaineann cuntasacht chomhfhreagrach
- › Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht bainistíochta sinsearaí agus an Bord faoi athbhreithniú;
- › Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil faisnéise agus córais teicneolaíochta cumarsáide;
- › Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint; agus
- › Cinntítear le nósanna imeachta rialála do chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha rialú leordhóthanach maidir le formheas deontais agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh i bhfeidhm an cistiú deontais chun na críocha cearta.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta le haghaidh próisis rialaithe monatóireachta lena n-áirítear aon easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh. Tuairiscítear easnaimh don lucht bainistíochta sinsearaí agus don Bhord freisin. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- › Aithníodh na príomhrioscaí agus rialuithe maidir leo agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh aitheanta a thuairisciú;
- › Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- › Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus cuireann siad le chéile tuairiscí airgeadais a chuireann feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéis.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirínte reatha maidir le soláthar a chinntiú, agus gur tabhaíodh caiteachas €3.3m le linn 2025 ar 15 chonradh i ndáil le hearraí agus seirbhísí inar úsáideadh nósanna imeachta nach raibh i gcomhréir leis na treoirínte soláthair. Baineann na cúiseanna leis an neamhchomhlíonadh le moilleanna ar athsholáthar conarthaí, mar thoradh ar mheascán de phróisis chomhairliúcháin mhargaidh a éascú, ceanglais a thabhairt isteach go himmheánach, próisis aistrithe a éascú agus gan aon aighneachtaí a bheith faighte mar chuid de phróisis athsholáthair.

Maoiniú Infheistíochta Caipitil – rialuithe

B'ionann maoiniú iomlán Infheistíochta Caipitil ón ÚNI in 2025 agus €1,053m (2024: €993 milliún). Áirítear na nithe seo a leanas i measc na srianta ar an maoiniú seo:

- › A chinntiú go mbíonn tionscadail aonair ailínithe leis an gceithre chlár infheistíochta caipitil iompair phoiblí (i.e. Sábháilteacht agus Forbairt i dtaca le hlarnród, Bonneagar Iompair Phoiblí, Inrochtaineacht agus Infheistíocht i dtaca le Taisteal Gníomhach) agus le pleananna straitéiseacha;
- › Idirghabháil rialta leis an Roinn Iompair (DoT) chomh maith le cuspóirí, spriocanna, buiséid agus infhaighteacht mhaoinithe a leagan síos in éineacht le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn lena n-áirítear anailís mhíosúil ar athraitheas;

- › Pleananna maidir le tionscadail a chur chun feidhme a ullmhú agus a fhaomhadh chomh maith le hidirghabháil dhlúth maidir le tionscadail a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, oibreoirí iompair agus údaráis áitiúla a bhfuil baint acu leis na tionscadail éagsúla a chur chun feidhme;
- › Doiciméid maidir le beartas an chláir caipitil agus nósanna imeachta de chuid an ÚNI a choinneáil agus a nuashonrú i gcomhréir le haon nuashonruithe ar bheartas agus nósanna imeachta an rialtais amhail na Treoirlínte Bonneagair, nó aon treoir earnálach ábhartha eile amhail an Creat Breithmheasa Iompair;
- › A chinntiú go mbunaítear buiséid do thionscadail aonair agus go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí monatóireacht orthu (lena n-áirítear gníomhaíochtaí réamhaisnéise rialta) lena saináithnítear athruithe agus lena ndéantar iniúchadh orthu in am trátha. I gcás tionscadal mór, tuairisciú míosúil a chinntiú i dtaca le caiteachas iarbhir a éilíodh i gcoinne bhuiséad don Bhord;
- › A chinntiú go rialaítear tionscadail agus cláir i gcomhréir le ceanglais Treoirlínte Faomhadh Tionscadail an Údaráis lena gcuirtear creat ar fáil i dtaca le gach luach caipitil chomh maith le tionscadail Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide (TFC) arna maoiniú ag an Údarás, mar aon le cur chuige céimnithe maidir le forbairt, bainistíocht agus seachadadh tionscadal soghluaisteachta de gach cineál;
- › A chinntiú go ndéantar tionscadail agus cláir a mheasúnú, a rialú, agus a sheachadadh i gcomhréir le ceanglais na dTreoirlínte Bhonneagair, an Chreata Bhreithiúnais Iompair agus treoir ábhartha eile;
- › Ag dul i mbun idirghabhála le Bord an Údaráis agus Boird / Coistí ábhartha eile amhail an Grúpa Rialaithe Mhórthionscadal de chuid na Roinne Iompair i dtaca le treoir, ceaduithe ábhartha agus seachadadh tuarascálacha ar dhul chun cinn a lorg;
- › Monatóireacht inmheánach agus seachtrach chuí agus leordhóthanach a chinntiú; agus
- › A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.

Maoiniú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) – rialuithe

B'ionann maoiniú OSP in 2025 agus €811m (2024: €701 milliún). Áirítear na nithe seo a leanas i measc na srianta ar an maoiniú seo:

- › Conarthaí seirbhíse láidre le hoibreoirí iompair phoiblí, idir chomhlachtaí Stáit agus cuideachta príobháideacha araon, maidir le seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar a bhfuil gá sóisialta leo ach nach iondúil go mbíonn siad inmharthanach ó thaobh na tráchtála de;
- › Rialuithe láidre a chinntiú i dtaca le hioncam táillí a bhailiú ar son an Údaráis;
- › A chinntiú go bhfuil rialuithe láidre i bhfeidhm maidir le róchúiteamh ar Chonarthaí Dámhachtana Díri trí úsáid a bhaint as Nótaí Creidmheasa Ráithiúla (nuair is infheidhme) agus athbhreithnithe bliantúla ar an nGlanéifeacht Airgeadais;
- › A chinntiú go gcuireann oibreoirí Pleananna Cosanta Ioncaim faoi bhráid an Údaráis i gcás chonarthaí móra, lena sainmhínítear an chaoi a dtugtar cosaint d'ioncaim;
- › I gcás gach conradh mór, tugann an tÚdarás faoi Shuirbhéanna Imghabhála Táillí chun iniúchadh a dhéanamh ar leibhéil imghabhála táillí;
- › A chinntiú gur féidir leis an Údarás íocaíochtaí bhaint d'oibreoirí ar mhaithe le hioncam caillte a chúiteamh, nuair a sháraíonn leibhéil imghabhála táillí tairseach sonrach, de réir mar a bhaineann oibreoirí iompair leas níos fearr ná an caighdeán as aon ráta imghabhála táillí ar mhaithe le hoibreoirí iompair a spreagadh chun díriú ar fheabhsúcháin sa réimse seo;

- › Tuairisciú agus monatóireacht rialta i dtaca le príomhtháscairí feidhmíochta lena n-áirítear iontaofacht agus poncúlacht seirbhíse;
- › Ceaduithe ag an Údarás i dtaca le gach athrú do na conarthaí seirbhísí iompair phoiblí;
- › Conarthaí seirbhíse poiblí a leasú chun méadú a spreagadh i dtaca le hiompar poiblí a úsáid agus chun freagairt don éileamh athraithe;
- › Cruinnithe rialta le hoibreoirí iompair phoiblí le cinntiú go bhfuil riachtanais phaisinéirí á gcomhlíonadh ag oibreoirí iompair phoiblí agus go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach acu;
- › Ag tuairisciú do Bhord an Údaráis agus DoT go rialta agus ag dul i mbun idirghabhála rialta leo; agus
- › A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.

Cuireadh rialuithe cosúil leo siúd a dtugtar achoimre orthu thuas i dtaca le maoiniú OSP i bhfeidhm maidir leis an maoiniú a chuirtear ar fáil don earnáil bhus corparáideach.

Scéim thicéadú comhtháite i dtaca leis an gcárta Leap – rialuithe

B'ionann an t-ioncam táillí iompair phoiblí a próiseáladh trí scéim chárta Leap in 2025 agus €309.2m (2024: €300 milliún). Áirítear na nithe seo a leanas i measc na srianta ar an scéim seo:

- › Réimse leathan bailíochtaithe idirbhearta a chur i gcrích ar gach idirbheart táille a phróiseáiltear sna córais Leap;
- › Cothabháil leanúnach ar chreat cuimsitheach de rialuithe airgeadais/réitigh. I measc cuspóirí eile, tá na rialuithe seo deartha chun aon neamhréir idir na córais Leap nó sna gluaiseachtaí airgeadais ar fud an scéim Leap a aithint;
- › Tacar cuimsitheach beart slándála a thabhairt isteach chun rochtain a rialú, leochaileachtaí a bhrath agus iompraíochtaí aimhrialta agus neamhghnácha ar an líonra a bhrath. Áirítear leis sin roinnt athbhreithnithe slándála agus iniúchtaí an chórais, lena n-áirítear tástálacha insíothlaithe slándála. Cothabháil leanúnach ar shraith chuimsitheach príomhtháscairí feidhmíochta (airgeadais, oibríochtúla, TFC etc.) chun aird a tharraingt ar aon treochtaí gnó neamhghnácha;
- › Athbhreithniú feidhmíochta leanúnaigh ar sholáthraithe seirbhíse ag bainistíocht scéime agus lucht bainistíochta sinsearaí an Údaráis, in éineacht le hidirghabháil dhlúth le hoibreoirí iompair rannpháirteacha;
- › Roinnt bearta leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaistí a áireamh chun athléimneacht agus cinnteacht maidir le leanúnachas gnó a chur ar fáil;
- › Iniúchadh bliantúil a dhéanamh ag iniúcháirí neamhspleácha, lena gcumhdaítear gnéithe den scéim atá á rialú agus á bainistiú ag an Údarás. Comhlánaítear é sin le hathbhreithnithe ag na hoibreoirí iompair rannpháirteacha móra, a chuireann a n-iniúcháirí neamhspleácha i gcrích, lena gcumhdaítear gnéithe den scéim a rialaíonn agus a bhainistíonn na hoibreoirí iompair; agus
- › Cuireadh measúnú ar Chaighdeán Slándála Sonraí i dtaca le hEarnáil na gCártaí Íocaíochta i gcrích le haghaidh fheidhmchlár Breisithe NFC Chárta Leap de chuid an Údaráis in 2025. Tá an deimhniú seachtrach sin ag teastáil mar gheall ar mhéid na n-idirbheart lena mbaintear amach an tairseach ábhartha.

Sócmhainní i dtaca le Feithiclí Paisinéirí Bóthair – rialuithe

Tá glanluach de réir na leabhar ag Feithiclí Paisinéirí Bóthair arbh ionann é agus €463m in 2025 (2024: €519 milliún). Áirítear na nithe seo a leanas i measc na srianta ar na sócmhainní:

- › A chinntiú go gcomhlíonann gach soláthar rialacháin maidir le soláthar poiblí de chuid an AE;
- › Bíonn foirne soláthair rannpháirteach agus cuimsithe go gníomhach le gach gné d'Fheithiclí Paisinéirí Bóthair a sholáthar;
- › Is é an Bord a dhéanann dámhachtain chonarthaí a fhaomhadh i dtaca le ceannach Feithiclí Paisinéirí Bóthair ag an Údarás mar a bhaineann sé le ceannach Feithiclí Paisinéirí Bóthair ag an Údarás;
- › Rud a chinntíonn go ndéanann Bord an Chláir Flít Busanna aon leithdháileadh, ath-leithdháileadh nó diúscairt sócmhainní Feithiclí Paisinéirí Bóthair a athbhreithniú agus a cheadú;
- › Go gcuimsítear socruithe aistrithe agus aischurtha i dtaca le Feithiclí Paisinéirí Bóthair, go dtí na hoibreoirí iompair agus uathu, mar phríomhfhoráil laistigh de na conarthaí oibreoirí ábhartha uile agus cloí leis an nós imeachta ábhartha.
- › Go dtugtar achoimre shoiléir ar fhreagrachtaí an oibreora i dtaca le bainistíocht sócmhainní Feithiclí Paisinéirí Bóthair sna conarthaí seo;
- › I gcás conarthaí dámhachtana díri, go bhfuil comhaontuithe léasa i bhfeidhm maidir le coinníollacha úsáide shócmhainní Feithiclí Paisinéirí Bóthair an Údaráis ag an oibreoir. Leagtar amach sna comhaontuithe atá i bhfeidhm na ceanglais maidir le bainistíocht sócmhainní agus cothabháil na sócmhainní sin atá faoi réir an chomhaontaithe léasa;
- › Cigireachtaí mionsonraithe ar Fheithiclí Paisinéirí Bóthair arna ndéanamh ag conraitheoir saineolach ar a laghad uair amháin gach trí bliana;
- › Cuirtear tuarascálacha ráithiúla ar fáil ar shócmhainní na bhFeithiclí Paisinéirí Bóthair a úsáideann na hoibreoirí, lena n-áirítear aon saincheistean a eascraíonn i ndáil le hoibriú, cothabháil nó deisiú sócmhainní, agus fianaise go bhfuil saincheistean a bhaineann le sócmhainní curtha i láthair ar leithligh laistigh de na tuarascálacha;
- › A chinntiú go bhfuil rialuithe láidre i bhfeidhm maidir le sócmhainní a aithint, a thaifeadadh agus a aicmiú, lena n-áirítear clár mionsonraithe sócmhainní seasta a chothabháil a dhéantar nuashonrú, réiteach agus tuairisciú ina leith gach mí; agus
- › Cosaint sócmhainní a chinntiú trí idirphlé leanúnach leis na hoibreoirí iompair maidir le húsáid na sócmhainní, lena n-áirítear athbhreithnithe fíoraithe fisiciúla bliantúla agus dearbhuithe ó oibreoirí iompair ar riocht agus stádas na sócmhainní, lena n-áirítear aon chomharthaí ar lagú.

Cibearshlándáil – rialuithe

Tá roinnt rialuithe cibearshlándála curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun riosca cibearshlándála a mhaolú agus chun bagairtí cibearshlándála a réamh-mheas. Chun sraith rialuithe slándála atá athléimneach ó thaobh cibearshlándála de a bhaint amach, tá an méid seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an Údarás:

- › A chinntiú go gcuirtear próisis rialachais, riosca agus comhlíontachta cibearshlándála i bhfeidhm go héifeachtach ar fud an Údaráis, agus tuairisciú éifeachtach i bhfeidhm chuig an bPríomhoifigeach Faisnéise (CIO), an lucht Bainistíochta Shinsearaí, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord de réir mar is iomchuí agus le minicíocht shainithe.

- › Tá rialuithe slándála curtha chun feidhme ag an Údarás i gcomhréir le creat Cibearshlándála an Institiúid Náisiúnta um Chaighdeán agus Teicneolaíocht (NIST), atá bunaithe ar chúig fheidhm shlándála (Sainaithint, Cosaint, Braith, Freagairt, agus Aisghabháil) agus tá siad i mbun ailínithe le creat rialuithe nuashonraithe NIST CSF 2.0.
- › Tacaíonn foireann slándála an Údaráis le comhlíonadh PCI DSS (Caighdeán Slándála Sonraí Tionscail Cáirte Íocaíochta), GDPR (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), an Treoir NIS (Slándáil Líonra agus Faisnéise) agus Caighdeán Bonnlíne Cibearshlándála na hEarnála Poiblí in Éirinn;
- › Próisis bhainistíochta leochaileachtaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun a chinntiú go ndéantar gach leochaileacht slándála a shainaithint, a rianú, go ndéantar measúnú riosca orthu/go nglactar leo agus go ndéantar iad a réiteach i gcomhréir leis an mbeartas comhaontaithe maidir le bainistíocht leochaileachtaí agus paistí;
- › Athbhreithnithe slándála agus tástálacha insíothlaithe a dhéanamh ar chórais lena chinntiú go bhfuil córais slán nuair a sheoltar iad agus go bhfanann siad slán ar bhonn leanúnach;
- › A chinntiú go ndéantar gach teagmhas slándála agus sárú sonraí a bhainistiú go héifeachtach tríd an bpróiseas bainistíochta teagmhas;
- › Seasamh slán scamall agus ar an láthair a sholáthar trínár líonraí, ár mbonneagar agus ár bhfeidhmchláir a dhaingniú, agus trí chleachtais slándála tionscail lena dtugtar sainmhíniú ar ár soláthraithe scamall a chur i bhfeidhm;
- › Cumais mhonatóireachta slándála agus faisnéise faoi bhagairtí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir leis an Údarás bagairtí slándála a aithint go luath, agus go mbeidh sé in ann iad a réamh-mheas agus ár líonraí, ár mbonneagar agus ár bhfeidhmchláir á gcosaint ag an am céanna;
- › Sraith chuimsitheach bearta slándála a ionchorprú chun a chinntiú go ndéantar leanúnachas gnó agus téarnamh ó thubaiste a bhainistiú trí phróisis shonracha agus go gcumasaítear iad le réitigh theicneolaíochta iomchuí. Déantar tástáil rialta agus athbhreithniú bliantúil ar ár bpleananna leanúnachais ghnó, bainistíochta teagmhas, freagartha cibearshlándála agus téarnaimh ó thubaistí lena chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta agus oiriúnach don chuspóir;
- › A chinntiú go gcuirtear rochtain úsáideora ar fáil i gcomhréir lenár mbearta inmheánacha agus go bhfuil an rochtain a shanntar d'úsáideoirí caighdeánacha agus pribhléideacha bailí agus i gcomhréir le prionsabal “riachtanais eolais” an ghnó;
- › Athbhreithnithe rialta tríú páirtí ar bhainistíocht riosca a chur i gcrích ar ár soláthraithe agus ar ár gcomhpháirtithe straitéiseacha chun riosca a aithint ag tús tionscadail agus ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, sainmhínítear agus déantar príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) conarthacha iomchuí a thomhas gach mí. Tá sraitheanna cosanta iolracha curtha i bhfeidhm ag ár bhfoireann slándála, chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh conarthaí mar a bhaineann sé le slándáil agus le dualgais a dheighilt ionas gur féidir leis an bhfoireann slándála dul i gcomhairle leis an bhfoireann TF maidir le rialuithe slándála iomchuí a chur i bhfeidhm, chomh maith le comhairle éifeachtach a thabhairt dóibh;
- › Cloíonn ár dtionscnaimh tionscadail uile lenár modheolaíocht slán de réir dearaidh agus réamhshocrú, agus tá rialuithe slándála ionsuite iontu ag tús tionscadail nó gníomhaíochta soláthair ar bith. Tá ár seirbhísí comhairleacha agus ailtireachta struchtúrtha le go gcuimsítear iad i ngach céim de threoirlínte ceadaithe tionscadail an Údaráis agus tá ár bhfoireann oifigeach slándála agus ailtirí ag cur le rialuithe agus moltaí atá dírithe ar shlándáil;

- › A chinntiú go bhfaigheann gach fostaí den Údarás oiliúint feasachta slándála ag an ionduchtú agus go bliantúil. Ina theannta sin, seoltar ríomhphoist agus comhairle feasachta go rialta bunaithe ar an tírdhreach bagairtí cibearshlándála dinimiciúil;
- › Dhá fheachtais fioscaireachta “insamhlaithe” mhíosúla a chur i gcrích le fostaithe an Údaráis chun an bhagairt fioscaireachta a thomhas go leanúnacha, agus oiliúint bhreise a chur ar fáil más gá; agus
- › Rialuithe príobháideachais sonraí agus cosanta sonraí a chur i bhfeidhm go leanúnach inár n-oibríochtaí agus inár bpróisis slándála - amhail aicmiú sonraí, athbhreithnithe ar chosc caillteanais sonraí agus monatóireacht slándála chun a chinntiú go mbaintear comhlíonadh RGCS amach agus go dtacaítear leis le bearta teicniúla agus eagraíochtúla leordhóthanacha.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta rialaithe agus bainistíochta riosca. Mar bhonn eolais don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an tÚdarás ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tá obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht Bainistíochta Sinsearaí laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2025 i mí Feabhra 2026.

Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2025, nó ar an dáta ar ar síníodh na ráitis airgeadais, a bhfuil nochtadh ag teastáil ina leith sna ráitis airgeadais.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



Peter Strachan Uasal
Cathaoirleach



Anne Shaw Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

11 Meitheamh 2026

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (p1/3)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National Transport Authority

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Transport Authority for the year ended 31 December 2025 as required under the provisions of section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Transport Authority at 31 December 2025 and of its income and expenditure for 2025 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Transport Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Transport Authority has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Delay and cost overrun on the National Train Control Centre project

In July 2019, the National Transport Authority approved an Iarnród Éireann project to develop a new National Train Control Centre (NTCC) to manage and regulate all train movements on the national rail network. The project includes the construction of a new train control centre building at Heuston Station, the refurbishment of the existing central train control centre at Connolly Station, and the development of a new train traffic management system and back-up facility.

The original plan was that whole project, including the new traffic management system and back-up facility, would be completed by March 2025. The original project budget was €148 million.

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (p2/3)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Report of the Comptroller and Auditor General (continued)

Note 25 to the financial statements discloses that expenditure on the project to end 2025 totalled €148.3 million, with a further €12.2 million committed for subsequent periods of account. The Authority states that, based on its current estimates, the forecast project cost outturn is expected to be in the range of €175 million to €205 million. The cost overrun is attributed to delays and issues associated with the delivery of the traffic management system. The note also discloses that Iarnród Éireann has included an impairment charge in respect of the project in its financial statements for 2025.

Costs of storage of electric buses

Note 7 to the financial statements discloses that costs of €6.96 million have been incurred over the period 2022 to 2025 in relation to the storage and servicing of new electric buses not yet in use. The storage and servicing cost for 2025 was €1.27 million. The deployment of the stored buses into the operational fleet was delayed due to a requirement to provide charging infrastructure.

Non-compliance with procurement rules

The statement on internal control discloses that a material level of non-compliance with procurement rules occurred in respect of contracts that operated in 2025.



Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

17 June 2026

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (p3/3)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended) to audit the financial statements of the National Transport Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

